COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

I bpáirt leis an bpobal

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Réamhrá Bhainisteoir an Chontae 3

Ráiteas Misin 4

Comhaltaí na Comhairle 5

Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna & Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide 6

An Pobal, Forbairt Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae, na hEalaíona, Spóirt & Leabharlanna 17

Timpeallacht, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála 34

Iompar & Seirbhísí Uisce 48

Bainistiú Airgeadais 56

Comhairle Baile Phort Laoise 59

Comhairle Baile Mhóinteach Mílic 60

Gníomhaíochtaí Eile 64

Foscríbhinni 65

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn 68

Cúis mhór áthais dom mar Chathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae Laoise a sheoladh do 2010.

Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo deis imlíniú a dhéanamh ar éachtaí na Comhairle i 2010 agus imlíniú a dhéanamh ar an réimse leathan seirbhísí a sholáthraímid do thairbhe an uile dhuine sa Chontae. Ba mhaith liom dian-shaothar agus díograis na mball tofa agus na foirne uile i dteannta liom a aithint i dtaobh seachadadh na seirbhísí seo.

Le linn 2010, lean an Chomhairle ag cabhrú go dearfach le caighdeán saoil ár bpobail le hoscailt na Leabharlanna nua i Móinteach Mílic agus i mBaile Uí Laigheanáin agus le feidhmiú buacach leanúnach na gcoimpléasc fóillíochta i gCúl an tSúdaire agus i bPort Laoise. Bhain Laois tairbhe, chomh maith, as buaic breise i nDuaiseanna Bród As d' Áit an Uile Oileáin i 2010.

Bhí Comhairle Chontae Laoise gafa arís le heagrú agus le cur chun cinn ócáidí móra sa chontae i 2010, mar Cluichí Ceannais Rós Thrá Lí, Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise, Féile Magnet, an Picnic Aibhléise, na Comórtais Lomadh Caorach Uile Éireann & Idirnáisiúnta agus Railí Gordon Bennett. I dteannta le huasghrádú a dhéanamh ar phróifíl an Chontae, bíonn tionchar dearfach ag óstaíocht feilte móra dá leithéid ar an ngeilleagar áitiúil.

Sé an dúshlán atá ós comhair na Comhairle ná leanúint ag soláthar seirbhísí d'ard- chaighdeán agus gach gné d'fhorbairt an chontae a chur chun cinn in ainneoin na gcúinsí eacnamaíochta dúshlánacha. Táim muiníneach go leanfaidh Comhairle Chontae Laoise le h-aghaidh ar a cuid dúshláin.

James Deegan
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Tá an-áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae Laoise do 2010, rud a sholáthraíonn deis dúinn machnamh a dhéanamh ar na héachta le bliain anuas.

Chuir 2010 a lán dúshlán os comhair na Comhairle maidir le bainistíocht bhuiséadach agus timpeallacht oibre atá ag athrú go mear. Dheimhnigh fórsa oibre tiomanta, áfach, i dteannta le tacaíocht dearfach na mball tofa gur oibrigh Comhairle Chontae Laoise go héifeachtach agus gur bhaineadar amach torthaí dearfacha laistigh de pharaiméadair theoranta bhuiséadacha.

Sásaíodh gar-spriocanna móra le hoscailt na gcodanna deiridh de mhótarbhealach an M7/M8. Bhí feabhsúcháin mhóra ar insroichteacht Laoise mar thoradh ar seo agus déanann sé féidearthacht mór a thairiscint i dtaobh úsáid a bhaint as ár lár-ionadaíocht agus ár bhforbairt geilleagair a dheimhniú le linn na mblianta atá le teacht. Maidir le bonneagar fisiceach agus sóisialta, bhí dul chun cinn maith bainte amach i gContae Laoise agus dealraíonn sé seo go maith don dtodhchaí.

Agus ag tabhairt aird ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá i bhfeidhm ar an dtír ina iomlán, tá sé níos tábhachtaí fós go leanann an Chomhairle ag tabhairt ceannasaíochta dearfaí ag leibhéal áitiúil. In ainneoin na ndúshlán tromchúiseacha atá ós ár gcomhar, táim muiníneach go leanfaidh an dul chun cinn má oibrímid i bpáirtíocht le céile agus fócas géar a bheith againn agus na rudaí cearta a dhéanamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an fhoireann uile as ucht a gcuid díograis agus a gcuid tiomantas sna hamanna deacra seo. Ba mhaith aitheantas a thabhairt, chomh maith, do thacaíocht na mball tofa sna tionscnaimh fhlúirseacha gur tugadh aghaidh orthu i 2010. Táim ag súil le leanúint ag obair i bpáirtíocht dearfach chun breis fhorbartha a dhéanamh ar ár dtír le linn na mblianta atá le teacht.

Peter Carey
Bainisteoir an Chontae

"Beidh an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha ár gContae agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ardcháilíochta do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar gh-níomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus for-bartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí an Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise - ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhaointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, seacht chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus sé gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí.

Baill Tofa leis an Bainisteoir Contae ag CCB Comhairle Contae Laoise – Meitheamh 2009

Cruinnithe Comhairle

Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2010 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae. Ní raibh cruinniú ar bith i Lúnasa.

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoir-leach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfheidhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 11 uair i 2010.

Toghadh na Comhaltaí seo a leanas do Chomhairle Contae Laoise
i Meitheamh 2009.

Toghcheantar Bhuiríos Mór Osraí

John Joe Fennelly (F.F.)

Michael Lalor (F.G.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (F.F.)

John Bonham (F.G.)

Martin Phelan (F.G.)

Toghcheantar Ioma

Raymond Cribbin (F.F.)

Paul Mitchell (Non Party)

Tom Mulhall (F.G.)

James Deegan (F.G.)

Toghcheantar Log an Churraigh

James Daly (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Padraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Non Party)

Toghcheantar Mhóinteach Mílic

David Goodwin (F.G.)

Patrick Bracken (F.F.)

Patrick Bowe (Labour)

Seamus McDonald (F.F.)

Toghcheantar Phort Laoise

William Aird (F.G.)

Brian Stanley (S.F.)

Mary Sweeney (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Kathleen O'Brien (F.G.)

Rotimi Adebari (Non Party)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha: Carmel McNicholl

Ceannaire ar Chórais Faisnéise: John Forde

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle le Plean Corparáideach nua ó 2009 – 2014 i mí na Nollag, 2009.

Sa Phlean Corparáideach seo soláthraítear an chreatlach do straitéis chomhtháite a chur i bhfeidhm lenár gContae a fhorbairt do na cúig bliana atá romhainn agus ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin le fostaithe, ionadaithe tofa, leasanna pobail, deonacha & comhshaoil, páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí poiblí eile a fheidhmíonn ag an leibhéal áitiúil.

De bharr na straitéisí agus na gcuspóirí a bhfuil breac-chuntas sa Phlean orthu, beidh Comhaltaí Tofa agus Fostaithe Chomhairle Contae Laoise in ann leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le saol cultúrtha, geilleagrach agus sóisialta an Chontae. Cuirfear le ról na gComhaltaí Tofa fad agus a leanfar de sheirbhísí spriocdhírithe, níos comhordaithe, níos éifeachtaí, agus níos éifeachtúla a sholáthar don phobal.

Ullmhófar Tuarascáil bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus cuirfear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa í lena breithniú

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín www.laois.ie . Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Príomhphointí

- 24ú Meitheamh, 2010 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir an Ghrúpa Red Eagles mar aitheantas ar an éacht a dhéan siad i dtaobh bhailiú airgid agus meabhraíocht a d'ardú le haghaidh Déag-Líne na hÉireann.
- Thaisteal Dealagáideacht ó Chontae Laoise, leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir James Deegan, Bainisteoir an Chontae, Peter Carey, an Comhairleoir John Bonman agus ionadaithe ó Chumann Lucht Tráchtála, C.G.O. Laoise agus Gailf Laoise ina measc go Montebelluna, san Iodáil i Samhain 2010 le haghaidh shíniú thosaigh na Mionna Nasctha.
- 29ú Samhain, 2010 – Síniú foirmiúil na Mionna Nasctha idir Chontae Laoise agus Bardas Montbelluna, an Iodáil ag Áras an Chontae.

24 Meitheamh 2010 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir an Ghrúpa Red Eagles

Scéim na Gaeilge 2009 - 2012

Dhearbhaigh an t-Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta scéim Teanga na Gaeilge ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla Laoise agus a tháinig i bhfeidhm ar an Iú Nollaig, 2009, ar feadh tréimhse 3 bliana. Ta an scéim le fáil ar ár líonláithreán www.laois.ie.

Tuigeann Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn ins an teanga is rogha leo agus tabharfar gach áis dóibh ina gcuid caidrimh linne, chomh fada agus is féidir, bíodh sé sin trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla. Ceann de phríomh aidhmeanna le Scéim na Teanga seo a dheimhniú go bhfuil caighdeáin na seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge níos airde mar gurab í an chéad teanga oifigiúil na Tíre seo í.

Tá foireann feidhmiúcháin ionadaigh ar gach réimhse feidhmiúcháin den Chomhairle. Forbrófar plean cur i bhfeidhm mar aon le sceideal na mbeart atá riachtanach chun go slánófaí gealltanais na Scéime.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh as Gaeilge leis an gComhairle ,cuir ríomhphoist chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ard Oideachais

Bronnann Comhairle Chontae Laoise Deontais Ard Oideachais faoi Achtanna an Údaráis Áitiúil (Deontais Ard Oideachais), 1968-1992, ar son an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh iarrthóir na riachtanais a shásamh mar atá siad leagtha amach sa Scéim chun bheith intofa do dheontas faoin Scéim. Tá an Scéim á fógairt ar bhonn bhliantúil agus is é an dáta deiridh chun glacadh leis na hiarratais líonta ná an 31ú Lúnasa gach bliain.

Tá sonraí na Scéime agus na foirmeacha iarratais ar fáil de ghnáth in Iúl ó Rannóg Deontais Ard Oideachais ag heg@laoiscoco.ie, Fón: (057) 8664137, nó ar ár Suíomh Idirlín ag ww.laois.ie/heg.

I 2010, bhí 651 iarratas ina iomlán soláthraithe le haghaidh chúnamh deontais, le hiarratais a athnuachan agus iarratais nua san áireamh. Bhí maoiniú i dtaobh an deontais cothabhála laghdaithe 4% i mbuiséad na Nollag agus bhí sé infheidhmithe ón 1ú Eanáir 2010.

Bé an méid iomlán a íocadh amach i 2010 maidir leis na Deontais Ard Oideachais ná €3,628,665.13.

Sláinte & Sábháilteacht

Comhairleoir Sábháilteachta: Jim Bolger

Forbraíodh Modhanna Oibre Sábháilte (MOS) do gach gníomhaíocht oibre. I dtreo is go n-uasghrádaítear ár bpróiseas comhairlithe bhí traenáil soláthraithe do Ionadaithe Sábháilteachta ós na Seirbhísí Dóiteáin. Deimhneoidh an tionscnamh nua seo go bhfuil ionadaíocht ag Seirbhís na Tine ar choiste sábháilteachta príomha Comhairle Chontae Laoise.

Leathnaíodh 'Pleananna na gCóras Oibre Sábháilte' (PCOS) de chuid an Údaráis Sábháilteachta chun earnálacha eile lasmuigh de bhóithre a chlúdach mar is cuí.

Déanadh athbhreithniú agus d'aistríodh na ráitis sábháilteachta coimhdeacha mar is cuí. Bhí cigireachtaí an láthair oibre seolta ar bhonn trasstiúrthóireachta.

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2010:

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheard Chumainn
John Daly	Tom Saunders
Anna Marie Delaney	Anne Marie Maher
Angela McEvoy	Bernie Kilbride
John O'Donoghue	Tom O'Carroll
Gerry Maher	Valerie O'Reilly

Bhí ceithre cruinniú ar siúl ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2010, agus, cúis bhróin ab ea é, nach rabhadar in ann bualadh le céile le linn na Gníomhaíochta Tionsclaíoch náisiúnta de bharr roinnt Ceardchumann ag tarraingt siar ón bpróiseas ar bhonn náisiúnta.

Bhí dhá cruinniú ar siúl ag Grúpa Oibre na mBóthar HSCTP le linn 2010.

Bhí dhá Cruinniú Coimre Foirne ar siúl ag Bainisteoir an Chontae i 2010, i Mí Feabhra agus i Mí na Samhna chun a chur in iúl don fhoireann faoi na dúshláin atá ós comhair Chomhairle Chontae Laoise le linn 2010.

Lean an traenáil trí an Cúrsa Náisiúnta FETAC, a bhí déanta ag CGO Laoise agus chríochnaigh ochtar Oibrí Lasmuigh é.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Thosaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 ar an 21 Aibreán, 1998 do Ranna agus Oifigí Rialtais agus roinnt Comhlachtaí Rialtais eile ar an 21 Deireadh Fómhair, 1998 d'Údaráis Áitiúla agus do Bhoird Sláinte. Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 i bhfeidhm an 11 Aibreán, 2003. Chuir an tAcht roinnt leasuithe tábhachtacha i bhfeidhm ar Acht 1997, go suntasach maidir le hAlt 19 (Taifid Rialtais), Alt 20 (Breithniúcháin Chomhlachtaí Poiblí), Alt 24 (Slándáil, Cosaint agus Caidreamh Idirnáisiúnta) agus Alt 47 (Táillí).

Caithfear gach iarratas ar Shaoráil Faisnéise a phróiseáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, arna leasú.

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2010

Iarratais ar láimh ag 31/12/2009	0
Iarratais a fuarthas le linn 2010	38
Breitheanna a déanadh le linn 2010	38
Iarratais ar láimh ag 31/12/2010	0

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	20
Neamh-Phearsanta	18

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	1
Achomhairc don Ard Chuairt	0

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	5
Gnó	0
Baill Oireachtais	0
Baill an Údaráis Áitiúil	0
Eile/An Pobal Ginearálta	33

Clár na dToghthóirí 2010/2011

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois - Uíbh Fháilí	54,420	55,067

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Cúige Laighean	55,564	244

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Bhuiríos Mór Osraí	13,967
Ioma	9,156
Log an Churraigh	9,459
Móinteach Mílic	9,016
Port Laoise	15,277
Total:	56,875

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	
Gardaí	3
Fórsaí Cosanta	231
Taidhleoirí	4
Iad siúd le Máchail choirp	50
Oibre Etc.	7
Toghthóirí Speisialta	59

Toghthóirí Rialtais Áitiúil na gComhairle Bhuirg nó nagComhairle Bhaile

Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic	2,988
Comhairle Bhaile Phort Laoise	8,279
Iomlán	11,267

COMHDHÁLACHA A nDEARNADH FREASTAL ORTHU IN 2010

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Líon Toscairí	Caiteachas
A Guide to Child Protection	Leitir Ceanainn	15 - 17Ean	3	€2,431.27
Delivering Lifelong Learning in Disadvantaged Communities	Baile Átha Cliath	21 Ean	1	€105.48
Tourism in the 21st Century	Aontraim	28 - 30 Ean	1	€673.62
Planning Seminar for Councillors	Luimneach	29 - 30 Ean	4	€1,575.99
Association of Municipal Authorities Spring Seminar	Sligeach	12 - 13 Feab	6	€3,386.12
Bioenergy Conference	Tiobraid Árann	18 Feab	1	€194.03
Change Management in Local Government	Cathair na Mart	19 - 21 Feab	2	€1,298.10
The Role of Small Enterprises in Overcoming the Recession	Leitir Ceanainn	26 - 28 Feab	7	€5,399.87
Annual Museum Conference	Sligeach	26 - 28 Feab	1	€536.51
The Local Government Housing Service	Cill Airne	18 - 20 Már	3	€1,773.83

TITHÍOCHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, PLEANÁIL CHORPARÁIDEACH, ACMHAINNÍ DAONNA & TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Líon Toscairí	Caiteachas
Energy Security – Ireland on the Edge	Baile Átha Cliath	25 Már	1	€59.86
Exploring Arts & Culture Through Town Twinning	Lios Tuathail	25 - 27 Már	2	€784.01
Irish Management, Media & IT Skills	Co. Corcaigh	26 - 28 Már	2	€1,210.09
Climate Change, Impacts & Strategies	Leitir Ceanainn	26 - 28 Már	1	€786.17
Local Authority Members Association	Sligeach	9 - 10 Aib	10	€5,254.37
Banking, Insurance & NAMA	Trá Lí	16 - 18 Aib	4	€2,373.25
Impact of EU Environmental Policy in Ireland	Bealach an Doirín	27 Aib	1	€240.39
Waste Management Exhibition	Baile Átha Cliath	20 Beal	1	€105.45
Waste Management Regulations Prohibition of Waste Disposal	Luimneach	28 - 29 Beal	3	€1,554.86
Defamation Seminar	Luimneach	28 - 29 Beal	3	€1,149.87
Transformation of the Public Sector	Trá Lí	4 - 6 Meith	2	€1,199.81
Wars of Independence Challenging Authority	Co. Liatroma	18 - 20 Meith	7	€3,466.38
A Practical Guide to Embracing School Networking as the Modern Medium for Councillors	Leitir Ceanainn	18 - 20 Meith	1	€737.68
Retail Market Conference	Baile Átha Cliath	25 - 26 Meith	1	€205.74
Housing (Miscellaneous Provisions) Act 2009	Cill Dara	16 - 18 Iúil	1	€407.31
2010 Patrick McGill Summer School	Na Gleannta	18 - 23 Iúil	10	€9,518.19
Parnell Summer School	Co. Chill Mantáin	8 - 13 Lún	2	€1,811.97
Merriman Summer School	Inis	18 - 22 Lún	1	€572.79
Entrepreneurs & Economists – Concensus or Conflict	Trá Lí	8 - 10 MF	1	€580.56
Association of Municipal Authorities Conference	Co. Dhún na nGall	9 - 11 MF	4	€2,967.68
9th Annual Rural Water Services Conference	Co. Mhaigh Eo	16 MF	1	€349.46
Performance Management & Development	Gaillimh	17 - 19 MF	1	€465.28
Suicide is Everybody's Business	An Cabhán	18 MF	1	€229.11
Planning Applications Professional Indemnity	Gaillimh	24 - 26 MF	1	€580.59
Building a Social Response	Cill Airne	7 - 8 DF	2	€1,067.16
Local Authority Members Association	Lios Tuathai	8 - 9 DF	3	€1,332.50
Douglas Hyde Conference	Ros Comáin	15 - 16 DF	4	€1,706.46
Planning & Development Conference	Ros Comáin	15 - 17 DF	2	€992.44
Alternative Energy	Maigh Nuad	22 - 24 DF	1	€485.51
Criminal Law Bill 2010	Gaillimh	29 - 31 DF	5	€2,577.89
The Future of Local Areas to 2021	Co. Corcaigh	11 - 12 Samh	4	€1,035.99
Radon A Hidden Killer	Trá Lí	12 - 14 Samh	5	€2,819.90
Where' s The Harm	Trá Lí	19 Samh	2	€807.66
Getting Ahead of the Curve	Baile Átha Cliath	19 Samh	1	€183.86
Achieving World Class Tourism	Inis Díomáin	25 - 27 Samh	10	€5,799.08
Enforcing EU Environment Law	Baile Átha Cliath	26 Samh	1	€239.01
Waste Management (Food Waste) Regulations	Leitir Ceanainn	3 - 5 Noll	1	€590.65
The Key Role of Local Government	Gaillimh	6 Noll	2	€475.00
Water Conservation The Impact of the Rainwater Harvesting	Gaillimh	14 - 15 Noll	3	€1,091.61
New EPA Guide on Planning Applications	Trá Lí	17 - 19 Noll	4	€2,547.57
Council Budgets 2011	Trá Lí	17 - 19 Noll	4	€3,006.63
Building Regulations – Renewable Energy	Trá Lí	17 - 19 Noll	6	€3,351.08
TOTAL				**€84,095.69**

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

Cathaoir: John Moran M.C.C.

Baill	Ranna
Willie Aird, M.C.C.	Pat Flanagan
Brian Stanley, M.C.C.	Mick Dowling
James Daly, M.C.C.	Miriam Hamilton
Mary Sweeney M.C.C.	Michael Kelly
Catherine Fitzgerald M.C.C.	
Rosemary Whelan, Mountmellick T.C.	

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Michael Rainey

Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin: P.J. Dempsey

Oibrí Sinsearach Sóisialta: Fionnuala Daly

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Príomhphointí i rith 2010

- Leanúint le hobair ar Ionad Acmhainne Phort Laoise chun spriocdháta críochnaithe go luath i 2011 a bhaint amach.
- Bunú Comhlacht Bainistíochta, Treo Nua Teo, chun bainistíocht a dhéanamh ar an Ionad Acmhainne nua.
- Críoch le eagraithe léasaithe fad-théarmacha leis an gCumann Tithíochta Steer go raibh 14 aonad lóistín mar thoradh air.
- 21 aonad tithíochta sóisialta seachadta go buacach.
- Ceadú le haghaidh 12 aonad tithíochta deonacha i bPort Laoise agus i Móinteach Mílic
- Uasghrádú a dhéanamh ar 40 aonad sóisialta faoin gClár Éifeacht Fuinnimh.

Tuarascáil ar SPC

Bhuail CCS Tithíochta & Sóisialta le céile i Márta, i Meitheamh, i Samhain agus i Mí na Nollag, 2010. Bhí na polasaithe seo a leanas aontaithe agus ceadaithe le linn 2010:

- Straitéis Iompraíochta Fhrithshóisialta
- Polasaí Scéim um Chóiríocht ar Chíos
- Polasaí Cothabhála Tithíochta
- Díolachán Scéim na Suíomh Príobháideach

Scéim do Lóistín ar Cíos

Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh. Tá breis eolais maidir leis an scéim le fáil ar www.laois.ie.

Eagraithe Léasaithe Sóisialta

Le cead na Roinne, chuaigh Comhairle Chontae Laoise isteach i gComhaontas le Cumann Tithíochta Steer le haghaidh léasadh fad-théarmach ceithre aonad déag i bPort Laoise. Tá roinnt chomhaontais eile leis na heagraíochtaí tithíochta sa phíblíne agus beidh siad ar bun i 2011.

Tógáil & Éadáil Tithíochta

I rith na bliana, tógadh nó ceannaíodh 21 teach faoin gClár seo. Is é seo a leanas an briseadh síos:

Ceannach áiteanna cónaithe dara láimhe	14 aonad
Áiteanna Cónaithe Tuaithe	3 aonad
Tógáil áiteanna cónaithe nus	2 aonad
Aonaid Chuid V	2 aonad
IOMLÁN	**21 aonad**

Ba é €6,500,00 an Riar Caipitil do 2010 agus úsáideadh an tsuim seo go léir.

Achoimre ar an gClár

Tithe á dtógáil ag 31/12/2009	22
Tithe a tosaíodh i 2010	14
Tithe a chríochnaíodh i 2010	21
Tithe á dtógáil ar an 31/12/2010	15

(Tá idir tithe in-dí-shuite, tithe á gceannach dara lámhach agus éadáil Cuid V san áireamh san achoimre thuas.)

Athghiniúint Chnoc Maí

Tar éis chomhairliúcháin fhorleathain, d'ullmhaigh Comhairle Chontae Laoise máistirphlean le haghaidh athfhorbairt Eastáit Chnoc Maí a chos-naíonn na h-il-mhilliúin euro.

Críochnaíodh Céim1/Clár Píolóta ag Plás Duilleoige Daraí i Nollag, 2009. Cé nach raibh aon mhaoiniú caipitil ar fáil i 2010 le haghaidh Chéim 2 den mháis-

tirphlean, críochnaíodh roinnt oibreacha feabh-súcháin sa cheantar faoin gClár Éifeacht Fuinnimh.

Ionad Acmhainne Phort Laoise

D'aithin máistirphlean Chnoc Mhaí an gá, chomh maith, le foirgneamh seirbhísí pobail roinnte a dhéanfaidh na seirbhísí éilithe a sheachadadh ar bhonn áitiúil.

Bhí an conradh le haghaidh thógáil an fhoirgnimh sínithe i Samhain, 2009 agus thosaigh obair ar an láthair tamall gearr ina dhiaidh san. Sé dáta oifigiúil an aistrithe ná Márta, 2011. Bunaíodh Comhlacht Bainistíochta, Treo Nua Teo, i 2010 chun bain-istíocht a dhéanamh ar an gcoimpléasc.

Beidh clinic FSS, crèche mór, seomraí tar éis na scoile, oifigí Ionad Acmhainne Clainne, oifig Chomhairle Chontae Laoise, réimse seomraí traenála le seomra ríomhaire feistithe ina iomlán ann, seomraí cruinnithe ginearálta, siopa agus caife san áireamh ann. Tá an fhorbairt tacaithe ag Comhairle Chontae Laoise, ag FSS, ag Páirtíocht Laoise, ag Pobal, ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus ag an Ionad Acmhainne Clanna.

Cuid V – Straitéis Tithíochta

De réir Chuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, tógadh 2 n-aonad tithíochta (sóisialta) i 2010.

Aonaid Cuid V ag Radharc an Ghleanna, An tSráid Bhaile

Cothabháil Stoc na nÚdarás Áitiúil

Bhí 2,032 tigh i stoc ar chíos ag an gComhairle ag an 31ú Nollag, 2010 agus bhí 97.3% díobh amuigh ar chíos ag deireadh na bliana.

Le linn na bliana 2010, bhí 2,739 iarratas deisithe faighte ag an Rannóg Cothabhála agus bhí 2,562 díobh críochnaithe (93.5%).

Earnáil um Thithíocht Deonach

I 2010, d'éirigh le Cumann Tithíochta Helm cead a d'fháil do 8 n-aonad faoin Scéim Cúnaimh Caipitil i bPort Laoise, faid is gur tugadh cead do Chumann Tithíochta Abhainn Easa do Dhaoine le Míchumas Intleachta Ortha le haghaidh cheithre aonad i Móin-teach Mílic, faoin Scéim Chúnaimh Caipitil.

Tithíocht Inacmhainne

Tá tithe ar díol faoi láthair i Sráidbhaile Marybor-ough, Port Laoise agus i Cluain Rúisce chomh híseal le €89,000. Tá breis eolais le fáil ar www.laois.ie agus ar www.daft.ie

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i Bhaile an Chaisleáin, Bhaile Ruadháin agus Cluain na Slí. Is é costas ceannaithe na suíomh seo ná: Bhaile an Chaisleáin - €25,000, Bhaile Ruadháin - €30,000 agus Cluain na Slí - €20,000.

ach tá roinnt iarrthóirí i dteideal fhóirdheontas suímh. Ba chóir dóibh san go bhfuil suim acu ina lei-théid teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta le haghaidh sonraí.

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Síntí le Tithíocht Údarás Áitiúil:

Faighte	2
Críochnaithe	2

Oibreacha Feabhsaithe in ionad Tithíocht Údaráis Áitiúil:

Tosaithe	4
Críochnaithe	3

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	66
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	74
(Iomlán €)	683,009

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	49
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	50
(Iomlán €)	208,114

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	169
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	185
(Iomlán €)	946,630

Scéim Ceannaithe do Thionóntaí:

Iarratais Faighte	21
Tithe Díolta	1

Iasachtaí Tithíocht:

Méid Iasachta	10
(Iomlán €)	1,101,748

Cíos Tithíochta

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar a Scéim Cíos Difreálach ar bhonn bhliantúil. Ba é €41.00 an meánchíos seachtainiúil in 2010.

Lóistín don Lucht Siúil

Ghlac an Chomhairle leis an gClár reatha i mí Eanáir 2009 agus ritheann sé ó 2009 go 2013. Réitíodh an Clár Cóiríochta don tréimhse 2009 – 2013 de réir na bhforálacha a leagtar amach in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

Freastalaíonn sé ar riachtanas (reatha) 37 teaghlach agus 18 dteaghlach a mheastar a mbeidh riachtanas acu.

Il 2010, fuarthas lóistín do 8 gclann i ngnáth Tithíochta an Údaráis Áitiúil.

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2010 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

- Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Ghinearálta
- Modhanna Ceansaithe Tráchta
- Iompar frith-shóisialta

Comórtas don Eastát is fearr 2010

Catagóir A: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte sa bhreis ar 10 mbliain

An Chéad Duais: Clós Chlann Mhaoilíora, Cúil an tSúdaire (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Catagóir B: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte idir 3-10 mbliana

An Chéad Duais: Sean Doire, Dárú (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Catagóir C: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte níos lú ná 3 bhliain

An Chéad Duais: Sruthán na Cluana, Ros Fhionnghlaise (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Duais Speisialta: Eastát a chuir an feabhas is mó ar an áit

Ardán na Sean-Cheárta, Maighean Rátha (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

I 2010, bhí 78 Comhchaidreamh Áitreabhach ag fail tacaíochta ón Roinn Tithíochta.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse – Éifeachtach ón 1 Eanáir, 2010

31/12/2010

H: Tithíocht

H.1 Folúntais Thithíochta

Líon iomlán áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil:	2032
Líon iomlán áiteanna cónaithe seachas iad siúd atá faoi réir tionscadal móra athchóirithe:	2028
% iomlán áiteanna cónaithe atá folamh (seachas iad siúd atá faoi réir athchóirithe mór):	2.32%
% d'áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean:	94%
% d'áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean:	6%

H. 2 Méid ama a thóg sé, ar an meán, na lóistíní ar fáil le haghaidh ath-chíosa a chur amach ar chíos arís:

Am tógtha ó fhógraíocht an dáta scoir go dtí an dáta go bhfuil gach deisiú riachtanach déanta atá measta a bheith déanta chun an lóistín a chur amach ar chíos arís:	13 seachtainí
Am tógtha ó oibreacha a bheith críochnaithe suas chuig dáta an chéid dochar cíosa:	3 seachtainí

H. 3 Líon athchóirithe a cuireadh i gcrích mar chéadatán líon na n-iarratasbailí a fuarthas: 93.73%

H. 4 Lucht Táistil Áitiúil:

Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil	100%

H.5. Cur-i-bhfeidhm na gcaighdeán ins an earnáil phríobháideach ar chíos:

Méid iomlán na dtionóntaí cláraithe:	2256
Méid na n-aonad cónaithe gur déanadh cigireacht orthu:	245
Méid na cigireacht déanta:	288
Méid na lóistíní gur déanadh cigireacht orthu mar % des na tionóntachtaí cláraithe:	10.86%

H. 6 Deontais chun tithíocht a athrú le haghaidh riachtanais na ndaoine le míchumas orthu:

Méid ama tógtha, ar an meán, (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoi Scéim deontais Cúnaimh So-ghluaiseachta ón uair a fhaightear iarratas bailí:	3
Méid ama tógtha (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas Orthu nuair a bhfaightear iarratas bailí:	7

H. 7 Traenáil do Thiontaithe:

Fán gcéad iomlán na dtionóntaí áitiúla nua a chríochnaigh traenáil réamh-tionóntactha: 0%

Rev: Bailiú Cánach

Iasachtaí Tithíochta

(a) Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht: 86%

(b) % na riaráiste:	1 mí d'aois	23%
	2 – 3 mhí d'aois	13%
	thar 3 mhí d'aois	64%

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 492 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2010.

Le linn 2010, bhí 10 comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 98

	Fir	Mná
Iarrthóirí	93	5
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	28	1

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2010

	Fir	Mná
Ceapacháin	4	0
Ardú Céime	6	0

Bhain na comórtais seo le folúntais ins an tSeirbhís Dóiteáin, ach go háirithe, go bhfuil, de bharr nádúr na hoibre, díolúine acu ó théarmaí an mhoratóra reatha i gcás earcaíochta, atá ar bun ó Lúnasa, 2009.

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Lean Comhairle Chontae Laoise cothromaíocht an t-saoil oibre a chur i bhfeidhm le haghaidh na foirne le linn 2010. Ag deireadh na bliana, bhí 9 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 29 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 10 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 20 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Bhliana Oibre Níos Giorra.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2010. Bé 4.13% an toradh.

Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2009	2010
4.10%	4.13%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus eamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2009	2010
Le Teastas	3.81%	5.09%
Gan Teastas	0.44%	0.55%

Comhartha na Seirbhíse Áitiúla

Méid Laethanta Traenála soláthraithe don bhfoireann – 681

Caidreamh Tionsclaíoch

In ainneoin bliain deacair ar bhonn náisiúnta, dhein Comhairle Chontae Laoise dea-chaidreamh thionsclaíocha a chothabháil le linn 2010. Déanann Comhaontas na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 ionadaíocht ar chomhaontas idir na Ceardchumainn agus an Bhainistíocht san Earnáil Poiblí agus tá sé deartha chun feabhas a chur ar éifeacht agus sábháil chostais a léiriú. Ar bhonn an chomhaontais seo, cuireadh Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm le haghaidh fhorfheidhmithe.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár /Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí clár traenála an-chuimsitheach seachadta le linn 2010. Bhí caiteachas de €352,608 ar an dtraenáil. Tá sampla des na cláir thraenála a sholáthraíodh mar seo a leanas:-

- Cóiriú Dromchla den Scoth
- Garchabhair
- Cúrsa Measúnachta Oiriúnachta Suíomh
- Oiriúnacht Láithreáin
- Pas Sábháilte
- Cúrsa Pleanála Roimh Éirí As
- Tiománaí CPC
- Excel
- Meabhraíocht faoi Aispeist
- Dian-Chúrsa Dlí ar Phleanáil
- Traenáil Cheadúnais PE

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteastaíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith.

Seo a leanas samplaí de na cláir Foghlaim Oscailte a éascaítear:-

- IPA – Teastas, Dioplóma & Céim i Staidéir Rialtais Áitiúil
- DCU/LGMSB – Céim Mháistreachta i Riarachán Gnó
- UCD – Teastas i Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair

Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine

Tá an creidiúnú Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann le haghaidh fhorbairt Acmhainn Daonna. Tá an duais bainte amach ag eagraíochtaí go bhfuil na córais Acmhainn Daonna is fearr cleachtais ar bun acu, go háirithe ins an aicme traenála agus forbartha foirne, cumarsáid, agus rann-pháirtíocht na bhfostaithe i bpróiseas na mbreitheanna san eagraíocht.

Bhuaigh Comhairle Chontae Laoise an duais seo ar dtúis i 2005 agus tá athbhreithniú le bheith déanta air i 2011. Is bailíochtú eachtrach é rite ag FÁS agus déanann sé imlíniú ar thiomantas agus ar iarracht na bhfostaithe go léir i dtaobh a gcuid fhoghlama féin agus a bhforbairt phearsanta i dteannta lena rannpháirtíocht, mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de fhoireann, san fheabhsú leanúnach in oibríocht seirbhísí agus aidhmeanna na n-eagraíochta.

Polasaithe Foirne

D'fhorbair Comhairle Chontae Laoise réimse polasaithe foirne i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr i m-Bainistíocht Acmhainn Daonna. Tugadh isteach/déanadh athbhreithniú orthu seo a leanas le linn 2010:

- Polasaí faoin Saoire Bhliantúil
- Scéim Bliana Oibre Níos Giorra
- Polasaí Dínite ag Obair

Comhionannas

Is fostóir comhionannais atá i gComhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan bearta, cleachtas agus modhanna oibre a thabhairt isteach a dhíríonn ar ranníocaíocht agus feidhmíocht aonair a aithint, a fhorbraíonn cumas gach duine agus a thugann deis chothrom do gach duine a t(h)alann a úsáid agus a c(h)umas a fhíorú.

Tá Foireann Ghníomhaíochta Chomhionannais ann, a oibríonn ar son leasa an lucht bainistíochta agus na bhfostaithe, chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus baint amach chuspóirí comhionannais a chinntiú.

Ag Tacú le h-Éagsúlacht

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do fhostaíocht daoine le míchumas orthu agus baineann sí amach a sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. D'éascaigh Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Gníomhaireacht Fostaíochta Lár na Tíre roinnt áiteanna taithí oibre do dhaoine le míchumas orthu le linn 2010.

Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Tá an Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais i gComhairle Contae Laoise mar chuid de thionscadal náisiúnta atá á fhorfheidhmiú ag 27 n-údarás áitiúil agus a gComhairlí Baile. Thosaigh an tionscnamh i 2008 agus beidh sé críochnaithe i 2012.

Le linn 2010 dhein an fhoireann tionscnaimh dul chun cinn mór i dtaobh fhorfheidhmiú an tionscnaimh. Bhí an fhoireann uile a bhí ar fhleisc-am aistrithe go CROÍ-Am agus Tinreamh ón ngnáthchóras a bhíodh ann. Cuireadh modúl an Aoisliúntais i bhfeidhm le gach stair seirbhíse iompórtáilte ón gcóras gabhála sonraí a bhí á úsáid ag an fhoireann tionscnaimh i 2008 chun taifeadadh a dhéanamh ar gach taifead seirbhíse de chuid an fhostaí. Cuireadh na módúil Earcaíochta agus Traenála i bhfeidhm, chomh maith, agus táid leabaithe ins na próisis CD reatha le haghaidh na bhfeidhmeanna cuí.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARASÁIDE

I 2010, in ainneoin sriantaí buiséadacha tromchúiseacha, lean an roinn TFC ar thús cadhnaíochta i gcur ar aghaidh na teicneolaíochta laistigh de cheantar an údaráis áitiúil. Le linn 2010 bé béim na roinne ná soláthar na seirbhíse a fheabhsú ag an am gcéanna le costais a laghdú agus chumarsáid a

fheabhsú laistigh den eagraíocht agus leis an bpobal go ginearálta. I dteannta leis an ngnáth obair ó lá go lá thug an roinn aghaidh ar na tionscnaimh seo a leanas chun costais a laghdú faid is go bhfuil cothabháil a dhéanamh agus feabhas á chur ar leibhéil na seirbhíse.

Fíorúlú Freastalaithe agus Athghabháil Tubaiste

Thaispeáin anailís ar thimpeallacht freastalaithe Chomhairle Chontae Laoise timpeallacht ná fuil a dhóthain úsáide á bhaint as an chuid is mó dá cuid acmhainní freastalaithe. As an 34 freastalaí gur déanadh measúnú orthu bhí meán níos lú ná úsáid CPU 1000MHz ag 58% de na freastalaithe le linn na n-uaireanta cloig buaic-úsáide agus ní raibh buaic níos mó ná úsáid 20% ag nach mór leath de na freastalaithe a scrúdaíodh. Níl figiúirí d'úsáid dá leithéid mar seo as an gnáth ins an dtimpeallacht freastalaithe caighdeánach. Deir na torthaí seo go raibh timpeallacht Laoise mar iarrthóir príomha le haghaidh fhreastalaithe fíorúla. Mar achoimre, mhol an measúnú gur chóir go laghdódh Comhairle Chontae Laoise méid na bhfreastalaithe ó 34 go 3. Trí fhreastalaithe fíorúla a chur i bhfeidhm ghineamar sábháiltí costais ó chumhacht níos ísle agus ó riachtanais fhuaraithe de bharr níos lú freastalaithe fisiceacha. Ina theannta san, sholáthar fíorúla Comhairle Chontae Laoise infhaighteacht ard do níos mó dá chórais, iomarcaíocht na n-oibríochtaí, agus cumais athghabhála tubaiste níos éifeachtaí.

Measann Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre go mbeadh éifeacht na bhfreastalaithe fisiceacha a laghdú ó 34 go 3 ina chúis sábháiltí €14,000 sa bhliain i dtaobh chostais fhuinnimh inár seomra cumarsáide príomha.

Laghdú ar Chostas Phriontála

Bhí timpeall 100 gléas priontála ag feidhmiú inár n-oifigí príomha go luath i 2010. Tá cothabháil á dhéanamh ar na gléasanna seo ag roinnt soláthraithe seirbhíse ar chostais éagsúla. Socraíodh réasúnú a dhéanamh ar na seirbhísí priontála don eagraíocht, mar sin, bhí tairiscint ullmhaithe do chonradh singil chun na seirbhísí seo a chlúdach.

Mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana seo bhí méid na bprintéirí laghdaithe go 8 ngléas ilfheidhmeacha (i.e. priontáil, cóipeáil & scanadh) agus laghdaíodh an costas per leathanach go mór chun priontáil a dhéanamh i ndath agus i ndubh & bán. Anois, in ionad printéirí deisce a bheith ann, tá printéir amháin ag gach urlár. Gan dabht, bíonn níos lú cumhacht úsáidte de bharr seo, ach, tá sé dodhéanta a dhéanamh amach dé mhéid. Tar éis 6 mhí ag feidhmiú déanadh athbhreithniú ar an t-seirbhís phriontála nua agus tá sábháiltí de nach mór €60,000 bainte amach nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an dtréimhse chéanna i 2009.

Laghdú Ginearálta Costais

Bhí conarthaí nua pléite, chomh maith, le haghaidh cheangail chumarsáide, fóin phóca agus cothú trealaimh chun a cheadú do sheirbhísí a bheith cothaithe in ainneoin na srianta buiséadacha.

Cuireadh tionscnaimh ar chumarsáid a fheabhsú laistigh den eagraíocht agus leis an bpobal ginearálta chun cinn, chomh maith, le linn 2010 mar seo a leanas:

Laois.ie

Tá suíomh idirlín na Comhairle úsáidte go forleathan ag an bpobal. Bhí 1,500 cuairt chuig an suíomh ar an meán i 2010, le pleanáil ar líne agus íocaíochtaí ar líne mar na cinn is comónta. Tá sé ina eilimint anthábhachtach d'ár gcumarsáid ó lá go lá leis an bpobal agus bhí sé an-luachmhar ar fad i dtaobh chumarsáid go héifeachtach le linn na n-eachtraí droch aimsire le déanaí. Chuir sé eolas suas chun dáta ar fáil ar choinníollacha bóthair, soláthar uisce agus uimhir na n-aonad freagartha éigeandála i measc rudaí eile le linn na dtréimhsí deacra seo.

Facebook & Twitter

D'fhostaigh an Roinn Facebook agus Twitter, chomh maith, i 2010 chun feabhas a chur ar chumarsáid leis an bpobal ginearálta. Bhíodar seo an-luachmhar ar fad, chomh maith, d'ár n-iarrachtaí cumarsáide le linn na n-eachtraí a luadh thuas. Tá ceithre roinn ann faoi láthair lena leathanaigh Facebook féin acu agus meastar go méadóidh sé seo i 2011.

Isteach

Seoladh ár suíomh Inlín nua 'Isteach' go luath i 2010. Déanann an suíomh seo éascú ar ár gcumarsáid inmheánach uile agus tá ár leabharlann doiciméad forleathan i láthair ann. Tá an acmhainn seo ar fáil dár bhfoireann go léir agus tá i gceist aige éascú a dhéanamh ar sheirbhís custaiméirí feabhsaithe trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil eolas a bhaineann le gach roinn le fáil go héasca d'ár bhfoireann ceann-líne nuair atáthar ag déileáil le fiosraithe, mar sin, ag déanamh éascú ar fhreagraí níos tapúla agus níos cruinne. Tá an fheidhm mhapála nua Feidhm Inlín Spásúil (FIS) le fáil ann a cheadaíonn don fhoireann uile teacht iomlán a bheith acu ar réimse sócmhainní de chuid na Comhairle le mapáil Léarscáil Ordanáis sonraithe ann.

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

Stiúrthóir Pobail & Fiontair, Forbairt Eacnamaíochta & an Contae a Chur Chun Cinn: Declan Byrne

Cathaoir: Michael Lalor, M.C.C.

Baill

John King, M.C.C.
John Bonham, M.C.C.
James Deegan, M.C.C.
Paul Mitchell, M.C.C.
Padraig Fleming, M.C.C.
Rotimi Adebari, M.C.C.
Alan Hand, T.C.

Ranna

Miriam Hamilton
Margaret Ryan
Kathleen Gorman
Fintan Phelan

Bord Fiontair Chontae Laoise

I 2010, lean Bord Forbartha Chontae Laoise lena chuid oibre, agus bhí ceithre cruinniú ar siúl acu chun na trí cuspóirí de chuid a n-Athbhreithniú Straitéise a chur chun cinn:

- Deiseanna Fostaíochta a Bhreisiú do Chách.
- Laois a chur chun cinn mar Chontae Neamhdhíobhálach do Leanaí.
- Coinneoidh agus forbróidh Laois inmharthanacht a bhailte agus a shráidbhailte.

Bhuail na trí Tasc Ghrúpaí a bhunaigh an Bord chun gníomhaíochtaí sonracha a bhaint amach ins an Athbhreithniú Straitéise le céile go rialta i 2010 agus táid ag obair ar na gníomhaíochtaí seo.

Ballraíocht an Bhoird

Rialtas Áitiúil:
John Moran, M.C.C., Cathaoirleach Bhord Forbartha Chontae Laoise
Peter Carey, Bhainisteoir an Chontae
Martin Phelan, M.C.C., Michael Lalor, M.C.C., James Daly, M.C.C., James Deegan, M.C.C., Paddy Bracken, M.C.C., John Joe Fennelly, M.C.C.

Forbairt Áitiúil:
Maria Callinan, Bord Fiontraíochta Laoise
Lena Ging, Bord Fiontraíochta an Chontae
Anne Goodwin, Comhlacht Páirtíochta Laoise
Paddy Buggy, Comhlacht Páirtíochta Laoise
Fionn Bardon, Coiste Cúraim Leanaí Laoise

Gníomhaireachtaí Stáit:
Mary Delaney, FSS Lár na Tíre
Anne O' Keeffe, CGO Laoise
Pat Campbell, FÁS
Con Feighery, Teagasc
Barry Egan, Fiontar Éireann
Gillian Maunsell, UFT na hÉireann
Chief Supt. Frank Moore, Garda Siochana
Kevin Kidney, Failte Ireland

Páirtithe Sóisialta:
Liam McEvoy, An Earnáil Ghnó
Miriam Hamilton, Earnáil Cheard-Chumann
Maria Groarke, Fóram Pobail Laoise
Kathleen Gorman, Fóram Pobail Laoise
Theresa Carter, Piléir Comhshaoil
Michael Bergin, An Earnáil Feirmeoireachta & Talmhaíochta

An Grúpa Oibre um Beartais Chuimsiú Sóisialta

Bhí cruinnithe dé-mhíosúla ar siúl ag Coiste B.I.S. le linn na bliana agus dhearnadar maoirseacht ar dhréachtú Straitéis Idir-ghníomhaireachta an Lucht Siúil 2010 – 2013 agus ar Phlean Frithchiníochais & Éagsúlachta Laoise 2010 – 2013. Dhein an coiste maoirseacht, chomh maith, ar dhá Seachtain Iniamh Sóisialta i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair, rud a chabhraigh sár-thaispeántas a dhéanamh ar an dtacaíocht a sholáthar na gníomhaireachtaí sa dtír le haghaidh iad siúd atá fágtha i leataoibh ar bhonn sóisialta. Bhí Lá Gréasáin ar an dtéama 'Tacaíocht a Thabhairt do Dhaoine Míchumasacha' eagraithe, chomh maith, ag an gCoiste a bhí ar siúl chun cabhrú le dréachtú a dhéanamh ar an bPlean Forfheidhmithe Míchumais nua 2010 – 2012 de chuid Chomhairle Chontae Laoise.

Gréasán Áitiúil Drugaí Laoise

Lean Coiste Gréasán Áitiúil Drugaí Laoise ag bualadh le céile le linn 2010. Sé obair an Ghréasáin Áitiúil ná cabhrú le meabhraíocht a ardú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid substaintí laistigh den gContae. I 2010, sholáthar an gréasán clár 6 lá 'An Traenálaí a Thraenáil' ar Dhrugaí agus ar Mheabhraíocht Alcóil do 12 oibrí leis an óige sa chontae. Bhí tráthnóna faisnéise ar siúl in Ionad Pharóiste Phort Laoise ar an 21ú Meitheamh mar chuid de Sheachtain Mheabhraíochta na nDrugaí. Bhí cur i láthair déanta ar an oíche ag Ms Nicola Corrigan ó Thascfhórsa Réigiúnach Drugaí Lár na Tíre, Mr. Tony Geoghegan, POF ó Merchants Quay Éireann, agus an Garda Tony Ryan, An Garda Síochána, maidir le seirbhísí atá ar fáil i Laois agus an réimse éagsúil drugaí agus a n-éifeacht ar dhaoine aonaracha. Bhí eolas ar chontúirt na n-earraí a díoltar i "siopaí neamh-mheabhracha" ar fáil, chomh maith, ar an oíche.

Grúpa Tacaíochta Mionlach Eitneach Laoise

Bhí cruinnithe dé-mhíosúla de chuid Ghrúpa Thacaíochta Mhionlach Eitneach Laoise ar siúl le linn 2010 agus bhí páirt mhór acu i dtaobh dhréachtú a dhéanamh ar Phlean Fhrithchiníochais & Éagsúlachta Laoise 2010 – 2013. Bhí Oíche Dhuaiseanna do Ghlacadh le h-Éagsúlacht ar siúl ar an 15ú Deireadh Fómhair mar chuid de Sheachtain Iniamh Sóisialta Chomhairle Chontae Laoise. Bhí duaiseanna bronnta do Ghrúpaí Pobail agus do dhaoine aonaracha chun meas a thaispeáint ar a gcuid tacaíochtaí agus a gcuid tiomantais i dtaobh ghlacadh le héagsúlacht do gach cultúr agus do gach náisiúntacht sa chontae.

Plean Frithchiníochais & Éagsúlachta Laoise 2010 – 2013

Dhein Comhairle Chontae Laoise dréachtú ar a Phelan Chiníochais & Éagsúlachta 2010 – 2013 le linn na bliana. Bhí comhairliúcháin ar siúl le Grúpaí Eitneacha, le baill Phobal an Lucht Siúil, i dteannta leis na gníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus a oibríonn leis na grúpaí seo. Díreoidh an plean ar 5 gníomhaíocht tábhachtacha faoi gach ceannteideal a mholann an Straitéis Náisiúnta – RANNPHÁIRTÍOCHT, COSAINT, INIAMH, SOLÁTHAR & AITHEANTAS.

Coiste Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Laoise

Lean Coiste Idir-Ghníomhaireachta Lucht Siúil Laoise ag bualadh le céile le linn 2010. I measc a chuid gníomhaíochtaí bhí cabhrú le dréachtú a dhéanamh ar Straitéis Idir-Ghníomhaireachta an Lucht Siúil agus ar Phlean Frithchiníochais & Éagsúlachta Laoise 2010 – 2013. Bhí an coiste páirteach, chomh maith, le tacaíocht a thabhairt d'Ionad Fiontair an Lucht Siúil.

Ionad Fiontair an Lucht Siúil

D'oscail Ionad Fiontair an Lucht Siúil ar an 17ú Aibreán, 2010, le deichniúr mball ó Phobal an Lucht Siúil. I measc na nGníomhaireachtaí atá páirteach ins an dtionscnamh seo tá Comhairle Chontae Laoise, Páirtíocht Laoise, F.S.S., an Roinn Sóisialacha & Caomhnaithe Clanna agus Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil Laoise.

Bhí maoiniú slánaithe i 2009 agus i 2010 ó Chiste Tionscnaimh Speisialta FÁS don Lucht Siúil le haghaidh Oibrí Fiontair don Lucht Siúil i gContae Laoise. Thosaigh an clár traenála in Aibreán agus lean sé suas go Mí na Nollag. Bhí trí lá sa tseachtain curtha i leataoibh le haghaidh scileanna tairgthe/adhmadóireachta. Bhí lá amháin sa tseachtain ann don litríocht trí gur dhein fir FETAC Leibhéal 2 in adhmadóireacht agus bhí lá amháin dáilte do scileanna gnó bunúsacha/scileanna grúpa/bainistíocht ar choimhlint agus obair ardú céime sláinte.

Comhairle na nÓg Laoise 2010

Chríochnaigh Comhairle na nÓg Laoise (Comhairle Óige Laoise) 2008 – 2010 a théarma an bhliain seo tar éis tosú lena chuid oibre ar a shuíomh idirlíne 'Déagóirí Laoise' i dteannta le hobair in aicmí eile mar mheabhraíocht sláinte inchinne agus meabhraíocht sláinte gnéis i measc daoine óga. Tar éis toghcháin i Meán Fhómhair, 2010, bhí 27 duine tofa do Chomhairle Laoise 2010-2012, ag déanamh ionadaíochta ar gach scoil sa chontae, ar eagraíochtaí óige mar Foróige, Obair Óige na hÉireann agus Gasóga Éireann, i dteannta le roinnt grúpaí nach gcloistear fúthu ró mhinic mar Pobal an Lucht Siúil agus tionscnaimh mhalairt slí an óige, le 'Lámh Chúnta don Óige' san áireamh.

Bhí Cruinniú Bliantúil Chomhairle na nÓg Laoise ar siúl ar an 11ú Samhain, 2010 i gColáiste Phort Laoise agus d'fhreastail 123 duine óg ó thimpeall Laoise air. Cruthaíonn na gnéithe a d'ardaigh daoine óga i gcainteanna ag an gcruinniú seo plean oibre le haghaidh bhall na Comhairle le linn na chéad dhá bhliana eile agus ina measc tá:

- Meabhraíocht a ardú ar shláinte gnéis i measc daoine óga agus oideachas sláinte gnéis a mhéadú inár scoileanna, ach go háirithe.
- Teacht ar ghníomhaíochtaí a éascú do dhaoine óga i mbailte níos lú agus i sráidbhailte i Laoise.

Bhí an Cruinniú Bliantúil seolta, chomh maith, ag Ms. Carmel Daly, Oifigeach Oideachais Drugaí, Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach Lár na Tíre a dhein roinnt siopaí oibre meabhraíochta ar dhrugaí le 123 freastalaí.

Dáil Na nÓg 2010

Bhí ócáid Dáil na nÓg Náisiúnta ar siúl ar an 5ú Márta, 2010 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh agus d'fhreastail cúigear toscaire ar ó Chomhairle Laoise – Eoin Burke (Cathaoirleach), Niamh Hyland, James Deegan, Tara Flannery agus Ciara Leavy. I measc na ngnéithe a pléadh ag an ócáid náisiúnta bhí comhionannas rochtana oideachais agus sláinte intinne, go mbeidh scrúdú déanta ar agus é curtha chun cinn ag Dáil na nÓg Náisiúnta le linn a téarma 15 mí ag tosú i mBealtaine, 2010.

I Meán Fhómhair 2010, ar thoghadh na Comhairle nua, bhí Mr. Tom Orford tofa chun ionadaíocht a dhéanamh do Laois ar Chomhairle Náisiúnta Dála na nÓg.

Ionadaithe Dháil na nÓg Laoise

Fóram Pobail Laoise

www.laoiscommunityforum.ie

Baill an Fhóraim

Tá Fóram Pobail Laoise déanta suas de Choiste Fóraim Feidhmeach tofa a dhéanann ionadaíocht ar an bpobal/ar an rannóg dheonach i ngach ceann de na Ceantair Thoghchán.

Baill Fhóram Phobail Laoise
(In easnamh ón ngrianghraf Sylvia Rouget, Paul Donnelly, Mary Wheatley, Nuala Finnegan)

Port Laoise:
Phil Mulhare, Sylvia Rouget, Andy Sutton, Maria Groarke
Ioma:
Paul Donnelly, Margaret Guijit-Lawlor, Michael Cobbe
Log an Churraigh :
Mary Wheatley, Nuala Finnegan, Kathleen Gorman
Mhóinteach Mílic:
Sheelagh Coyle, Matt Barrett, Paddy Buggy (Cathaoir)
Bhuiríos Mór Osraí:
Pat McSpadden, Michael Lynch, Michael G. Phelan, Noreen Byrne, Mick Dowling

Fóram Pobail Laoise – Tráthnóna Meabhraíochta Sláinte Intinne

Bé 'Oibrigh go maith, Mair go maith, Bí Folláin' téama tráthnóna meabhraíochta a bhí ar siúl in Ionad Pharóiste Phort Laoise ar an 17ú Bealtaine, 2010 chun imlíniú a dhéanamh ar thábhacht 'Aire a thabhairt dár Sláinte Inchinne'.

D'éirigh thar barr leis an tráthnóna, le ós cionn 100 duine i láthair ann. Bhí Sheelagh Coyle, OCP Fóram Pobail Laoise i gceannas ar an dtráthnóna agus dhein sí sár jab de agus bhí aoí-chainteoirí ag labhairt faoin uile ghné timpeall a bhain le sláinte inchinne.

Na cainteoirí ag tráthnóna Meabhraíochta Sláinte Inchinne

Labhair an Teachta John Moloney T.D., Aire an Míchumais agus Sláinte Inchinne amach faoin stiogma a théann le sláinte inchinne agus atá fós ann suas go dtí an la atá inniu agus na gnéithe atá timpeall air, rud a dhéanann é deacair do dhaoine cabhair nó comhairle a lorg. Thug Finola Colgan, Oibrí Forbartha le Sláinte Inchinne na hÉireann cur síos ar conas go mbeidh fadhb shláinte inchinne ag duine as gach ceathrar ina s(h)aol agus go mbeidh breoiteacht sláinte inchinne ag duine as gach deichniúr. Labhair sí faoin dtábhacht cabhrú lena céile agus moladh do dhaoine go bhfuil deacracht acu cabhair phroifisiúnta a lorg. Labhair John Farren,

Oifigeach Forbartha le GROW faoi dhaoine óga agus faoi conas is féidir le dúlagar cur isteach orthu nó fadhbanna sláinte inchinne, ag teacht ó strus scrúdaithe, ó phiara nó ó bhrú eile gur féidir teacht suas ag an gcéim san den saol. Sa deireadh, labhair Ciarán Mullooly, Comhfhreagraí Lár na Tíre le RTÉ, ach Leas-Ghobharnóir Réigiúnach le Clubanna Lions na hÉireann, chomh maith, faoi fhéinmharú a chosc agus an gá le grúpaí agus le clubanna pobail áitiúla deimhin a dhéanamh de go bhfuil traenáil chosc féinmharaithe curtha ar fáil dá mbaill agus dá gceannairí. Labhair sé faoin gclár, go nglaoitear ASSIST air sa chás seo, siopa oibre bunaithe ar scileanna a thraenálann rannpháirtithe 'cúnamh féinmharú a sheachadadh'.

Aithníonn Fóram Pobail Laoise laochra pobail

Dhein Fóram Pobail Laoise óstaíocht ar a dara Searmanas Bliantúil Duaiseanna Pobail & Deonach ar an 3ú Samhain, 2010 in Ostán Chill Uisean, Port Laoise. Bhí an Searmanas ar siúl, chomh maith, i dteannta le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise agus le Páirtíocht Spóirt Laoise agus tá i gceist aige an chabhair mhór a thug na grúpaí pobail agus deonacha do Chontae Laoise a aithint.

Duaiseanna Pobail 2010 – Ainmnithe & Buaiteoirí

Chuir an Fóram, atá déanta suas de 18 ball a dhéanann ionadaíocht ar gach grúpa pobail agus deonach cláraithe timpeall na tíre, fáilte roimh 42 ainmní i sé aicme agus 16 duine aonaracha as ucht a gcuid chabhrach den scoth don bpobal áitiúil, laochra ón gcontae seo againne a oibríonn gan chreidiúint a fháil nó a lorg. Déanadh tréaslú le gach grúpa agus bronnadh teastas orthu ag aithint an chabhair a thugadar don iarracht pobail agus deonach i Laois. Dob iad na buaiteoirí agus na daoine a fuair an dara h-áit ar an oíche:

Ealaíon & Cultúr
Buaiteoir: Gréasán Ealaíona Laoise an Oir-Dheiscirt
An dara h-áit: Grúpa Amharclanna an Dorais ar Oscailt

Leanaí & Daoine Óga
Buaiteoir: Macra na Feirme Mhóinteach Mílic
An dara h-áit: Grúpa Gasóga Laoise, Cúil an tSúdaire

Spórt & Fóillíocht
Buaiteoir: Lúthchleas AFC Cnocán na Mac Tíre
An dara h-áit: Bí Aclaí Fad Saoil Naomh Abbán

Oidhreacht & Timpeallacht
Buaiteoir: Bailte Slachtmhara Chluain na Slí
An dara h-áit: Cumann Stairiúil Cill an Aird

Seirbhísí Pobail & Tacaíochta
Buaiteoir: Clanna le haghaidh Uathachais Laoise/ Uíbh Fháilí
An dara h-áit: Ionad Pobail Chill An Aird

Bhronn an Fóram Pobail onóir, chomh maith, ar Chris Horan le Duais an Laoich Dhearmadta, 2010.

Chris Horan – Duais an Laoich Dhearmadta

Dhein Paddy Buggy, Cathaoirleach an Fhóraim Phobail comhghairdeas le bhuaiteoirí na nduaiseanna agus mhol sé na hainmnithe go léir as ucht a gcuid oibre den scoth ina bpobail faoi seach, ag rá, ins na hamanna deacra seo, go bhfuil díograis na ngrúpaí pobail agus a gcuid deonaithe anluachmhar i dtaobh ár bpobail a choimeád beo. Dhein sé imlíniú ar an dtábhacht moladh do dhaoine obair dheonach a dhéanamh. Ghabh sé buíochas leis na baill eile ón bhFóram as ucht a gcuid díograis agus as a saothar dian agus ghabh sé buíochas le Comhairle Chontae Laoise as ucht a cuid tacaíochta leanúnaí. D'aithin an Fóram Pobail, chomh maith, láithreacht na ndaoine ar cuairt, an Comhairleoir James Deegan, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, an Comhairleoir John Moran, Cathaoirleach Bord Forbartha Chontae Laoise agus Declan Byrne, Stiúrthóir Seirbhísí le Comhairle Chontae Laoise, a dhein comhghairdeas leo san a bhí ainmnithe as ucht a gcuid oibre crua ins an bpobal, as ucht a spreagadh agus a ndíograis i dtaobh obair deonach a dhéanamh agus as ucht cabhrú le daoine eile agus béim a chur ar ról tábhachtach Fóram Pobail Laoise mar philéar aitheanta ag déanamh ionadaíochta ar an earnáil pobail/ dheonach i bPróiseas Bord Forbartha an Chontae.

Ócáid Fhaisnéise an Achta um Charthanacht

Bhí ócáid fhaisnéise ar siúl ag Fóram Pobail Laoise ar an 18ú Samhain, 2010 chun imlíniú a dhéanamh ar an gcód prionsabail a foilsíodh le déanaí maidir leis an gcleachtas is fearr le haghaidh thiomsaithe airgid ag an earnáil pobail/deonach. Sheol Sheila Nordon, Stiúrthóir Feidhmeannach Ghrúpa Leasúcháin Cánach Carthanachta an ócáid seo, ag tabhairt eolais, chomh maith, ar an Acht um Charthanacht 2009.

Líonrú le Daoine Níos Sine

Bhí Laethanta Líonraithe Rafara ar siúl i Maighean Rátha, i mBuiríos Mór Osraí agus i Ráth Domhnaigh, i dteannta le Páirtíocht Spóirt Laoise agus le Páirtíocht Laoise, agus ina measc bhí cainteanna agus plé ar siúl ar ghnéithe a chuireann isteach ar dhaoine níos sine, m.sh., cothú, sábháilteacht phearsanta, cúram sláinte, a bheith gníomhach, &rl. Bhí gníomhaíochtaí m.sh., aiclí-suí, ceol, rince, boccia (babhlaí) agus ealaíon/ceardaí soláthraithe ag gach lá líonraithe.

Tionscnaimh Eile

Bhí nasca déanta ag an Fóram le cumainn áitiúla eitneacha le linn 2010, mar Phobal Pholannach Laoise. Bhí an Fóram tacaithe, chomh maith, ag na Duaiseanna Glacadh le h-Éagsúlacht a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair. Lean an Fóram lena chuid nasca le Páirtíocht Spóirt Laoise, ag tabhairt tacaíochta arís do mheabhraíocht míchumais i meánscoileanna áitiúla i 2010.

Thug an Fóram tacaíocht, chomh maith, do phíolótú an Chláir Daonlathais Óige in Ionad Forbartha Óige Mhóinteach Mílic agus i dteannta le Comhairle Chontae Laoise agus le Gasóga Cham Ros, dhein sé óstaíocht ar ócáid áitiúil óige chun nasca traschultúrtha a cheiliúradh idir Éirinn agus tíortha Eorpacha eile.

Bród As d' Áit 2010

Dhein Laois an bua iontach i nDuaiseanna Náisiúnta Bród As d' Áit an Uile Oileáin a cheiliúradh, a bhí ar siúl i mBaile Átha Troime i Samhain 2010.

Bhí na duaiseanna bronnta do gach grúpa buacach ag Noel Dempsey T.D. Aire Iompair agus ag Christopher Moran, Cathaoirleach Chomhar Éireann. Thug an tAire ómós ina sheoladh do na grúpaí uile a ghlac páirt a oibríonn go h-an-chrua chun bród a chruthú agus a chur chun cinn ina gcathracha, ina mbailte agus ina sráidbhailte, ag déanamh imlíniú ar thábhacht an deontaithe ins an aeráid reatha.

An dara áit ina gCatagóir – Daonra ós cionn 2,000

ab ea Coiste Crann Nollag Mhóinteach Mílic a dhein sár-thaispeántas ar thionscnamh is tábhachtaí an bhaile a cheiliúrann ós cionn 50 bliana i láthair, le crann 60 troigh agus mainséar, lóchrann solais agus siombail chomhoibrithe agus spiorad pobail baile Mhóinteach Mílic.

Déanann an tionscnamh sainordú ar pháirtíocht mhór an phobail i dtaobh thógáil agus ullmhúchán le haghaidh a oíche bhliantúil 'lasc-air'. Baineann an pobal tairbhe, chomh maith, as cuairt ag Daidí na Nollag, atá éascaithe ag an bpobal, ag tógáil bréagáin do leanaí faoi bhun deich mbliana d'aois i bpobal Mhóinteach Mílic, na Carraige agus na Cluanacha Dubha. Níl dearmad déanta ar na seandaoine ach oiread; tá breosla saor seachadta ag an gcoiste gach bliain do dhaoine níos sine ins an bpobal níos leithne le linn séasúr na Nollag. Ghlac baill an Choiste leis an duais ar son an ghrúpa, le baill bhunaitheora, Ger Lynch agus Brian Lynch san áireamh ann.

Buaiteoir Speisialta Dian-iarrachta an Mholtóra

ab ea muintir na háite agus foireann na dTeachíní Glasa, an Sráidbhaile. Roimhe seo, thug teachíní le clanna fostaithe ar Eastáit Bhaile an Bhiocáire atá tréigthe le déanaí agus gráin súl ar an mbóthar go Ceatharlach, thóg Siúracha na Trócaire de chuid Íosa agus Muire orthu féin, i dteannta le Comhairle Chontae Laoise, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an bpobal áitiúil sa t-Sráidbhaile, ar thionscnamh a fhorbairt chun na teachíní a athchóiriú agus a chaomhnú, agus áit a fhorbairt, chomh maith, inar féidir le fir agus le mná le míchumas intleachta orthu cónaí leis an gcúram agus leis an dtacaíocht chuí acu laistigh de na Teachíní agus i measc an phobail.

Bród As d' Áit - Buaiteoirí Duaise 2010

Dob iad Michael Dunne, cónaitheoir sna teachíní agus Janet O'Brien-Devoy, ball fhoireann SCJMS agus Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, an Comhairleoir James Deegan a ghlac leis an duais, agus bhíodar páirteach sa dtionscnamh ó thús.

Ghabh an Cathaoirleach, An Comhairleoir James Deegan agus Peter Carey, Bainisteoir an Chontae comhghairdeas leis na hiontrálaithe agus leis na buaiteoirí duaise uile as ucht a gcuid bhua i gcomórtas na bliana seo agus ghabhadar buíochas leo as ucht ionadaíocht chomh maith san a dhéanamh ar Laois ag an leibhéal náisiúnta.

Comhchoiste Maoirseachta an Chontae

Déanann an Comhchoiste Maoirseachta deis a thairiscint do Údaráis Áitiúla, do Bhaill Thofa, do na Gardaí Síochána, do Bhaill an Oireachtais, do cheannairí pobail agus do bhaill an phobail, trí mhúnla páirtíochta, tionchar mór a bheith ar chaighdeán saoil laethúil baill uile an phobail i ngach ceantar de chuid an Údaráis Áitiúil. Soláthraíonn siad fóram sa chás gur féidir leis an Údarás Áitiúil agus na le h-Oifigigh Garda Sinsearacha atá freagrach as póilíneacht an Chontae, le rannpháirtíocht baill an Oireachtais agus suimeanna an phobail, dul i gcomhairle, plé agus moltaí a dhéanamh ar ghnéithe a chuireann isteach ar phóilíneacht Contae Laoise.

Bhail Comhchoiste Póilíneachta Laoise le céile ceithre uaire le linn 2010, le cruinniú poiblí san áireamh a bhí ar siúl ar an 20ú Meán Fhómhair, go raibh baill an phobail i dteideal freastal air agus ceisteanna a aighniú do bhaill an Chomhchoiste Póilíneachta le haghaidh fhreagraí ag an gcruinniú. I measc na ngnéithe a cuireadh chun cinn ag an gComhchoiste Maoirseachta le linn 2010 bhí tionscnaimh i leith Phobal ar Aire agus meabhraíocht a ardú inár bpobail, ag déanamh imlíniú ar an ngá le for-airdeall do na daoine iargúlta faoin dtuath agus/nó sean daoine i leith ghlaonna bréagacha/oibrithe deisithe agus déileáil le fadhb na loitiméireachta agus graifítí inár mbailte agus inár sráidbhailte.

Gníomhaíochtaí Eile

Ghlac an Roinn Pobail & Fiontair páirt, chomh maith, iontu seo a leanas lasmuigh de Choistí/Chláir le linn 2010: Comhlacht Comhpháirtíochta Laoise, Páirtíocht Spórt Laoise, Turas Laoise, Bord Fiontar Chontae Laoise, Coiste Cúraim Leanaí Laoise, Tionscnamh Caitheamh Aimsire BLOC agus PORT um Gharda Síochána, Coiste Féile Trick ‘r’ Street, Coiste Áitiúil Laoise um Líonra Drugaí, LABEL, Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise, Ionad Faisnéise na Saoránach, Coiste Tionscnaimh Fiontar Fir an Lucht Siúil, Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach Lár na Tíre agus Coiste Coimhlinte & Idirghabhála Lucht Siúil Lár na Tíre.

Tuairisc ar Chomharthaí Náisiúnta Seirbhíse

Páirtíocht & Comhoibriú an Phobail

Céatadán na scoileanna áitiúla/ngrúpaí óige gafa le Scéim Chomhairle na nÓg:	100%
Líon iomlán na scoileanna agus de ghrúpaí óga: (9 meánscoil agus 7 n-eagraíocht óige ag rith grúpaí laistigh den gcontae)	16
Líon na ngrúpaí óige agus na scoileanna gafa le Scéim Chomhairle na nÓg: (9 meánscoil agus 7 duine óg ag déanamh ionadaíochta ar eagraíochtaí óige timpeall na tíre)	16
Líon na n-eagraíochtaí pobail/deonacha cláraithe le Fóram Pobail Laoise:	503

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinseartha: Ian McCormack

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an chontae.

Tasc-Ghrúpa Eacnamaíoch

Tá bainisteoir an Chontae ina chathaoirleach de tascghrúpa eacnamaíoch réamhghníomhach, a chuireann pointe cuimsitheach ar fáil i gcomhair cur chun cinn eacnamaíoch sa chontae. San áireamh i nGníomhartha/Cuspóirí tosaíochta bhí:

- Forbairt na Páirce Náisiúnta Fiontair
- Forbairt an tionscail dhúchasaigh a spreagadh/a éascú
- Dílárú
- An cur chun cinn de Chontae Laoise mar ionad imeachtaí
- An cur chun cinn d’fhorbairt na hardréimsí oideachais shainfheidhmigh sa chontae chun tionscail nua a mhealladh
- Forbairt de ghrúpa ardleibhéil tacaíochta mar aighní do Chontae Laoise
- Na cuspóirí atá san athbhreithniú um Straitéis Forbartha Contae 2009-2012 a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear béim ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú do chách.

Tá dhá fho-choiste bunaithe ag an Tasc-Ghrúpa de dhaoine áitiúla gnó a dhéanfaidh moltaí don ngrúpa maidir le Tionscnaimh Fhorbartha Ghnó agus Mhargaíochta agus Cur Chun Cinn an chontae.

Ionad Fiontair Phort Laoise

Tá Ionad Fiontair Phort Laoise oscailte i gcomhair gnó agus tá sé tiomanta d'fhorbairt agus do chothú cultúir fiontair áitiúil i gceantar Phort Laoise. San áireamh sna gnóthais chónaithe tá:

- TSI Flowmeters Ltd
- Bord Fiontair Chontae Laoise
- Advanced Renewable Energy Ireland Ltd

Fostaítear 25 duine san iomlán faoi láthair in Ionad Fiontair Phort Laoise.

Uasghrádú ar Pháirc Ghnó Chluain Minim.

Cuirfidh an t-uasghrádú, nuair a chríochnófar é, le forbairt chomhtháite agus chomhleanúnach an cheantair, treiseoidh sé spionnadh tráchtála an cheantair agus cuirfidh sé go suntasach le mealladh agus cothú na ndeiseanna fostaíochta.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthimpeall an chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua.

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre.

Cuireadh i gcrích na hoibreacha a rinneadh ar Bhóthar Naisc an Tóchair agus Séarach Idircheapóra an Iarthair lena n-éascaítear forbairtí sa cheantar seo. Tá an obair ar bun ar ullmhú de mháistirphlean agus feabhsóidh an tOrdú Mótarbhealaigh forbairt sa cheantar seo. Neartóidh forbairtí ar an láithreán seo an cumas atá ag Port Laoise ós rud é go bhfuil sé suite i lár na tíre.

Other Activities in the Economic Development Department in 2010 included

- Ag eagrú an Taispeántais Tosaithe & Fáis a bhí ar siúl i bPort Laoise i 2010.
- Táirgeadh Páipéar Polasaí faoi Leathanbhanda do Chontae Laoise.
- Leathnaíodh bonn na ballraíochta ar an dTasc-Ghrúpa Eacnamaíochta.
- Críochnaíodh Plean Forbartha Gnó 5-Bhliana le haghaidh Fhéilte i gContae Laoise.
- Rannpháirtíocht i nGrúpa Stiúrtha atá ag ullmhú tuairisce ar Aitheantas Táirge Chaitheamh Aimsire, Turasóireachta agus Trádála ar Abhainn na Barúin.

TURASÓIREACHT

Ócáidí & Féilte

Lean Oifig Turasóireachta Chomhairle Chontae Laoise ag cur Contae Laoise chun cinn go gníomhach mar shuíomh do ócáidí i Lár na Tíre le linn 2010. Bhí na hócáidí seo a leanas ar siúl le linn na bliana agus mhealladar a lán daoine go dtí an contae.

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Bhí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise 2010 seolta go hoifigiúil ag Fuirseoir Après Match, Barry Murphy in Aibreán. Agus é tiomáinte ag roinn Turasóireachta Chomhairle Chontae Laoise, déanadh a lán margaíochta ar ghalf agus freastalaíodh ar thaispeántais sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart na hÉireann agus i Sasana. Dhein 4 Aces Wholesale Ltd, GALA agus Comhairle Chontae Laoise urraíocht ar an ócáid. Bhí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise ar siúl ón 17ú go dtí an 21ú Bealtaine agus mheall sé galfairí ó thimpeall na hÉireann, ó Thuaisceart na hÉireann, ón Bhreatain Bheag, ón tSualainn, ón nGearmáine agus ón Iodáil.

Bhí an-rath ar an ócáid le clár iomlán gailf ar siúl thar 7 gcinn de chúrsaí gailf i Laois. Bhí clár siamsaíochta ar siúl, chomh maith, do chuairteoirí le linn an Dúshláin. Bhí bronnadh na nDuaiseanna Ginearálta ar siúl ins an Ionad Oidhreachta Gailf & Spá sa Cillín Ard. Tháinig Buaiteoirí na Duaise Ginearálta ó Thuaisceart na hÉireann (an tSraith Bhán). Bhí siamsaíocht soláthraithe gach tráthnóna den Dúshlán agus bhain cuairteoirí an-taitneamh as an tseachtain.

Gailf na h-Iodáile

Lean Turasóireacht Laoise agus Coiste Gailf Laoise ag obair go dlúth i dteannta Clubanna Gailf na

hIodáile chun galf a chur chun cinn san dá cheantar. Mar thoradh ar seo, ghlac galfairí na hIodáile páirt ins an Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf 2010 don gcéad uair. Thaisteal grúpa Galfairí Iodálacha go Laois ón 8ú go dtí an 12ú Meán Fhómhair agus d'imríodar Comórtas 'an Iodáil / Éire' ar an 10ú Meán Fhómhair i gClub Gailf Mhainistir Laoise.

Turas Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Bhí Turas Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett 2010 ar siúl le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc Mí Meitheamh. Bhí Fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl in Áras an Chontae tráthnóna Dé hAoine chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, go háirithe cuairteoirí ó thar lear go Laois.

Bhí taispeántas gluaisteán clasaiceach ar siúl in Áras an Chontae agus thiomáin na rannpháirtithe Bealach stairiúil Gordon Bennett le linn na deireadh seachtaine. Bé an buaicphointe do a lán daoine a rannpháirtíocht i bParáid Réigiúnach Rós Thrá Lí de chuid Gala trí shráideanna Phort Laoise ar an Satharn. Tá Féile Gordon Bennett mar chuid tábhachtach anois de Fhéile Chomórtais Cheannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí i bPort Laoise. Thug Gluaisteáin Gordon Bennett cuairt, chomh maith, ar an Ócáid Lomadh Caorach Uile Éireann le linn na deireadh seachtaine.

Comórtais Ceannais Réigiúnacha na hÉireann Rós Thrá Lí

Bhí Comórtais Ceannais Réigiúnacha Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí mar ócáid an-rafar, a bhí ar siúl le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc Mhí an Mheithimh, le 40 Rós ó thimpeall na hÉireann go léir ag glacadh pháirt. Bhí diminsin idirnáisiúnta ann, chomh maith, i mbliana, le deichniúr Rós ó S.A.M. agus ón R.A. ag glacadh pháirt ins an Roghnú Idirnáisiúnta i bPort Laoise. Bhí Fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl i ndiaidh lóin Dé hAoine le haghaidh Rósanna Éireann agus na Rósanna Idirnáisiúnta. Ghlac 50 Bachlóg Róis ó Bhunscoileanna ó thimpeall Laoise go léir páirt i bhFéile na bliana seo agus chuadar céim ar chéim leis na Rósanna. Ar an Satharn, tháinig oll-slua amach do Ghala-Pharáid na Rós. D'oibrigh Rith Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett arís le Coiste na Rósanna agus thugadar na Rósanna agus na Bachlóga Róis trí shráideanna Phort Laoise.

Ghlac a lán grúpaí páirt ar an lá mar Ghleacaithe Phort Laoise, compántais rinceora Gaelacha, rinceoirí hip hop, bannaí ceoil ag máirseáil mar Bhanna Bhosca Ceoil Naomh Iosaif agus Banna Ceoil Píobairí Chill Uisean, rinceoirí Afraice, damhsóirí Boilg agus a lán cinn eile. Bhí Na Fianna, a fuair an dara áit i dTaispeántas Sár-Chéim Uile Éireann ina mhór-mhealladh. Tháinig na sluaite timpeall na Cearnóige Sibhialta do thaispeántais ó ghrúpaí éagsúla agus bhí a lán gníomhaíochtaí ann le haghaidh chlainne. Bhí 50 seastán Margaíochta timpeall na Cearnóige i dteannta na h-ócáide.

Dhein Ostán Oidhreachta Phort Laoise óstaíocht ar na trí cinn de na h-oícheanta roghnaithe le linn na deireadh seachtaine agus bhí sé mar cheann d'urraitheoirí príomha na féile, i dteannta le h-urraíocht ó Chomhairle Chontae Laoise agus ó Chomhlacht Páirtíochta Laoise Teo.

Comórtais Lomadh Caorach Uile Éireann & Idirnáisiúnta

Bhí Comórtais Lomadh Caorach Uile Éireann agus Idirnáisiúnta ar siúl ar an Sathairn an 5ú agus ar an Domhnach an 6ú lá de Mheitheamh, 2010 agus mheall sé a lán cuairteoirí go Port Laoise le linn Deireadh Seachtaine Saoire Bainc Mí Meitheamh. Dhein an ócáid sár-thaispeántas ar an bhfaiche Rugbaí mar láthair den scoth le haghaidh óstaíocht a dhéanamh ar ócáidí.

Féile Maighnéad Phort Laoise

Bhí an Fhéile Mhaighnéad mar fhéile nua a bhí tiomáinte ag an bpobal agus bhí sí ar siúl i bPort Laoise le linn deireadh seachtaine Saoire Bhainc Lúnasa, agus í tacaithe ag Comhairle Chontae Laoise agus ag Fáilte Éireann.

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007-2011

Tá 50 gníomhaíocht, a bheidh á gcur i bhfeidhm le linn na mblianta atá le teacht sa phlean agus tá ceithre cinn de aicmí tábhachtacha ann mar a leanas: Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae; Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn I dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois.

Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2010 leis An gComhairle Oidreachta. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

An chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus ar imlíniú na h-oidhreachta seo ná eolas a bhailiú ar oidhreacht Laoise. Bhí na suirbhéanna oidhreachta seo a leanas déanta le linn 2010:

Leanadh le suirbhé gnáthóga sonraithe Laoise i 2010 le díriú nua ar shonraí a bhailiú ar lonnaíochtaí uile an Chontae, leis an aidhm eolas a sholáthar don bPlean Forbartha Chontae nua, atá le bheith tugtha isteach i 2012.

I gcomhar le Fóram Forbartha Dharú agus le Comhlacht Oidhreachta Mhainistir Laoise, bhí suirbhéanna ar oidhreacht tógtha Dharú agus Mainistir Laoise déanta, leis an aidhm comharthú a dhéanamh ar na Ceantair Ailtireachta le bheith Caomhnaithe ins an dá bhaile seo faoi Phlean Fhorbartha an Chontae. Tá na comharthaithe seo foilsithe anois ins an bPlean dréachta.

Meabhraíocht d'ardú agus taitneamh as oidhreacht Laoise a chur chun cinn

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus comhairle a thabhairt ar conas teacht ar cúnamh dheontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh.

Bhí gach tuairisc agus foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana curtha isteach i rannóg an staidéir áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh ar fáil iad le híoslódáil ar shuíomh idirlín Comhairle Chontae Laoise.

I measc ócáidí a bhí ar siúl i 2010 chun meabhraíocht de na gnéithe oidhreachta a ardú bhí:

Siúlóidí maidine i gCluain na Slí agus i nDarú eagraithe chun Lá Bliantúil Cór na Maidine a cheiliúradh i mBealtaine.

Sraith d'ócáidí faid seachtaine Bithéagsúlachta i mBealtaine chun nascadh isteach leis an mbliain Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta, le siúlóidí Sciathán Leathair i gCúirt Ioma ina measc, le cabhair ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus ó Sheirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus an Fhiabheatha.

Bhí Seachtain Bhithéagsúlachta na bliana seo pleanáilte chun nascadh leis an tSeachtain Iniamh Sóisialta i Laois le h-ócáidí fiabheatha saor, taitneamhach eagraithe do leanaí atá ina gcónaí in Eastáit an Údaráis Áitiúil i bPort Laoise, i Móinteach Mílic agus i gCúil a' tSúdaire.

I dteannta le hIonad Ealaíona Dhún Masc, bhí sraith de Shiopaí Oibre Ailtireachta Cónaithe Léirithe i suímh timpeall an Chontae i mBealtaine agus i Meitheamh

Bhí clár faid-seachtaine d'ócáidí clanna, siúlóidí stiúrtha, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta taitneamhacha eagraithe don tSeachtain Oidhreachta náisiúnta i Lúnasa

Siúlóid na Seachtaine Oidhreachta ar an Chanáil Mhór, Baile an Bhiocáire (Grianghraf: Michael Scully)

Bhí comhdháil bhliantúil Oidhreacht Laoise a Cheiliúradh ar siúl i Samhain, le cainteoirí ar gach cuid d'oidhreacht fhorbartha, nádúrtha agus chultúrtha an Chontae agus ar an réigiún níos leithne ar siúl ann.

I dteannta leis na hócáidí, bhí na foilseacháin seo a leanas foilsithe le linn 2010:

Leabhar ar Thuí i Laois, bunaithe ar an t-suirbhé sonraithe a déanadh i 2007. Beidh an leabhar seo foilsithe go luath i 2011.

I dteannta le Grúpa Gnó agus Pobail Mhainistir Laoise, bhí bileog ar Bhaile Oidhreachta Mhainistir Laoise ullmhaithe i 2010. Leanfar é seo i 2011 le comharthaí léirmhínithe le léarscáileanna maisithe mealltacha ag suímh thábhachtacha sa bhaile. Tá comhartha agus léarscáil chosúil á n-ullmhú le haghaidh Mhóinteach Mílic.

An cleachtas is fearr i mbainistíocht oidhreachta a chur chun cinn & caomhnú gníomhach na hoidhreachta a chur chun cinn

Thosaigh Comhairle Chontae Laoise le tionscnamh mór athchóirithe i dTeach Oibre Dhomhnach Mór le linn 2010. Agus ag obair i dteannta le Coiste Amharclanna Dhomhnach Mór agus le tacaíocht ó Chomhlacht Páirtíochta Laoise, d'ullmhaíodh plean caomhnaithe don iar-sheomra bia ag an suíomh, a bhí tréigthe le tamall. Tá i gceist, ag braith ar chistiú a bheith ar fáil, go dtosóidh athchóiriú an tionscnaimh i 2011.

Comharthaí Comhlíonta	2010	2009	2008	2007
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm: (Tá uasmhéid de 8 ngníomhaíocht sa bhliain maoinithe i gcuid ag an gComhairle Oidhreachta).	4	3	8	8
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl:	3	4	3	3
Líon suirbhé bithéagsúlachta déanta:	1	1	3	3
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/cultúrtha déanta:	2	0	2	2
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe/tacaithe: (Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.)	4	0	1	1
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/Seimineáir eagraithe: (Le hócáidí a bhí ar siúl le haghaidh Seachtaine na h-oidhreachta san áireamh)	46	40	39	12

RANNÓG EALAÍONA

Scoil Cheoil Laoise

D'éirigh le Scoil Ceoil Laoise a tinreamh de 350 mac léinn i bPort Laoise agus 40 mac léinn i nDarú a chothabháil. Bhí an comórtas scoláireachta 'Guth Óg Laoise' d'amhránaithe óga seolta i dteannta le Fóram Forbartha Darú. Bhí an chéad Lá Siopa Oibre Ceolfhoireann bhliantúil ar siúl ag an Scoil, chomh maith, le os cionn 60 rannpháirtí ann. Thóg 100 mac léinn scrúdaithe Ceoil idir Acadamh Ceoil Ríoga na hÉireann agus an Chomh-Bord de Scoil Ríoga Ceoil. I Meán Fhómhair, 2010 bhí Scoil Ceoil Laoise Teo. bunaithe mar Chomhlacht neamh-spleách, agus é Teoranta ag Ráthaíocht.

Amharclann Óige Laoise

D'oibrigh Amharclann Óige Laoise i bPort Laoise, sa tSráidbhaile, i Maighean Rátha, i gCúil an tSúdaire agus i Ráth Domhnaigh le linn na bliana. I dteannta le siopaí oibre bhliantúla, bhí taibhiú spleodrach deireadh na bliana ar siúl ar thalamh Cúirt Ioma ar an 29ú Bealtaine.

Amharclann Óige Laoise ag glacadh páirt i Paráid Lá 'Le Pádraig

Thug grúpa Cúil an tSúdaire taibhiú le haghaidh chlann agus chairde ar an 28ú Bealtaine. Bhí taibhiú ag grúpa Cúil an tSúdaire i Leabharlann Mhóinteach Mílic mar chuid den dTaispeántas Litríochta Duilleoga. Do fhreastal baill ar Chumann Náisiúnta Thaispeántas Dhrámaíochta an Óige i Loch Garman. Bhí dhá leagan de litreacha nuachta Amharclann Óige Laoise foilsithe agus ghlac eolaithe páirt i siopaí oibre Scileanna a Roinnt le linn na bliana.

Teach Ealaíona an tSráidbhaile

Tosaíodh agus críochnaíodh obair ar an dTeach Cúirte, an Sráidbhaile i 2010. San áireamh ins an fhorbairt spreagúil agus beoga seo bhí athnuachan agus leathnú ar Theach Cúirte Shráidbhaile, ag soláthar leabharlann pobail den scoth, stiúideonna ealaíontóra agus áit cónaithe, áiléar taispeántais, spás cleachtadh, áith, agus spás gairdín le hobair ealaíona ardaithe Céatadán don Ealaíon coimisiúnaithe ann. Beidh an coimpléasc ar fáil le haghaidh úsáide ag na grúpaí pobail deonacha. Thosaigh an fhorbairt, a chosnaíonn sa bhreis ar €1.2 milliún, go luath i 2010 agus tá cabhair deontais faighte aige ó scéim Rochtain II an Roinn Turasóireachta, Ealaíona agus Spóirt. Críochnaíodh an obair thógála i Nollaig, 2010.

Féile Bhealtaine – do Dhaoine Níos Sine

D'fhoilsigh an Oifig Ealaíona bróisiúr Féile Laoise daite ag déanamh liostáil ar na hócáidí mórthimpeall na tíre agus lainseáladh é ag an rince tae ag ceiliúradh in Ionad Ealaíona Dhún Masc. I measc na nÓcáidí a bhí eagraithe ag an Oifig Ealaíona bhí taibhithe drámaíochta ag an Grúpa Amharclanna Lus na Gile i ndhá ospidéal do dhaoine níos sine, taibhithe ag Cóir Feachtas ICA Laoise agus siopaí oibre Scríbhneoireacht Cruthaitheach d'aois ghrúpaí gníomhacha le Jean O'Brien.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Reáchtáladh an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna i 10 scoil i rith 2010. Leis an scéim seo tugtar deis do na daltaí taithí chuimsitheach a bheith acu le healaíontóirí proifisiúnta agus freisin chun taithí a fháil ar mheáin ealaíona difriúla. Thug an Oifig Ealaíona, i bPáirtíocht leis an gComhlacht Amharclanna Oideachais Cupáin agus Corónacha, an deis do dhá scoil sa chontae páirt a ghlacadh le comhlacht amharclanna ar thuras faid is a bhí siopaí oibre ar siúl acu agus bhronnadar dráma a glaodh 'Blennie and the Water Daughter" air.

Tionscnamh Ealaíontóirí i Scoileanna Bhuiríos Mór Osraí

Máistir Ranganna Lár na Tíre

Sraith mháistir ranganna eagraithe do Meán Fhómhair-Deireadh Fómhair i gcomhar le hoifigí ealaíona Lár na Tíre agus seachadta ag saineolaithe aitheanta go náisiúnta, i measc clár Laoise bhí na máistir ranganna 'Féile a Rith' agus i 'Portráideacht'.

Údar ina Chónaí

San áireamh ins an gclár cónaitheach leis an Scríbhneoir Ann Eagan ar a ghlaoitear Filíocht Laoise air bhí cúrsa scríbhneoireachta do dhaoine fásta agus do scríbhneoirí óga, ócáidí Leabharlanna agus tionscnamh scoile trí sheachtaine i 21 scoil sa chontae. Bhí Díolaim oibre nua Laoise a bhain úsáid as scríbhneoireacht ón gclár seo a ghlaoitear 'Macallaí Laoise le Fionn Mac Cumhaill' air foilsithe agus seolta mar chuid de Fhéile Litríochta Duilleoga i Mí na Samhna.

Clár Ealaíona an tSamhraidh

Le linn tréimhse an tsamhraidh reáchtáladh 18 ceardlann seachtainiúla difriúla san iomlán i gClár Ealaíona an tSamhraidh, arna gceaptha do leanaí, agus do dhaoine óga.

Reáchtáladh iad in áiteanna éagsúla sa tír agus bhí na cleachtais ealaíona seo a leanas san áireamh: ealaíon, potaireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, dráma, rince agus Ceolkinder.

'Duilleoga' – Deireadh Seachtaine Litríochta Laoise

San áireamh ins an bhFéile Litríochta i Samhain bhí siopaí oibre i Scoileanna, Leabharlann Mhóinteach Mílic, agus tráthnónta litríochta i Halla an tSráidbhaile, Áras an Chontae agus an Ionad Pharóiste.

I measc ghníomhaíochtaí eile bhí:

- Duaiseanna Deontas an Achta um Ealaíon
- Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie
- Duais Phátrúnachta
- Taispeántais
- I meas na dtionscnamh Céatadán don Ealaíon bhí an Leabharlann agus Teach Ealaíona, an Sráidbhaile agus Tionscnamh Athghiniúna Chnoc Maí
- Ócáid an Lae Filíochta Náisiúnta
- Lá Náisiúnta Ceoil
- Tacaíocht d' Fhéilte – Féile Ceoil Mhóinteach Mílic, Féile Seanchais Sliabh Bhladhma, Féile Ealaíona Darú agus Guthanna Trasna Cultúir.
- Foilsiú 3 eagrán d'iris leabhar ealaíona agus cultúr Lár na Tíre.

Comharthaí Comhlíonta	2008	2009	2010
Méid Deontas Ealaíona Leithdháilte	43	61	45
Per daonra 1,000	3107	3098	2714
Méid Amharclann Óige	5	4	4
Siopaí Oibre Ealaíona an t-Samhraidh	20	18	18
Méid na Mac Léinn – Scoil Ceoil Laoise	400	400	390

AN RANNÓG SPÓIRT & FÓILLÍOCHTA

Seachtain Náisiúnta na Rothar

Mar chuid de Cheiliúradh Sheachtain Náisiúnta na Rothar ón 13ú go 15ú Meitheamh, dhein Comhairle Chontae Laoise comhordú ar shraith de thrí ócáid déag le cabhair ós na grúpaí Pobail timpeall an chontae. D'fhriotháil na hócáidí ar gach aois ghrúpa agus ar gach sórt cumais agus bhí ós cionn 800 rannpháirtí i láthair ann.

Bhí ócáidí ar siúl i gCill an Aird, Mainistir Laoise, An Fraoch-Mhá, Cluain na Slí agus i bPort Laoise agus ina measc bhí Criterium, Siopaí Oibre Rothaíochta Sábháilte, Taispeántas Rothar don Óige agus Rothaíocht an Phobail.

Clár Gníomhach do Leanaí

D'eagraigh agus dhein Comhairle Chontae Laoise seachada ar chlár gníomhach Cásca agus Samhraidh an-bhuacach i 2010 mórthimpeall an Chontae. Bhí Páirceanna Leadóige Cásca & Samhraidh seachadta ag Móinteach Mílic, Mainistir Laoise, Port Laoise & Cúl an tSúdaire, lenár gclár Samhraidh Campa Co Co á sheachadadh ag Killeen, Cúl an tSúdaire, Baile an Bhiocáire, Baile an Caisleáin, Ráth Domhnaigh agus Port Laoise.

Lá Náisiúnta Imeartha

Dhein Comhairle Chontae Laoise sraith ócáidí clanna saora a sheachadadh le linn samhraidh 2010. D'fhreastail os cionn 2,500 duine ar Lá Spraoi Clanna, a bhí eagraithe i gcomhar le Club Leoin Chúil an tSúdaire i dteannta le Cumann Forbartha Pobail Cúil an tSúdaire. Bhí gnéithe eile ar siúl i Lána na Tin Aoil, i Maighean Rátha, i mBaile Aidéin, i Mainistir Laoise agus i Ráth Domhnaigh.

Ceiliúrann Sráid Trick 'r Lá Náisiúnta Chaitheamh Aimsire

Dhein Coiste Féile na Samhna Phort Laoise ócáid eile den scoth a cheiliúradh le haghaidh dhéagóirí agus a gclanna - 'Trick 'r Street'. Bhí na sluaite faoi dhraíocht ag na siamsóirí agus ag an dtaispeántas tinte ealaíne ag Páirc O' Mórdha ar an 29ú Deireadh Fómhair. Bhí ós cionn 4,000 duine ag fáil taispeántas saor ann tugtha ag réimse ealaíontóirí le lucht barr na gcairt ' Delorentos' san áireamh ann.

Chruthaigh grúpaí óige 'Sráidbhaile Na Spride' agus léiríodar seó a bhí coimisiúnaithe go speisialta. Thosaigh an oíche le taispeántas tine ealaíne den scoth.

Marcanna san Fhaiche Imeartha

Bhí Marcanna ar Fhaiche Imeartha na Scoile forbartha níos mó i 2010, le 6 scoil breise i Laoise ag baint úsáid as an gcistíocht. Is é aidhm scéim mharcanna an fhaiche imeartha leibhéal gníomhaíocht fhisiceach agus imirt bunaithe sa scoil a mhéadú i dteannta líon na leanaí atá gníomhach a mhéadú.

D'oscail Faiche Imeartha nua i Lána Tin Aoil Mhaighean Rátha

Chonaic Feabhra, 2010 oscailt oifigiúil áiseanna imeartha Lána Tin Aoil – Faiche Imeartha 'Croí na nÓg. Bhí sé seo ina thionscnamh uathúil, an chéad fhorbairt fhaiche imeartha cónaithe sa chontae ag aontú dhá cheantar; cónaitheoirí Respond agus na cónaitheoirí bunaithe, á dtógáil le céile chun imeartha. Léiríonn an áis gealltanas Chomhairle Chontae Laoise dá bPolasaí Imeartha 'Playing for Keeps' agus don bPolasaí Náisiúnta Imeartha. Ghearr Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, an Comhairleoir James Daly an ribín le cabhair ó Zoe Doheny, cónaitheoir Lána na Tin Aoil, go raibh a h-iontráil roghnaithe chun an fhaiche imeartha a ainmniú mar 'Croí na nÓg' – Croí na nDaoine Óga.

FAI/Comhairle Chontae Laoise – Clár Sacar ins an Pobail

Cláir Sacar an Phobail

Bhí an clár sacar sa chontae seoltatrasna an chontae in Eastáit áitiúla na Comhairle agus i gceantair Phobail. Bhí na ceantair ainmnithe ag cónaitheoirí áitiúla agus ag Comhairleoirí. Tá an clár dírithe ar leanaí go bhféadfadh sé tarlú ná imríonn siad sacar le club. Rith na cláir ar feadh 8 seachtaine i gCnoc Maí Port Laoise, i Lána Tin Aoil, Cúil an tSúdaire, in Áit Naomh Bhríde, Port Laoise agus i mBaile Aidéin Mainistir Laoise. Ghlac leanaí d'aois 6-14 páirt ins an gclár le ós cionn 100 leanbh ag fáil oiliúna ar bhonn seachtainiúil.

Clár Sacair do Pháistí Óga

Tugadh isteach Sacar do Pháistí Óga chun gníomhaíocht sacair a thabhairt isteach do bhuachaillí agus do chailíní d'aois idir 3 agus 6 bliana. Níl mórán deis ann faoi láthair do leanaí ins an aois seo sacar d'fhoghlaim i dtimpeallacht spraoi, ach ina oideachas ag an am gcéanna.

Tá an clár á rith faoi dhíon le linn tréimhse 8 seachtaine. Foghlaimíonn leanaí bunphrionsabail sacair faid is go gcuirtear i bhfeidhm gnéithe oideachais le h-uimhreacha, dath, ainmhithe, &rl. san áireamh ann.

Sacar i Scoileanna

Éascaíonn Cumann Peile na hÉireann (CPÉ) gach leibhéal leanaí scoile i gcláir dhifriúla rite trí scoileanna.

Ritheann Comórtas bunscoile cúigear an taobh de chuid Xtravision in Aibreán/Bealtaine gach bliain agus is comórtas náisiúnta é. Is féidir le gach scoil foirne Buachaillí, Cailíní nó foirne measctha a chur isteach laistigh dá gcontae. Ghlac 61 foireann páirt i gcomórtas Laoise ag teacht ó 23 scoil.

Tá Comórtas Futsal na mBunscoil rite i nDeireadh Fómhair/Samhain gach bliain. Chuaigh 9 bhfoireann isteach sa chomórtas ag teacht ó 7 scoil. Bhí Bunscoil Bhuachaillí Naomh Póil mar na buaiteoirí i gcomórtas na mbuachaillí agus bhuaigh Bunscoil na Carraige Comórtas na gcailíní.

Ritheann Comórtas Fustal na Meánscoil i Samhain/Nollag. Tá sé dírithe ar leanaí sa chéad bhliain, seo comórtas le buaiteoirí gach contae go bhfuil ionadaíocht déanta orthu ag leibhéal réigiúnach. Ghlac 3 scoil páirt le deich bhfoireann ann. Dob iad buaiteoirí na mbuachaillí Mhaighean Rátha agus dob iad buaiteoirí na gcailíní Scoil Críost Rí, Port Laoise. Chuaigh an dá fhoireann ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Laois ag cluichí ceannais Laighean i gContae na Mí.

Sacar déanach is t-Oíche

Bhí an clár seo bunaithe, go príomha, chun gníomhaíocht a thabhairt do dhaoine fásta d'aois 15-18 déanach oíche Dé h-Aoinne. Tá an clár rite i dteannta leis na Gardaí agus le tionscadal athstiúrtha na nGardaí don óige ins an mbaile go bhfuil an t-sraith bunaithe ann. Bhí an t-sraith Sacair déanach is t-oíche rite i n-dhá áit i 2010 – Tigh Mochua mar an mol tuaithe agus Cúil an tSúdaire mar an mol Uirbeach. Ghlac ós cionn 50 déagóirí páirt ins an gclár le duaiseanna á mbronnadh ar na buaiteoirí.

Oideachas ar son Chóitseálaithe

Ritheann CSÉ cúrsaí oideachais chóitséalaithe chun cabhrú le daoine teastais chreidiúnaithe CSÉ d'fháil chun cabhrú leo forbairt mar chóitseálaithe. Bhí Cúrsa amháin Kick Start Príomhshrutha rite i bPort Laoise i dteannta le Kick Start 2 amháin. Rith príosúin Phort Laoise dhá chúrsa Kick Start 1,

ceann amháin do phríosúnaithe Bloc C agus an dara ceann don oifigeach príosúnach trasna na hÉireann. Chríochnaigh mic léinn Oiliúna Choláiste Phort Laoise, chomh maith, a gcúrsa Kick Start 1.

Sacar na Mná/gCailíní

Clár na nDeirfiúracha Sacair

Bhí trí cinn de chláir Deirfiúracha sacair rite i Laois le linn 2010. Le linn saoire na Cásca, bhí dhá Champa Cásca do Dheirfiúracha Sacair rite i Móinteach Mílic agus i bPort Laoise. Ghlac 60 rannpháirtí páirt ins na campaí. Dhein Scoil Mhuire i Mainistir Laoise óstaíocht, chomh maith, ar chlár Deirfiúr Sacair le 45 rannpháirtí ag deireadh 2010.

Sraith Fóillíochta Sacair do Mhná

Tá an t-sraith seo rite do Mhná ós cionn ocht mbliana déag. Ritheann an tsraith ar feadh uair a chloig i mBealtaine/Meitheamh gach bliain agus tá sé dírithe ar mhná nár imir sacar ná aon spórt eile riamh. Ghlac 36 bean páirt i 2010 le 12 bean ag glacadh páirt le foirne áitiúla tar éis don tsraith críochnú.

Sacar don Uile Dhuine

Tá clár CSÉ don uile dhuine déanta suas de chláir sacair atá rite do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Tá a lán deiseanna ann do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Laistigh de Laois, oibríonn oifigeach forbartha CSÉ le roinnt grúpaí difriúla leis an nGréasán Náisiúnta Foghlama, Scoil Speisialta Naomh Francis agus Cúram Athshlánaithe san áireamh. Bhí seisiúin seachtainiúla rite leis an nGréasán Náisiúnta Foghlama agus le Scoil Naomh Francis agus tugadh tacaíocht do chóitseálaithe Chúram Athshlánaithe. Chríochnaigh rannpháirtithe a gcúrsa cóitseálaithe Kick Start 1.

Sacar Sraith Sráide

Ritheadh sraitheanna sráide thar 10 seachtaine ó Bhealtaine go Lúnasa chun gníomhaíocht seachtainiúil a sholáthar do mhic léinn, do dhaoine dífhostaithe ar feadh tréimhse fada nó do dhaoine atá ag athshlánú ó andúil in alcól nó i ndrugaí. Bhí 2010 mar an bhliain ba rafara, de bharr go raibh imreoir ó Ionad Phort Laoise roghnaithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i gCorn Domhanda Easpa Dídine sa Bhrasaíl. Bhí Brian Farrell mar chaptaen na foirne, chomh maith, sa Bhrasaíl.

LEABHARLANNA

Leabharlannaí Contae:: Gerry Maher

Brollach

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 8 brainse páirt-aimseartha agus 4 bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair i gclár forbartha bhonneagair mór. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair le clár forbartha bonneagair mór ag comhlíonadh na n-aidhmeanna atá leagtha amach i bPlean Forbartha na Leabharlanna 2007-2011.

Leabharlann Mhóinteach Mílic agus an Áiléar Ealaíona

Bhí Leabharlann Mhóinteach Mílic agus an Áiléar Ealaíona oscailte go hoifigiúil ag John Moloney, T.D. Aire an Míchumais agus Sláinte Inchinne i Meitheamh.

Oscailt Oifigiúil Leabharlann Mhóinteach Mílic & Áiléar Ealaíona

The building, measuring 690m2, has extensive adult and children areas, study areas, teenage section, a large suite of internet PCs and WIFI connectivity, CD and DVD collections.

Tá ceantair fhorleathan do dhaoine fásta agus do leanaí, ceantair staidéir, rannóg déagóirí, sraith mhór RP agus nascacht WIFI, bailiúchán CD agus

DVD ins an bhfoirgneamh, go bhfuil 690m2 i méid ann. Tá an leabharlann uathoibrithe ina iomlán agus tá áiseanna féin-seiceála ann. Tá an áiléar ealaíona feistithe leis na córais chrochta agus shoilsithe is déanaí agus tá sé le fáil d'ealaíontóirí áitiúla agus réigiúnacha chun a gcuid oibreacha a thaispeáint. Tá ceantar caife/tae suite laistigh de na leabharlanna le haghaidh phátrúin.

Ins an tréimhse 7 mí ón am oscailte suas go deireadh 2010, dhein an leabharlann ballraíocht cláraithe 1,891 duine a thaifeadadh agus d'eisíodh 44,205 earra don bpobal. Bé méid iomlán na gcuairteanna chuig an leabharlann ná 24,712 ins an dtréimhse chéanna. Mar atá soiléir ós na figiúirí seo, bhí an áiléar leabharlanna agus ealaíona mar bhuntáiste mór sa bhaile agus leanann sé ag mealladh ball agus cuairteoirí nua.

Leabharlann Bhaile Uí Laigheanáin

D'oscail an Cathaoirleach James Daly, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise áitreabh nua ar chíos, Leabharlann Bhaile Uí Laigheanáin ar an bPríomh Shráid. Bhí ath-chóiriú agus stoc leabhair iomlán nua bainte amach a sholáthraíonn seirbhís nua-aimsire i dtimpeallacht chompordach. Tá an leabharlann uathoibrithe ina iomlán agus tá dhá phointe phoiblí idirlíon le ceangal leabharlann ann.

Oscailt Oifigiúil Leabharlann Bhaile Uí Laigheanáin

Leabharlann an tSráidbhaile

Le linn na bliana leanadh le hathnuachan Teach Cúirte an t-Sráidbhaile. Nuair a críochnófar é go luath i 2011, feidhmeoidh an leabharlann ó bhonn urlár an áitribh ó spás 100m2 go hachomair. Beidh an leabharlann uathoibrithe ina iomlán agus soláthróidh sé 5 pointe idirlín ina iomlán ann. Bhí deontas €100,000 ceadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh stoc leabhair agus athchóiriú na leabharlanna. Beidh 4 stiúideo ealaíontóirí agus stiúideo cleachtadh ceangailte leis an leabharlann.

Stair/Staidéar Áitiúil

D' Fheabhsaigh foireann na leabharlainne agus chuireadar cuid bhreise leis an suíomh idirlín stairiúil www.askaboutireland.ie. Tá rogha mór ann de chártaí poist Chontae Laoise m.sh. sean scéimh sráide agus díol suntais cáiliúla. Tá insint nua ann, chomh maith, faoi chustaim agus faoi bhéaloideas áitiúil. Is é an ceangal ó Leathanach Idirlín an Leabharlainne ná: www.laois.ie/leisureandculture/libraries/localresearch. Tá roinnt leabhar cáiliúil maidir le stair áitiúil i bhformáid dhigiteach agus tá siad ar fáil anois ar líne. Is iad "Statistical Survey of the Queens County" le Coote agus "The History of the Queens County" le O'Byrne.

Foghlaim Ríomhaireachta agus Ríomhfhoghlaim FÁS

Thug Leabharlanna Chontae Laoise, i bpáirtíocht le FÁS, 'Tionscadal um Ríomhfhoghlaim FÁS sna Leabharlanna' isteach sna leabharlanna i Laois. D'fhorbair FÁS an clár nua foghlama do dhaoine a bhfuil beagán scileanna TF acu, nó gan scil TF ar bith acu, agus do dhaoine chomh maith a bhfuil roinnt scileanna bunúsacha acu.

Tá ag éirí thar fheabhas leis an tionscadal i Leabharlanna Mhóinteach Mílic, Mhainistir Laoise, Mhaighean Rátha agus Phort Laoise agus tá liostaí feithimh ann do na cúrsaí go léir.

Tá WIFI ar fáil anois i Leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire, Mhóinteach Mílic agus Ráth Domhnaigh.

Ciste Leabhar

B'ionann an Ciste Leabhair don bhliain 2010 agus €90,000.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Bhí réimse mór ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag Leabharlann Chontae Laoise i ngach Leabharlann Brainse mórthimpeall an chontae i 2010. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta mórthimpeall an chontae taitneamh as an réimse ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhí eagraithe ag foireann na leabharlanna. Bhí clár na bliana seo gnóthach agus lán de spórt le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíona, ceadail ceoil, clubanna leabhar agus seanchas ann.

Bhí seachtain Leabharlanna na hÉireann, Seachtain Oidhreachta agus Féile Leabhair na Leanaí san áireamh i mbuaic phointí na bliana.

Seachtain Oidhreachta – Ócáidí Leabharlanna

Dhein na leabharlanna uile óstaíocht ar roghnúchán mór ócáidí don tseachtain oidhreachta i 2010. Thug Reptile Zoo cuairt ar Leabharlanna Cúil an tSúdaire agus Móinteach Mílic agus thug Stair Bheo na hÉireann seisiúin staire anamúil do leanaí i Leabharlanna Mhainistir Laoise, Mhóinteach Mílic agus Ráth Domhnaigh. Bhí seisiúin tarraingthe fiabheatha ar siúl ag an maisitheoir cáiliúil Gordon Darcy i Leabharlanna Mhóinteach Mílic agus Phort Laoise. Bhí léachta géineolaíochta ar siúl ag Dr. Jane Lyons i leabharlanna Phort Laoise agus Mhainistir Laoise agus bhí a lán daoine i láthair ann.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean leabharlann Mhaighean Rátha le hócáidí agus le gníomhaíochtaí leanaí le linn 2010. Lean cuairteanna ranga agus taispeántais Leabhar le healaíon agus le ceardaíocht do léitheoirí níos óige ar siúl i rith na Cásca. Bhí Cóisir Tae Mad Hatters ar siúl don gcáisc. Thug an t-údar Niamh Sharkey cuairt i Meán Fhómhair le haghaidh Fhéile Leabhair na Leanaí agus bhí am-scéil idirghníomhach ar siúl le leanaí scoile áitiúla. Tá clubanna leabhair do dhaoine fásta agus do leanaí ar siúl gach mí ins an leabharlann.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Lean ócáidí seachtainiúla agus míosúla i Leabharlann Mhainistir Laoise. Siad na buaicphointí siopa oibre amhrán i Feabhra, siopaí oibre cruthaitheacha le Nadaline Webster in Aibreán, i Meitheamh bhí an leabharlann páirteach le Féile na Mainistreach le cuairteanna údar ag Oisin McGann agus Dermot Bolger ann. Bhí taispeántais puipéid agus péinteáil aghaidh ar siúl, chomh maith, do dhaoine óga le haghaidh Fhéile na Mainistreach. Thug an t-údar Niamh Sharkey cuairt le haghaidh Fhéile Leabhair na Leanaí agus bhí Am-Scéil Feistis Bhréige ar siúl ann, chomh maith. Bhí áthas ar an Leabharlann an taispeántas 'Enchanted' a bheith ar siúl le haghaidh fhéile leabhair na leanaí. Leanann an Áiléar Ealaíona a bheith ina shuíomh phríomha sa chontae le haghaidh thaispeántais le 9 dtaispeántas ealaíona ar siúl ann le linn na bliana.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain d'ócáidí an-ghnóthach ag Leabharlann Phort Laoise agus i measc iad seo bhí clubanna leabhar míosúla do dhaoine fásta, cuairteanna ranga seachtainiúla, e-fhoghlaim agus comórtais FÁS. Bhí roinnt cruinnithe grúpa Grow Your Own ar siúl i Leabharlann Phort Laoise.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Bhí sceideal gnóthach ócáidí ar siúl ag Leabharlann Mhóinteach Mílic ón am a osclaíodh é i mBealtaine, 2010. Bhí an leabharlann an-rafar ón am a osclaíodh í agus tá sí ina mhealltacht mhór don bpobal i Móinteach Mílic agus do na ceantair mórthimpeall air. Bhí cuairteanna ranga seachtainiúla, clubanna leabhair do dhaoine fásta agus do leanaí, am scéil agus clubanna cluichí seachtainiúla ar siúl ann.

Bhí an Áiléar Ealaíona in áirithe ina iomlán ó Bhealtaine le healaíontóirí Tom Joyce, Anne Sands agus Cumann Grianghrafadóireachta Mhóinteach Mílic ann.

An tSeirbhís Phríosúin

Oibríonn seirbhís na leabharlanna le foireann Príosúin Lár na Tíre agus Port Laoise chun seirbhís a sholáthar atá múnlaithe sa mhéid agus is féidir ar an leabharlann phoiblí. Soláthraíonn leabharlanna an phríosúin teacht ar leabhair, ar pháipéir nuachta, ar irisleabhair agus ar stoc eile ilmheán i dteannta le spás chun dul ar thóir suimeanna oideachais, cultúrtha agus fóillíochta. Tá i gceist, go háirithe, ag gníomhaíochtaí ceannaithe stoc agus gníomhaíochtaí leabharlanna iarracht grúpaí soghonta a bheith san áireamh agus litríocht agus léitheoireacht a thabhairt isteach ins na príosúin. Cabhraíonn an leabharlann le príosúnaithe déileáil lena mbreith i slí dearfach agus pleanáil agus oibriú, chomh maith, i dtreo saoil nua tar éis dóibh a bheith scaoilte amach.

Sholáthraigh an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais €23,000 le haghaidh stoc leabharlanna a cheannach agus i dteannta san d'fhorchúitigh siad tuarastail bheirt oibrí leabharlanna a oibríonn lán-aimsire i bpríosúin Lár na Tíre agus Port Laoise go Comhairle Chontae Laoise.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta 2010

L: Seirbhisí Leabharlainn

L. 1 Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal

Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna lán-aimseartha:	35.3
Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna páirt aimseartha (nuair is cuí):	8.58
Fán gcéad na leabharlanna lán aimseartha go bhfuil oscailtí Am Lóin acu:	100%
Fán gcéad na leabharlanna páirt aimsire gobhfuil oscailtí tráthnóna acu:	100%
Fán gcéad na leabharlanna lán aimsire go bhfuil oscailtí acu ar an Satharn:	100%

L. 2 Méid na gcuairteanna leabharlanna lán aimsire per daonra 1,000: 64.6

L. 3 (i) Caiteachas bliantúil ar stoc per duine sa daonra timpeall an chontae.: 1.34

(ii) Méid na n-earraí eisithe per duine sa daonra timpeall an chontae le haghaidh::

- leabhair 3.28
- earraí eile 0.83

L. 4 Méid na gcuairteanna leabharlannalán aimsire per daonra 1,000: 162

Leabharlann Mhóinteach Mílic agus an Áiléar Ealaíona

Coiste Polasaí Straitéiseach An Chomhshaoil & Seirbhísí Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Cathaoir: John Joe Fennelly, M.C.C.

Baill	Ranna
Ray Cribbin, M.C.C.	Michael McEvoy
Tom Mulhall, M.C.C.	Sheelagh Coyle
Patrick Bowe, M.C.C.	Jason Redmond
Patrick Bracken, M.C.C.	Senan Gardiner
David Goodwin, M.C.C.	
Stephen Lynch, T.C.	

COMHSHAOL

Innealtóir Sinsir: John O'Donoghue

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cruinniú ar siúl ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.) Pleanála & Forbartha & Comhshaoil le linn 2010 chun doiciméad polasaí a phlé agus a cheadú mar Pholasaí Charachtair na Tírdhreacha, an Polasaí Tógála Inmharthana agus an Polasaí Fuinnimh Gaoithe. Fuair an Choiste tuairiscí dul chun cinn agus uasdátaithe ar Bhainistíocht Bruscair, Athbhreithniú ar Phlean Fhorbartha an Chontae agus Moltaí Páirtíochta Pobail le haghaidh Ghlanadh Suas ar Thaobh an Bhóthair faoin dTuath ag déanamh imlíniú ar na cuspóirí agus ar na bearta buacacha faoi na catagóirí éagsúla.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Glanadh Suas Laoise

Rith Seachtain Glanadh Suas Laoise ón 12ú go dtí an 16ú Aibreán 2010. Eagraithe i dteannta le Glanadh Earraigh An Taisce agus ins an seachtú bliain anois, seo ceann de thionscnaimh glanadh suas na Comhairle is mó agus ghlac an méid daoine is mó riamh páirt ann i 2010.

Seachtain Ghlantacháin Laoise

Bhí pacaí déanta suas de ardaitheoirí bruscair, lámhainní agus málaí tugtha amach do ghrúpaí cláraithe agus bhí an bruscar a bailíodh san glanadh suas tógtha agus curtha de láimh ag Oifigigh Fhorfheidhmithe Comhshaoil. Bhí a lán den glanadh suas déanta suas de ábhair a bhí dumpáilte go mídhleathach. Arís bhí páirt ghníomhach ag Coiste Phort Laoise i gCoinne Bruscair (P.L.C.B.). Bhí tionscnamh nua eile do 2010 ar siúl i nDeireadh Fómhair, nuair a bhí dara seachtain glanadh suas Laoise eagraithe.

Bailte Slachtmhara

Bunaíodh Cónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara i 1998 agus faoi láthair tá 26 grúpa cláraithe. Caomhnaíonn agus na bailte seo an comhshaol áitiúil ina bpobal agus cuireann siad feabhas air, agus dá bhrí sin is acmhainn luachmhar iad. Tá Comhairle Chontae Laoise i mbun oibre gníomhach le Coistí na mBailte Slachtmhara chun cabhrú le hinsealbhú sa todhchaí agus chun fás agus forbairt leantach a chinntiú.

Maighean Rátha – Buaiteoir Iomlán Chomórtas na mBailte Slachtmhara 2010

San áireamh mar chúnamh do na grúpaí bhí Deontais um Bailte Slachtmhara, Scéim Boscaí Bruscair Rothach an tSamhraidh, rannpháirtíocht i Seachtain Ghlantacháin Laoise, Comórtas agus Dámhachtain Chónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara.

Deontais

Bronnadh maoiniú ar 69 grúpa le haghaidh tionscadal éagsúil lena dtugtar buntáiste don chomhshaol agus lena gcuirtear feabhas ar áiseanna áitiúla, faoi réir an Scéim Deontais Phobail. Tugadh maoiniú do 40 tionscadal breise faoi réir an Maoiniú Pobail Tionscadail. Leithdháileann an maoiniú seo € 1,500 go gach ball tofa de Chomhairle Chontae Laoise chun tionscadail fhiúntacha ina gceantair féin.

Fuair 10 ghrúpa cúnamh airgid faoi Chiste Páirtíochta Clár Oibre 21 atá mar chomhthionscnamh idir Chomhairle Chontae Laoise agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá i gceist go gcabhróidh sé le meabhraíocht timpeallachta agus le forbairt inmharthana.

Eagraíonn Comhairle Chontae Laoise i dteannta le Cónaidhm Laoise de B. na T. an comórtas 'Ealaíon ó Bhruscar' le haghaidh bhunscoileanna gach bliain.

Meabhraíocht & Oideachas Comhshaoil

Duaiseanna Comhshaoil

Sé ceann de bhuaicphointí na bliana ná na Duaiseanna Comhshaoil Bhliantúla a admhaíonn agus a thugann duais do na grúpaí pobail flúirseacha mórthimpeall an chontae as ucht a bpáirtíocht i bhFeachtas Laoise na mBailte Slachtmhara, i nDúshlán Laoise an Idirphobail agus i dTionscnamh Gníomhaíochta an Phobail. Téann gach tionscnamh ó neart go neart gach bliain agus seo tiomna nua don obair gur thug na grúpaí deonacha fúthu ag leibhéal áitiúil trasna an chontae.

Clár na Scoileanna

Leathnaigh an Chomhairle a chlár do scoileanna a chomhthiteann leis an méadú i méid na scoileanna a fuair Duais an Bhrait Ghlais mór le rá (48 ag deireadh 2010). I measc na dtionscnamh éagsúla tá Clár na Scoileanna Glasa, comórtas na mBunscoil Slachtmhar, tionscnamh Meánscoileanna na Meán ECO i dteannta le cainteoirí ar chuairt agus grúpaí ar chuairt go scoileanna a eagrú chun téamaí éagsúla comhshaoil a phlé a nascann le Clár na Scoileanna Glasa m.sh. caomhnú uisce, bainistíocht fuíll &rl. Bhí seimineáir múinteoirí ar siúl, chomh maith, a chabhraíonn le clár na Scoileanna Glasa a chur chun cinn.

Aeráid le haghaidh Athraithe

Fuair Comhairle Chontae Laoise Gavin Harte ó Thraenáil ESD chun a chaint 'Aeráid le haghaidh Athraithe' a sheachadadh mar chuid den bhfeachtas náisiúnta meabhraíochta ar Athrú Aeráide. I measc lucht féachana Gavin bhí foireann Chomhairle Chontae Laoise, Grúpaí na mBailte Slachtmhara, an pobal ginearálta agus mic léinn Meánscoile. D'imlínigh an cur i láthair (atá déanta suas de ghrianghraif, de ghearrthóga físeáin agus de bheochana) tionchar ár ngníomhaíochtaí bhliantúla agus conas go gcabhraíonn siad seo le h-Athrú Aeráide. Dheimhnigh stíl Gavin sa chur i láthair go raibh an lucht féachana uile páirteach ó thús go deireadh. Seo ceann de a lán gníomhaíochtaí eagraithe ag an gComhairle chun inmharthanacht a fhorbairt isteach i ngach cuid de ghníomhaíochtaí laethúla na Comhairle.

An Clár EcoCert

Ins an dara bliain anois, tháinig breis fhorbairt ar an gClár EcoCert, atá mar pháirtíocht idir Chomhairle Chontae Laoise, Uíbh Fháilí agus Phort Láirge, an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil agus na comhairleoirí comhshaoil Econcertive. Bhí seimineáir bhreise ar siúl agus bhí eolas tiomnaithe san áireamh ar shuíomh idirlín na Comhairle. Tá an clár dírithe ar ghnóthaí beaga agus ar eagraíochtaí eile chun a chuid costais a laghdú agus a chomhlíonadh chomhshaoil a fheabhsú ag an am gcéanna.

Bainistíocht Dramhaíola

Mar iarracht aghaidh a thabhairt ar an fhadhb bhruscair, tugadh an tAcht um Thruailliú Bruscair isteach i 1997 ag tabhairt cumhacht d'údaráis áitiúla ionchúiseamh a chur orthu san go mbeirtear orthu ag caitheamh bruscar agus an dualgas a chur ar thríú páirtí cruthú bruscair a sheachaint. Bhí an tAcht leasaithe ina dhiaidh san chun cumhachtaí cosúil le sin atá ag na húdaráis áitiúla a thabhairt do na Gardaí i dteannta leis na pionóis bhruscair a mhéadú.

Maoir Bhruscair

In ainneoin infheistíochta & acmhainní móra i nglanadh na sráide, oideachas/meabhraíocht agus forfheidhmiú, tá fadhb bhruscair infheicthe fós ag an dtír. Cuireann bruscar isteach ar gach aoinne agus éilíonn sé ar na pobail uile oibriú le céile chun aghaidh a thabhairt ar an fhadhb i.e. via glanadh suas áitiúil, feachtais frith-bhruscair, meabhraíocht áitiúil, ag obair le scairshealbhóirí tábhachtacha agus uasmhéadú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann don gcúis seo.

Sé Má Fheiceann Tú Rud Éigin! Abair Rud Éigin! an teachtaireacht ón Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil agus cuireann Rannóg Comhshaoil

Chomhairle Chontae Laoise an ráiteas seo i bhfeidhm. Tá a bheo-líne bruscair saor-fón ag an Rannóg seo (1850 323230) agus molann siad do bhaill an phobail a bheith ar a n-aire i dtaobh ghníomhaíochtaí dumpála mídhleathacha a thuairisciú. Tá an beo-líne á chur chun cinn pé am agus is féidir agus go háirithe trí dháileadh marsantachta saor i.e. comharthaí tralaí, buin toitíní, boscaí bruscair gluaisteán, tiachóga gluaisteán. I 2010, fuarthas 822 gearán comhshaoil ón bpobal – bhain 621 le bruscar.

I 2010, chomhlíon an Rannóg Fhorfheidhmithe a chuid dualgais i leith bhriseadh an Achta go raibh friotháil 303 fíneáil ar-an-spota le haghaidh chiontaí éagsúla mar thoradh air. Cuireadh fíneálacha nár díoladh (71) faoi bhráid le haghaidh chúrsaí dlí agus bhí 32 ciontaithe buacacha mar thoradh air. Tá úinéirí talún freagrach as talamh a choimeád saor ó bhruscar, mar sin, friotháladh 9 bhFógra Rannóg 9 mar thoradh ar seo.

Gnó na hÉireann i gcoinne Bruscar - GEFB

Sé Port Laoise an t-aon baile ins an contae a cháilíonn le haghaidh mheasúnú faoin tsraith náisiúnta frith-bhruscair – suirbhéanna atá stiúrtha dhá uair sa bhliain ag an Taisce. Tugtar cuairt ar 10 suíomh agus bíonn siad grádaithe le haghaidh láithreacht/neamhláithreacht bruscair.

I 2010, níor éirigh ró-mhaith le baile Phort Laoise ins an tsraith seo. Mar sin, beidh gach iarracht déanta chun ár ngrád a fheabhsú i 2011.

Le comhoibriú na foirne Ghlantacháin Sráideanna, Coiste na mBailte Slachtmhara, Coiste PAL agus an Rannóg Chomhshaoil, déanfar gach iarracht le linn 2010 chun an rangú seo a choinneáil.

Cosaint Chomhshaoil

Tá páirt ag an bhfoireann um Chosaint Chomhshaoil i gcur i bhfeidhm reachtaíochta agus polasaí maidir le caighdeán aeir, caighdeán uisce agus truailliú fuaime is infheidhme i gContae Laoise. San áireamh sna gníomhaíochtaí tá:

- Cur i bhfeidhm cláir mhonatóireachta chomhshaoil
- Cur i bhfeidhm agus forghníomhú rialachán
- Eisiúint, monatóireacht, agus forghníomhú ceadúnas doirte agus astaithe
- Fiosrú d'eachtraí truaillithe agus aimsiú foinsí truaillithe
- Freagairt ar ghearáin chomhshaoil ón bpobal.
- Ullmhú polasaí comhshaoil

Caighdeán an Uisce

Thug baill Chomhairle Chontae Laoise isteach Pleananna Bainistíochta Abhantrach Idirnáisiúnta 2009 – 2015 na Sionainne sular tugadh isteach é faoi dheireadh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Leagann na pleananna seo amach cuspóirí caighdeán an uisce do gach eagraíocht uisce sa chontae. Tá forfheidhmiú na bpleananna seo ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Le linn 2010, lean an fhoireann um Chosaint Chomhshaoil ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar uiscí dromchla agus talún Laoise faoi chláir mhonatóireachta Creat –Treoir Uisce Ina theannta sin, rinneadh anailísí forleathana ar aibhneacha sa chontae faoi réir na gclár monatóireachta um Scóir Riosca Srutha Bhig.

Rinneadh139 iniúchadh feirme san iomlán i rith 2010. Cabhróidh na hanailísí de shamplaí uisce abhann le haithint na gceantar ina bhféadfadh truailliú a tharlú.

Fuarthas 47 gearán san iomlán maidir le truailliú uisce agus rinneadh fiosrúcháin orthu i 2010. Mar thoradh ar na gearáin seo, eisíodh 7 Fógra faoi réir Alt 12 d'Achtanna an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 1990. Faoi láthair tá an Chomhairle i mbun imeachtaí dlíthiúla a tharchur i gcoinne roinnt páirtithe nár chomhlíon na fógraí reachtúla.

Gníomhaíocht	Uimh.
Clár Monatóireachta Treorach an Chreatlach Uisce (Déanta ag GCC)	276
Scóir Riosca na Sruthán Beag	36
Monatóireacht Abhantrach na Suirbhéanna Feirme	132
Samplaí de dhoirteadh ceadúnaithe	20
Iomlán	**464**

Tábla: Méid na samplaí tástáilte i 2010.

Ceanglaítear ceadúnas faoi réir Alt 4 d'Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977, i gcás ina ndoirtear eisilteach trádála nó séarachais isteach in uiscí dromchla nó in uiscí talún. Eisíodh 3 cheadúnas nua le linn 2010, lena dtugtar 16 ceadúnas san iomlán sa chontae.

Caighdeán Aeir

Sa chontae tá dhá cheadúnas um astú aer ann. Ach, tá ceann amháin acu i bhfeidhm, áfach. Fuarthas agus fiosraíodh 48 gearán maidir le caighdeán an aeir le linn 2010. I measc na ngearán bhí éagsúlacht ó thaobh a n-ábhar de, idir dhó bruscair, smúit ó ghníomhaíochtaí tógála agus cairéalaithe agus bholaithe.

Truailliú Fuaime

Fuarthas 19 gearán maidir le fuaim i 2010. Bhí 8 cinn déag des na gearáin seo mar cinn teaghlaigh agus ins na cásanna seo mholfadh an Chomhairle do dhaoine na fadhbanna mar madraí ag tafann, ceol ard a phlé ar dtúis agus teacht ar réiteach aontaithe. Bhí éagsúlacht ag baint leis na 11 ngearán eile mar uaireanta cloig feidhmiúcháin, tógáil agus trádáil.

Bainistíocht Dramhaíola

Bhí 45 banc tógála athchúrsála san iomlán ar fáil ar fud an chontae faoi dheireadh 2010. Osclaíodh Áis Chonláiste Pobail Chúil an tSúdaire (Ionad Athchúrsála) don phobal i mí an Mheithimh, 2009. Bronnadh an conradh le haghaidh bainistíochta agus feidhmiú na háise ar AES Ltd., ar feadh dhá bhliain le héifeacht ó mhí an Mheithimh, 2009. Tá an áis oscailte Dé Luain, Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn gach seachtain.

Líonadh Talún

Bhí Ceall 14 lán i lár Mí Iúil 2010. Thosaigh líonadh fuíll isteach i gceall 15A i lár Mí Iúil, 2010, tar éis cead GCC. Bé an cumas a bhí fágtha i gceall 15 ná timpeall 86,000 tonna ag deireadh 2010.

Críochnaíodh oibreacha caidhpeála i gceall 14 i Meán Fhómhair, 2010. Críochnaíodh tógáil Ceall 15 i Meitheamh 2010.

Páirceanna Poiblí

Leanann Páirc na nDaoine agus Páirc Abhainn Trióge agus an tSiúlóid Líneach i mBaile Phort Laoise ag soláthar spáis oscailte chaitheamh aimsire do mhuintir na háite agus do chuairteoirí. An bhliain seo bhí na Páirceanna lán de fhiabheatha in ainneoin titim sneachta agus báistí troime le linn na bliana. Tá éin bheaga gairdín, ealaí, lachain, spágaire tonn agus corr réisc mar chuairteoirí rialta, ag baint taitneamh as an suaimhneas ar an loch. Tá gléas aclaí agus cleachtadh na ndaoine fásta i ngach ceann den dá pháirc mar bhuntáiste don a lán daoine a úsáideann na sórtanna difriúla gléasra gach lá. Cabhraíonn an trealamh aclaíochta leis an bpróiseas athshlánaithe ó bhreoiteacht nó ó obráid.

Abhainn agus Loch Pháirc na nDaoine

Táscairí Feidhmíochta - Suíomh ag 31/12/09

E. Seirbhísí Timpeallachta

E. 3 Méid na dteaghlach gur soláthraíodh iad le bailiúchán fuíll leithscartha le haghaidh:

(i)	Ábhar in-athchúrsáilte tirim	100% *	* Bunaithe ar theaghlaigh a bhaineann úsáid as bailiúchán ar thaobh an cholbha sa chontae
(ii)	Orgánacha	9.69% *	

E. 4 Fuíoll teaghlaigh bailithe ó thaobh an cholbha agus fuíoll teaghlaigh bailithe ó áiseanna athchúrsála, atá curtha le haghaidh athchúrsála:

(i)	Fán gcéad fuíoll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.	25.5%
(ii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.	3,744
(iii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó fhuíoll bailithe ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc tógála, suímh conláiste Sibhialta, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile).	3,450

E. 5 Fuíoll teaghlaigh bailithe atá curtha chuig an líonadh talúnl:

- Tonnáiste	10,656
- Fán gcéad an fhuíll teaghlaigh bailithe	74.5%

E. 6 Áiseanna Athchúrsála

Catagóir:	**Colún A**	**Colún B**	**Colún C**	**Colún D**
	Méid na Suíomh Tógála	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán na nÁiseanna	Méid na suíomh per 5,000 den daonra
Gloine	45	2	47	3.50
Cannaí	45	2	47	3.50
Teicstílí	6	2	8	0.60
Cadhnraí	-	2	2	0.15
Ola	-	2	2	0.15
Cairtchlár	-	2	2	0.15
Iris Leabhair	-	2	2	0.15
Gloine Pláta	-	2	2	0.15
Miotal	-	2	2	0.15
Plaisteach	-	2	2	0.15
WEEE	-	2	2	0.15
Páipéar Nuachta	-	2	2	0.15
Adhmad	-	2	2	0.15
Lampaí Fluaraiseacha	-	2	2	0.15
Bruscar Fál	-	2	2	0.15
Boinn	-	2	2	0.15

E. 7 Bac ar Bhruscar & Caomhnú Timpeallachta

Méid iomlán na Maor-Bhruscair lán-aimseartha	3
Méid iomlán na Maor-Bhruscair páirt-aimseartha	3
Méid na Maor-Bhruscair (páirt aimseartha agus lán aimseartha) per daonra 5,000	0.45
Méid na bhFíneálacha ar an Spota eisithe	303
Méid na bhFíneálacha ar an Spota Díolta	152
Méid na bhFógraí eisithe (Faoi Rannóga 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht Truailliú Bruscair 1997)	19
Méid na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	71
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr neamh-íocaíocht de Fhíneálacha ar an Spota	71
Méid iomlán na n-ionchúiseamh slánaithe (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	32
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe (a bhain le neamh-íocaíocht de fhíneálacha-ar-an-spota)	32

- % na gceantar laistigh den Údarás Áitiúil atá:

Neamhthruaillithe (i.e. Saor ó Bhruscar)	13.6%
Truaillithe Abhar le bruscar	70.4%
Truaillithe go holc le bruscar	16.0%
Truaillithe go h-an olc le bruscar	0.0%
Truaillithe go dona le bruscar	0.0%

E. 8 Gearáin agus feidhmiú Gearáin Timpeallachta

- Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin a bhaineann le truailliú timpeallachta (maidir le fuíoll, bruscar, uisce, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	818
- Méid na ngearán fiosraithe	818
- Méid na ngearán socraithe sa chás nach raibh aon ghníomhaíocht bhreise riachtanach	705 (gan 12 ar feitheamh)
- Méid na gcás feidhmithe tógtha	101

E.9 Fán gcéad na Scoileanna ag glacadh páirt i bhfeachtais Chomhshaoil:

- Bunscoileanna	82%
- Meánscoileanna	100%

PLEANÁLA

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Pleanálaí Sinsir: Angela McEvoy

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir: Kieran Kehoe

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cruinniú ag an gCoiste seo i 2010. Bhí na polasaithe seo a leanas aontaithe agus curtha faoi bhráid an Ghrúpa Pholasaí Chorparáidigh le haghaidh bhreathnaithe sular léiríodh é do na baill thofa ag cruinniú míosúil na comhairle.

- Polasaí Fuinnimh Gaoithe
- Polasaí Tógála Inmharthana

An Rannóg Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn I dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail in-mharthanachta.

Is féidir an Rannóg Phleanála a bhriseadh síos i 5 aicme faoi leith:

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Tógála
(v) Eastáit a Thógáil i gCúram

(i) Bainistíocht Forbartha

Bé 650 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2010. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 125 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iar-rthóir iarratas nua a aighniú.

Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2010.

Lìon na n-iarratas pleanala a fuarthas	523
Lìon na n-iarratas cinntithe	501
Lìon na ndeontas	453
Lìon na n-eiteach	48

2010

Iarratais mhì-bhailì curtha ar as don iarrthoir	- 19%
Tagartha do oifigì crantar (laethanta oibre)	- 14

Bailiú Iarratais Pleanála

Déanadh bailiú ar 820 iarratas pleanála i 2010 agus bhí 721 bailí agus 99 neamhbhailí. Cé go raibh 19% des na hiarratais pleanála neamhbhailí, b' iad ná príomhchúiseanna ná go raibh fógraí poiblí as data, ainm gníomhairí fágtha ar lár ó léarscáileanna/léaráidí agus gan an tomhas ceart taispeánta ar leagan amach suíomh.

Déanadh achomharc i gcoinne 25 iarratas don Bord Pleanála.

Seirbhís Chustaiméirí

I 2010 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar line laistigh de dhá seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2010.

Bhí 313 cruinniú Réamh-phleanála ar siúl i 2010, go raibh deis ag baill an phobail ann cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sula n-aighnítear iarratas pleanála.

D'éascaigh na pleanálaithe an pobal, chomh maith, trí roinnt cruinnithe réamh-phleanála a bheith ar siúl acu ar an láthair.

Bhí 14 Teastas Rannóg 5 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2010.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 31,298 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Laoise. Tá i gceist go soláthróidh Plean Forbartha Chontae Laoise 2006 – 2012, a tugadh isteach in Eanáir 2006, creatlach straitéiseach agus comhthéacs polasaí ina ndéanfaidh an Údarás Áitiúil a gcinneadh pleanála laistigh de.

Tá dualgas orainn mar Údarás Pleanála, Plean Forbartha a dhéanamh dá limistéar feidhme agus athbhreithniú a dhéanamh air gach sé bliana. Ní foláir don úrphlean forbartha athchuir a ullmhú laistigh de thréimhse dhá bhliain, is é sin faoi Eanáir, 2012. Beidh an plean ann ansin go dtí 2018.

Leagtar amach an bunús dlíthiúil de Phlean Forbartha in Achtanna Pleanála agus Forbartha 2000-2010. Tá tábhacht shuntasach ag an bPlean Forbartha mar gheall ar a ról mar threoir d'fhorbairt sa Chontae sa todhchaí. Ní mór do gach forbairt comhlíonadh le riachtanais an Phlean.

Mharcáil foilsiú an fhógra ar an 31ú Nollag 2009, a deir faoin aidhm Dréacht Phlean Fhorbartha Chontae nua a ullmhú, tosú foirmiúil an phróisis athbhreithnithe dhá bhliana. Bhí roinnt cruinnithe ar siúl le páirtithe leasmhara, leis an bPobal agus le baill an Chomhairle Chontae idir an 31ú Nollag, 2009 agus an 1ú Márta, 2010. Chuathas i gcomhairle le Soláthraithe Seirbhíse, chomh maith, faoina bpleananna straitéiseacha agus faoi na cláir fheidhmithe. Breathnaíodh ar na gnéithe a ardaíodh trí an próiseas Comhairlithe agus d'fhoirmíodar cuid de Phlean Fhorbartha Chontae Laoise 2012-2018 agus an Dréacht Straitéis Miondíola. Tá Dréacht Straitéis Tithíochta 2012-2018 agus Dréacht Straitéis Miondíola 2012-2018 ins an Dréacht Phlean.

Bhí Dréacht Thuairisc Chomhshaoil i dteannta leis an nDréacht Phlean, agus é ullmhaithe i gcomhréir leis na Rialacháin um Phleanáil & Fhorbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004, Measúnú Cuí, de bhun Alt (6)3 de Stiúrthóireacht na nGnáthóga 92/43/AE agus Measúnú Straitéiseach ar Riosca na Tuile.

Leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2006-2012

Bhí leasú déanta ar Phlean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2006-2012 faoi Rannóg 20 den Acht um Phleanáil agus Fhorbairt 2000 (mar atá sé leasaithe). Sí cúis an leasaithe ná deimhin a dhéanamh de go bhfuil pleanáil an todhchaí i gcomhréir le pleanáil chuí agus le forbairt inmharthana an cheantair agus go léiríonn sé an cleachtas pleanála is fearr i dtreo is go ndeimhneofaí líniú leanúnach leis an bpolasaí pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil deiridh.

Ionchorpraíonn an leasú é seo a leanas:

1. Táirgeadh dhá mháistirphlean le haghaidh cheantair shuaithinseacha de chuid Phort Laoise
   (a) Máistirphlean Phurláin Thuaidh Phort Laoise
   (b) Máistirphlean Pháirc Náisiúnta Gnó an Tóchair
2. Treoirlínte nua Rialtais agus athraithe ins an reachtaíocht
3. An cleachtas is fearr i leith suíomh an mhiondíola i bPort Laoise
4. Úsáid neamh-chomhréireacha

Caomhnú

Tugann an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú don Scéim Deontais Caomhnaithe ar bhonn bliantúil agus is í Comhairle Contae Laoise a riarann í seo.

I 2010, dáileadh €71,000 ar 17 iarrthóir bhuacacha. Tá an scéim an-thábhachtach i dtaobh na struchtúr cosanta a chaomhnú sa Chontae agus leanann Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh í a chur i bh-feidhm.

Is féidir le húinéir nó le háititheoir de struchtúr cosanta iarradh ar údarás áitiúil Alt 57/Dearbhú a eisiúint lena n-áirítear na cineálacha oibreacha a d'fhéadfadh a dhéanamh gan cur isteach ar charachtar an struchtúir nó aon ghné den struchtúr a chuireann lena suim speisialta.

Ní bheadh gá le cead pleanála do na hoibreacha seo. Eisíodh 15 Alt 57/Dearbhú dá leithéid maidir le Struchtúir Chosanta i gContae Laoise le linn 2010.

Suímh Thréigthe

Ar an 13ú Nollaig, 2010, tugadh Tuairisc Dul Chun Cinn ar Shuímh Thréigthe i gContae Laoise don gComhairle Chontae. Sí aidhm na Rannóige Pleanála Ar Aghaidh díriú ar shuímh go bhfuil próifíl ard acu, a sheasann amach mórthimpeall an chon-tae. Cé go bhfuil an chuid is mó díobh seo suite ar na príomh-bhóithre ins na h-ionaid uirbeacha níos mó de chuid Phort Laoise, Móinteach Mílic, an Sráidbhaile agus Cúil an tSúdaire, tabharfar aghaidh ar dhearóiliú i gceantair thuaithe, chomh maith, nuair is cuí m.sh. suíomh tréigthe Rushes Inn ar an N78 in aice le Crochta Ard.

Samplaí de Shuímh Thréigthe á n-athchóiriú

An Baile Gaelach, Móinteach Mílic

Roimh

Tar Éis

Tá briseadh síos an Toghcheantair mar seo a leanas:

% Dhearóile ar Bhonn Ceantair

Bhuiríos Mór Osraí	28%
Ioma	23%
Port Laoise	23%
Mhóinteach Mílic	14%
Luggacurren	12%

(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus For-bartha, 2000-2010.

Forbairt Neamhúdaraithe

Forbairt neamhúdaraithe is ea nuair atá forbairt déanta gan aon chead pleanála cuí a fháil nó nuair nach bhfuil sé measta mar bheith díolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001. Ina theannta san, tá forbairtí atá á dhéanamh ná fuil i gcomhréir leis an cead pleanála tugtha mar fhor-bairtí neamhúdaraithe.

Feidhmeanna

Féachann an tÚdarás Pleanála i ndiaidh gach gearán scríofa d'fhorbairt neamhúdaraithe nuair a bhíonn bunús maith leis. Tá foirm gearáin chaighdeánaigh le fáil ar líne.

Céimeanna Imeachta Ginearálta

Nuair a fhaightear gearán scríofa bona fide, déanfar fiosrúchán agus déanfar cinneadh ar bhailíocht an ghearáin. D'fhéadfadh tús a chur leis na céimeanna Forfheidhmiúcháin seo a leanas.

D'fhéadfaí Litir Rabhaidh a eisiúint laistigh de 6 seachtaine ón dáta a fuarthas an litir ionadaíochta.

Seirbheáiltear Fógra Feidhmiúcháin nuair nach dtagtar ar réiteach sásúil ina dhiaidh eisiúna an Litir Rabhaidh. Leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin tug-tar fráma ama le haghaidh comhlíonadh leis na ri-achtanais agus mura gcomhlíontar na riachtanais laistigh den fhráma-ama d'fhéadfaí imeachtaí dlíthiúla a tharchuir i gcoinne an fhorbróra/ úinéara.

Tá an tÚdarás Áitiúil i dteideal na costais go léir a aisghabháil, costais riaracháin agus dhlíthiúla araon, arna dtabhú acu i dtóir na forbartha neamhúdaraithe. Is féidir le Fógra Forfheidhmiúcháin eisiúint i gcásanna práinneacha fiú amháin murar seoladh Litir Rabhaidh.

Forbairtí san Fhorfheidhmiú

Tá rannpháirtíocht an phobail níos airde anois sa Chóras Forfheidhmiúcháin de bharr go bhfuil an tÚdarás Pleanála faoi dhualgais breathnú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ghearáin. Is fianaise bhreise é méid na bhfiosraithe ó Oifig Fear an Phobail de rannpháirtíocht méadaithe ón bpobal.

Tá cumhachtaí reachtúla láidre ar fáil chun cumhacht a thabhairt don Údarás Pleanála déileáil le ciontóirí agus bhí méadú mór ins na fíneálacha inióctha, i dteannta le fíneáil íosmhéid a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil duine ciontaithe le cion maidir le forbairt neamhúdaraithe. Bhí Comhairle Chontae Laoise an-réamhghníomhach i 2010 i dtaobh athleanúint a dhéanamh ar ghearáin i leith fhorbairtí neamhúdaraithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó.

Samplaí: Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006, 2007, 2008, 2009 agus 2010.

(iv) Smacht Tógála

Déileálann an Rannóg Smachta Tógála le fógraí tosaithe faighte agus déanann siad cigireachtaí ar fhoirgnimh chun deimhin a dhéanamh de go gcloíonn siad leis na rialacháin Smachta Forbartha éagsúla.

Méid na bhFógraí Tosaithe Bailí Faighte	221
Méid na bhFoirgneamh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe Bailí	218
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu	54
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu mar % des na foirgnimh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe bailí	25%

(v) Eastáit a Ghabháil Faoi Chúram

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as eastáit a ghabháil faoi chúram a luaithe is atá iarratas faighte ón fhorbróir agus/nó ó chumann cónaitheoirí. Deimhníonn an t-Údarás Pleanála, sula bhfógraítear faoin ghabháil faoi chúram go gcaithfidh an t-eastát a bheith i gcomhréir leis na coinníollacha pleanála faoinar gceadaíodh é.

Chuathas i gceannas ar 10 gcinn de eastáit i 2010.

I 2010, roghnaíodh Comhairle Chontae Laoise mar an contae píolótach le haghaidh staidéar stiúrtha ag an CNF ar son an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil. Déanadh suirbhéireacht ar 70 eastát san Chontae ins an staidéar seo. Bhí athleanúint déanta ar seo ag suirbhé náisiúnta ar eastáit gur thug an RCORÁ fúthu, chomh maith, i 2010. Sholáthar na staidéir seo bunachar sonraí ar eolas ar mhéid na n-eastát sa Chontae agus ar mhéid na n-oibrithe éilithe chun iad a chríochnú. Sí aidhm Chomhairle Chontae Laoise oibriú i gcomhar le forbróirí na n-eastát agus le muintir na háite chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na heastáit críochnaithe i gcomhréir leis an gcead pleanála a tugadh. Sa chás go raibh teip ar an forbróir lena chuid dualgais, tá de chumhacht ag Comhairle Chontae Laoise an banna ar an eastát a ghlaoch isteach agus an t-airgead seo a úsáid chun an obair a dhéanamh sinn féin. I 2010, glaoigh Comhairle Chontae Laoise ar an mbanna ar roinnt eastát sa Chontae.

Pleanála agus Smacht Tógála

Comharthaí Comhlíonta

Tithe Aonaracha	31/12/10
Líon na n-iarratas cinntithe	163
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	62
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	101
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	72
% na ndeontas	85%
% na n-eiteach	15%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	50%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	50%

Orbairt Tithíochta	31/12/10
Líon na n-iarratas cinntithe	4
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	0
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	4
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	79
% na ndeontas	75%
% na n-eiteach	25%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	100%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Eile: Gan ghá le EIA	31/12/10
Líon na n-iarratas cinntithe	333
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	216
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	117
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	1
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	74
% na ndeontas	93%
% na n-eiteach	7%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	74%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	26%

Eile: Gá le EIA	31/12/10
Líon na n-iarratas cinntithe	1
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	0
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	1
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	100
% na ndeontas	100%
% na n-eiteach	0%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Cur i bhfeidhm na Pleanála	**31/12/10**
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	130
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	12
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna.	14
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	139
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	35
Líon Iomlán na gciontuithe	11

Opening Hours and Consultations	**31/12/10**
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	313
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	7
Foirgnimh iniúchta mar % de fhoirgnimh nua ar cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil fúthu	25%

SEIRBHÍS DÓITEÁN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Seirbhísí Dóiteáin

D'fhreagair an tseirbhís fheidhmeach ar 765 eachtra in 2010. Astu seo, bhí 453 mar thinte agus bhí na cinn eile mar ghlaonna seirbhíse speisialta; 97 tionóisc trácht bhóthair, 30 eachtra thuile,13 sub-staint chontúirteacha in iompar agus 159 meascán d'eachtraí eile

Aonad Slánaithe Teicniúil

Seachadadh feithicil aonad tarrthála teicniúil nua i Mí na Nollag go mbeidh trealamh tarrthála speisialta ann. Leanadh leis an gclár uasghrádaithe trealaimh dóiteáin nuair a cheannaíodh trealamh tarrthála tionóisc bhóthair, fearas cumarsáide agus aiseanna traenála.

Aonad Slánaithe Teicniúil

Bainistíocht Mhór-Éigeandála

Lean Coiste Bainistíochta Mór Éigeandála de chuid Chontae Laoise ag cruinniú le céile gach sé seach-taine chun plé a dhéanamh ar ár mBainistíocht ar Mhór-Éigeandála laistigh de Chontae Laoise.

h-Athraíodh an Plean ar Mhór Éigeandáil i Mí Marta

agus dáileadh é chuig an bpearsanra cuí uile. D'athraigh na ranna iomchuí uile Pleananna Freagartha Ranna BEM, na Fo-Phleananna Éigeandála agus na Meastacháin Riosca.

Bhí oibreacha leanúnacha ar siúl ar cheantar Seomra na Comhairle. Tá an ceantar curtha in oiriúint chun feidhmiú mar Ionad Comhordaithe Áitiúil Idir-Ghníomhaireacht i gcás go mbíonn Mór-Éigeandáil fógartha. Tá na fearais agus na cumarsáidí riachtanacha uile soláthraithe don ionad mar atá sonraithe laistigh den Doiciméad Treorach do Ionaid Chomhordaithe Áitiúla.

Bhí trealamh breise agus cumarsáidí soláthraithe do Cheannasaí na Foirne Saothair 'ar suíomh'. Chloígh Comhairle Chontae Laoise le achainí uile na Roinne i dtaobh idir thraenáil inmheánach do Fhoireann an Chontae agus Thraenáil Idir Ghníomhaireacht soláthraithe ag An Roinn.



Pobal an Rialtóra Oibríochtaí
Bainsitiú Mór-Éigeandála

Cleachtas Mór Éigeandála

Ar an 23ú lá de Aibreán bhí cleachtas Mór Éigeandála Idir Ghníomhaireacht ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise ina raibh na trí cinn de Ghníomhaireachtaí Príomha Freagartha páirteach ann, eadhon Údaráis Áitiúla Laoise, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Bhí nach mór 100 pearsanra páirteach san gcleachtas ó na trí cinn de na ghníomhaireachtaí príomha freagartha. Sholáthar Údaráis Áitiúla Laoise na h-áiseanna Chomhordaithe 'Ar Suíomh' a sholáthraigh do ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ó An Garda Síochána agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an suíomh molta don éigeandáil. Ina theannta san, na cúig seomraí atá tugtha do Bhainistíocht na Mór Éigeandála in Áras an Chontae, sholáthraigh siad don nGrúpa Chomhordaithe Áitiúil agus do na foirne tacaíochta a bhí ag na trí phríomh ghníomhaireachtaí freagartha.

Bhí radharc ionsamhlaithe ficsin in úsáid, ina raibh tancaer ceimicí iompaithe bun os cionn, cóiste le mór-chuid paisinéirí agus an il-iomad gluaisteán in úsáid ar lá an chleachtais. Bhí na pictiúir den ócáid cruthaithe ag Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chontae Laoise agus dáileadh iad ar lá na h-ócáide don lucht páirtíochta ag suíomh na Mór-Éigeandála molta eadhon ag Timpealláin an Tóchair. Lean an cleachtas ar aghaidh ansin chun cleachtadh a thabhairt do na trí ghníomhaireachtaí chun déileáil go h-éifeachtach agus le comhordú le mór-éigeandáil.

Ghluais an cleachtas ar aghaidh go rafar agus bhí an t-aiseolas ó lucht na páirte agus ó na maoir andearfach. Glacadh go fonnmhar ag lucht na páirte, ach go h-airithe, leis an gcleachtas agus bhí mórán foghlamtha acu san a ghlac páirt.

Traenáil

Chomh maith le traenáil do iontrálaithe nua don seirbhís, ghlac foireann an bhriogáid dóiteáin páirt i dtraenáil speisialtóireachta ins na h-ábhair seo a leanas teagasc i cúrsa caidéil, saothar ar airde, fearas análaithe, Iarnród Éireann, traenáil tiomána agus iompar le linn dóiteán in árasán. Bhí siopa oibre faoi thine a mhúchadh ar fhia-thalamh ar an 26ú la de Mhí na Samhna ag Stáisiún Dóiteán Phort Laoise.

Mheall sé seo scairshealbhóirí na Coillte, Bord na Móna, an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiabheatha agus Lucht Fás Foraoise Laoise le céile chun traenáil i dteannta lucht na seirbhíse dóiteáin do ócáidí dóiteáin foraoise, aitinn nó portaigh. Tá sé pleanáilte an comhoibriú seo a fhorbairt níos mó i 2011 trí an Grúpa Caidrimh Dóiteáin Fhia-Thalamh Laoise a chruthú.

Sláinte agus Sábháilteacht

Chun go laghdófaí an chontúirt a bhaineann le ceann de na baoil is mó san Seirbhís Dóiteáin, seoladh córas rafar, nua a bhaineann le bheith ag obair ar airde i ngach stáisiún le linn 2010.

Thosaigh ar an dtraenáil ar na Treoirlínte um Chaighdeán Náisiúnta Oibríochta le linn 2010 agus leanfar leis le linn 2011.

Bainistíocht Bhrú de Thoradh Ghéarchéime (B.B.T.G.)

D'fhostaigh Seirbhís Slándála agus Dóiteáin Chomhairle Chontae Laoise an Dr. Eddie Murphy chun ár seirbhís B.B.T.G. a sholáthar do phearsanra na seirbhíse dóiteáin.

Teastas Sábháilteachta Tine & Iarratais Phleanála

Bhí Teastais5367 forbairtí trádála i 2010 agus tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 184 iarratas Pleanála.

Ceadúnú Foirgneamh

Cuireadh Comhairle Chontae Laoise ar a eolas faoi iarratais i leith 94 tigh tábhairne le ceadúnas faoi réir Achtanna Ceadúnúcháin Deoch Mheisciúil a Dhíol, Hallaí Rince Poiblí agus Acht na gCrannchur agus na nGeall le linn 2010, déanadh iniúchtaí mar ba gá agus cuireadh tuairisc chuig seirbhís na cúirte.

Iniúchtaí ar Fhoirgnimh

Déanadh iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar 53 foirgneamh le linn 2010 agus cuireadh d' iachaibh ar roinnt cásanna feabhas a dhéanamh nuair a tugadh faoi ndeara go raibh laigí iontu.

Pleanáil Réamh-Tharlú

Ritheadh clár forbartha Réamh-Tharlú i 2010 chun an t-eolas faoi fhoirgnimh ar fáil do fhoirne dóiteáin a ardú ag ócáidí tine. Cuireadh achainí ar eolas chuig 30 foirgneamh i gceantair Dharú agus Mhainistir Laoise agus tá i gceist an tionscnamh a leathnú don gcontae ar fad i 2011.

Sábháilteacht Dóiteáin an Phobail

Déanadh eiseachada ar chlár na Scoileanna do 1491 daltaí ón dTríú rang sa chontae. Eiseachadadh léiriúcháin Sábháilteachta Dóiteáin do líon áirithe grúpaí pobail le linn na bliana, chomh maith.

Cosaint Síbhialta Laoise

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-ghníomhartha an eagrais
ná:

Garchabhair

Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála

Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i neasnamh go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine

Cleachtais chaidéalaithe agus dréimire, ag caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta

Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Scileanna Leasa

Béilí teo, deochanna agus tacaíocht síc-sóisialta.

Cumarsáid Raidió

Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagra Éigeandála

Ag freagairt do Éigeandála Móra

Chabhraíomar ag ócáidí le linn 2010 mar Pharáid Lá 'Le Pádraig, An Picnic Aibhléise agus aon fheidhm shibhialta a bhí á rith ag Údaráis Áitiúla Laoise.

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, dean teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomhphost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

Seachtain Mheabhraíochta Sábháilteacht Uisce 2010

Rith Sábháilteacht Uisce Laoise roinnt ócáidí le haghaidh Seachtain Mheabhraíochta Sábháilteacht Uisce ón 24ú go dtí an 31ú Bealtaine. Ar an 24ú Bealtaine, bhí oíche na nduaiseanna bliantúla ar siúl in Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Tugadh cuairt ar 26 scoil le linn na seachtaine ag tabhairt cur i láthair idirghníomhach ar shábháilteacht uisce. Seoladh Pas Snámha Óige an t-Samhraidh in Ionad Fóillíochta Cúil an tSúdaire ar an 27ú Bealtaine agus ar an 29ú Bealtaine thosaigh an Club Nipper nua in Ionad Fóillíochta Phort Laoise ar feadh 10 seach-

taine. Fuair na hócáidí uile tacaíocht mhór agus bhí an tseachtain an-bhuacach i dtaobh Mheabhraíocht Sábháilteacht Uisce a Ardú.

Dhein Sábháilteacht Uisce Laoise cuairteanna scoile ar 26 scoil chun a meabhraíocht a ardú faoi uisce. Sí aidhm phríomha an cur i láthair ná teach-taireacht sábháilte a thabhairt do leanaí faoi shnámh agus faoi shábháilteacht uisce le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Taispeánadh do na leanaí, chomh maith, conas baoi-fháinne a úsáid agus an tábhacht atá leo i locha, in abhainn agus i linnte mórthimpeall an chontae. Dob iad S.N. Chnocán na Mac Tíre buaiteoirí an chomórtais phóstaeir.

Seachtain Mheabhraíochta Sábháilteacht Uisce – B.S. Bhaile Átha an Róine

Ar an 24ú Bealtaine, bhí cur i láthair bhliantúil na dteastas Sábháilteachta Uisce ar siúl ag Sábháil-teacht Uisce Laoise in Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Labhair Uachtarán Sábháilteacht Uisce Laoise Arthur Drennan agus Ann Marie Maher, Oifigeach Sábháilteacht Uisce Laoise agus dhear-nadar comhghairdeas le gach aoinne de bharr a gcuid éachta agus labhair siad arís faoin dtábhacht a bhaineann le sábháilteacht timpeall uisce le linn míonna an tsamhraidh. Bhí an-fhreastal ag gach aoinne a bhí ag fáil teastais agus bhí oíche mhaith ag an uile dhuine acu.

Ranganna Sábháilteachta Uisce

Rith Sábháilteacht Uisce Laoise clár earraigh agus fómhair ó Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Bhí clár samhraidh ann, chomh maith, do dhaoine fásta agus do dhaoine óga i Linn Snámh Lasmuigh Bhaile na Cille. Tá na daoine óga idir 11 – 16 bliana d'aois agus tá ranganna na ndaoine fásta dóibh siúd d'aois 16+. Do fhreastal 140 duine (daoine fásta agus daoine óga) ar na ranganna i 2010. Ina theannta san, cháiligh Sábháilteacht Uisce Laoise 25 garda tarrthála linne. Bhí na ranganna á sheachadadh ag foireann de dheichniúr teagascóir deonacha.

Club na Leanaí Óga

Ar an 29ú Bealtaine thosaigh Sábháilteacht Uisce Laoise Club nua do Leanaí Óga in Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Tá an club do dhaoine ó 8 – 14 bliana d'aois agus rith sé ar feadh ós cionn 10 seachtaine. D'fhorbair na leanaí scileanna sábháilteachta uisce, d'fheabhsaíodar a gcuid aclaíochta, luas agus buillí agus chuadar in iomaíocht i gcomórtais linne sáb-háilteachta uisce.

Comhdháil Bhliantúil Oifigeach Forbartha Sábháil-teacht Uisce 2010

Dhein Comhairle Chontae Laoise óstaíocht ar Chomhdháil Bhliantúil Oifigeach Forbartha Sábháil-teacht Uisce in Aibreán, 2010. Bhí taithí ag Oifigigh Fhorbartha ó timpeall na tíre ar áiseanna den scoth in Ionad Fóillíochta Phort Laoise agus ag cuid Líne na Barúin den gCanáil Mhór i mBaile an Bhiocáire.

Uiscí Sábháilte

Lean Comhairle Chontae Laoise lena gclár ci-gireachta agus feistithe na bhfáinní baoi i suímh éagsúla timpeall Chontae Laoise. Bhí méadú mór i dtuairisciú baoi do bheith in easnamh ó thús an chláir www.ringbuoys.ie.

SUUP (Sábháilteacht Uisce Uisceach Príomha)

Lean an t-Oifigeach Forbartha Sábháilteacht Uisce Ann Marie Maher le SUUP (Sábháilteacht Uisce Uisceach Príomha) a chur chun cinn i 2010. Do fhreastal 5,500 leanbh ar an gclár SUUP a bhí á sheachadadh ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise agus 1,500 ag Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire.

Lá Spóirt Catholes

Le tacaíocht á fháil ó Shábháilteacht Uisce Laoise i dteannta le Páirtíocht Laoise, bhí ócáid ar siúl i Catholes ar an 15ú Lúnasa chun laethanta spóirt na 1940dí agus na 1950dí a athchruthú. Bhí sé seo rite ag an FCA ins an am atá caite. Tá na daoine áitiúla a ghlac páirt ins an ócáid seo mar leanaí ins na 60dí agus ins na 70dí anois agus bhí comórtas tu-madóireachta agus ócáidí spóirt le siamsaíocht ceoil san áireamh ann. Sholáthraigh Sábháilteacht Uisce Laoise Gardaí Tarrthála chun maoirseacht a dhéanamh ar cheantar an uisce.

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Gibson

Cathaoir: Martin Phelan, M.C.C.

Baill	Ranna
Brendan Phelan, M.C.C.	Francis Gorman
Ben Brennan, M.C.C.	Pat Culleton
Jeremiah Lodge, M.C.C.	Noreen Byrne
Kathleen O'Brien, M.C.C.	Miriam Hamilton
Seamus McDonald, M.C.C.	
Matthew Keegan, T.C.	

BÓITHRE

Innealtóir Sinsir: Michael O'Hora

Dáiltí Deontas Bhóthar 2010

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €88,235,850 le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamhnáisiúnta an chontae i 2010. Bhí €10.6m de seo ar fáil le haghaidh caiteachais ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Scéim PPP Mhótar-Bhealach M7 Port Laoise – Baile an Chaisleáin/M8 Port Laoise - An Chúl Choill

D'oscail an Taoiseach Brian Cowen T.D. Scéim PPP Mhótar-Bhealach M7 Port Laoise - Baile an Chaisleáin/M8 Port Laoise - An Chúl Choill, go hoifigiúil, ar an 28ú Meitheamh 2010.

Thosaigh Comhairle Chontae Laoise pleanáil ar an scéim i 2000 agus foilsíodh an Ráiteas Tionchair Timpeallachta faoin M7/M8 i Nollaig, 2003. Cheadaigh an Bord Pleanála an scéim reatha i nDeireadh Fómhair, 2004.

Thug an t-Údarás Náisiúnta Bóthar, faoina gClár Páirtíochta Poiblí Príobháideach, agus ag obair le Comhairle Chontae Laoise, an conradh géillte do Celtic Roads Group (CRG), Port Laoise Teo. chun an Scéim PPP M7/M8 a dhearadh, a thógáil, a chistiú, a oibriú agus a chothabháil. Tá CRG déanta suas de BAM PPP, Iridium agus an NTR cpt.

Sí an infheistíocht chaipitil ná €491 milliún idir chistíocht ón earnáil phríobháideach agus ó Chiste an Stáit. Déanadh cistíocht i bpáirt i leith an réamhdhearadh ag an Aontas Eorpach ó chiste Gréasáin Iompair Tras-Eorpach TEN-T).

Beidh ós cionn 50 fostaithe ar an bhfoireann trí CRG i bhfeachtas leanúnach agus cothabhála na Scéime PPPM7/M7 agus beidh siad lonnaithe ina bhfoirgneamh ag Foithir an Uchta lasmuigh de Phort Laoise. Tabharfaidh Midlink Ltd. tacaíocht ina ngnó agus san chothabháil do CRG.

Scéim Mótarbhealach M7 Bhaile an Chaisleáin (Doire na Sailí go Baile an Tuata)

D'oscail an 36 Km Scéim-Mhótarbhealach idir Bhaile an Chaisleáin agus Aonach Urmhumhan do trácht ar an 22ú lá de Mhí na Nollag, 2010 agus ba mhór an céim ar aghaidh é mar gurbh é an chuid deiridh den 180 Km Pasáiste Mór Idir-Chathrach (PMI) ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach a críochnaíodh.

Síneann An Scéim Mhótarbhealach M7 ó Bhaile an Chaisleáin go h-Aonach Urmhumhan ó bhaile fearainn Doirí na Sailí i gCo. Laoise, ó dheas ó Bhuiríos Mór Osraí, chuig Bhaile Fearainn Baile an Tuata, soir ó Sheachbhóthar Aonach Urmhumhan, i dTiobraid Arann Thuaidh.

Ceanglaíonn sé le Mótarbhealach M7, atá ann, ag an Mótarbhealach M7 Port Laoise chuig an Chúl Choill trí Mhór-Acomhal nua Buiríos Mór Osraí (Acomhal 21) buaileann sé leis siar, ó dheas den N7, mar atá, ar feadh 12 Km trí Chontae Laoise agus Tiobraid Arann ag dul trí Phortach Mhóin na hInse agus ag gabháil thar Abhainn na Feorach. Tá an dara mór-acomhal (Acomhal 22) suite laisteas de Ros Cré i dTiobraid Arann Thuaidh. Leanann an mótar-bhealach ar aghaidh ansin níos faide ó dheas ar feadh 12 Km ag seachaint Mhuine Gall i gCo. Uíbh Fháilí áit go bhfuil an Tríú Mór-Acomhal suite (Acomhal 23). Tar éis Mhór-Acomhal (A 23) Muine Gall leanann an mótar-bhealach ó thuaidh ó sheanbhóthar N7, ar feadh 12 Km, ag gabhail thar abhainn na Claise agus ag seachaint Tuaim Uí Mheara agus ina dhiaidh sin ceanglaíonn sé leis an M7, mar

atá, Mótar-bhealach Aonach Urmhumhan go Luimneach, ag an acomhal is faide soir de Sheach-Bhóthar Aonach Urmhumhan i dTiobraid Arann Thuaidh.

Dhein Comhairle Chontae Laoise eiseachada ar Mhótar-Bhealach M7 Bhaile an Chaisleáin go h-Aonach Urmhumhan ar a shon féin agus ar son Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí agus Tiobraid Arann. Dhein Comhairle Chontae Laoise, trí úsáid a bhaint as Oifig Dheartha na mBóthar Náisiúnta Chill Dara, na réamh-chéimeanna uile de phleanáil agus de dhearadh don dtionscnamh, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh air le linn chéim na tógála.

Scéimeanna Feabhsaithe Sonracha

Fuair Comhairle Chontae Laoise ciste ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh na scéimeanna seo a leanas i 2010:

Droichead Chill Mhuilinn- €1,000,000

San áireamh sa scéim tá athlíniú an Bhóthair R420 Cúil an tSúdaire go dtí Mainistir Eimhín mar aon le droichead thar an phríomhbhealach iarainn phríomha Bhaile Átha Cliath/Luimneach/Corcaigh. Thionóil an Bord Pleanála cruinniú éisteachta maidir le dréacht ordú ceannaigh éigeantaigh na scéime seo i Nollaig 2005. Faomhadh an scéim i 2006 agus fuarthas tailte in 2007 agus in 2008. Síníodh cáipéisí conartha leis na conraitheoirí buacacha John Cradock Ltd. i mí an Mhárta agus cuireadh i gcrích comhaontas droichid le hIarnród Éireann in Eanáir 2009.

Críochnaíodh an scéim in Eanáir 2010.

Bóthar na Buiríse - €220,000

Sé atá i gceist san dtionscnamh seo ná uasghrádú de chuid de bhóthar chun cosán nua a thógáil a cheanglódh na cosáin atá ann cheana ar Bhóthar na Buiríse. Bhí ar Bhóthar na Buiríse i bhfad i bhfad níos mó coisithe a thógáil nuair a d'oscail dhá mheán scoil nua ar Bhóthar na Buiríse, le h-ais cheann an oir-thuaiscirt de na h-oibreacha molta, i Meán Fómhair, 2010. Bhí na cosáin ag síneadh chuig an dá thaobh de na h-oibreacha cheana rud a chur d'fhiacha ar choisithe siúl ar bhóthar gnóthach a d'éirigh níos gnóthaí fós nuair a d'oscail na scoileanna. Chun na daoine seo a chosaint ceanglaíodh na sean-chosáin le cosán 2.0 méadar, rud a chuir deireadh leis an mbaol nuair a bhíonn trácht agus coisíthe ag roinnt an spáis chéanna bhóthar le céile.

Bhí ceannach talún agus tógáil chosáin a cheangail dhá chosán a bhí ann cheana ar Bhóthar na Buiríse i gceist. Bhí draenáil bhóthair agus oibreacha soilse poiblí i gceist, chomh maith. Soláthraíonn an scéim seo áiseanna leanúnacha cosáin idir an baile agus na meán scoileanna nua.

Feabhsúchán Lána Collier/Acomhal R445 Bóthar Bhaile Átha Cliath - €180,000

Bé a bhí i gceist san tionscnamh seo uasghrádú ar acomhal plódaithe i bPort Laoise go mbíonn toirt an-mhór tráchta le h-iompar nuair a osclaíonn dhá mheán scoil nua i Meán Fómhair ar Bhóthar na Buiríse le h-ais cheann iarthuaisceart Lána Colliers i Meán Fómhair 2010. Léirigh módúlacht tráchta go raibh i bhfad níos mó moille ar Lána Collier ó Mheán Fómhair, 2010 i gcomparáid leis na moill suaithinseacha ag an acomhal seo.

Bhí i gceist san scéim mion-thimpeallán a thógáil le rampaí maoirsithe ar bhealaí trasnaithe do choisithe ar na bóithre chuig an acomhal le draenáil bóthair agus oibreacha soilse poiblí. Bhí gá leis na feabhsúcháin do éifeacht agus sábháilteacht an eanga bhóthar chun déileáil le trácht agus le coisithe a thagann de bharr na meánscoileanna nua ar Bhóthar na Buiríse.

Bearta Ceartaithe Sábháilteacht Bhóthar

I 2010, fuair Comhairle Chontae Laoise €427,000 chun Scéimeanna Bearta Ceartaithe Sábháilteachta a dhéanamh ag ionaid éagsúla mórthimpeall an chontae ar Scéimeanna Bóthar Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta.

Ins na scéimeanna Bóithre Náisiúnta a eiseachadadh bhí comharthaí agus feabhsúcháin i leith fhríth-sciorradh ag Bóthar Faoisimh Cheatharlach Thuaidh agus scéim Cheansaithe Tráchta ar an N80 isteach go Sráid-Bhaile.

Ins na scéimeanna a bhain leis na bóithre neamh-náisiúnta bhí tógáil timpealláin chun é a beith in áit acomhail phríomha atá ann ag Bóthar an Chanáil/Bóthar an Stáisiúin, Cúl a' tSúdaire, soláthar líneála, marcanna ar an bóithre agus comharthaí chun sábháilteacht ar an bóithre a fheabhsú ag cora Halla Tolerton agus ag acomhal Bhaile na Tiobraide, claí a bhaint ag Crosaire Choill Choitín chun an léargas a fheabhsú, ath-líneáil ag acomhal Chromóg chun go mbeadh socrú an tseichimh san trácht agus ath-líneáil ingearach agus athdhromchlú cúinne Ráth Laoise.

Sábháilteacht Bhóthair

Ghlac trí cinn de mheán scoileanna san Chlár Tiomáin ar son na Beatha, ag ullmhú an chéad ghlúin eile de thiománaithe óga ar eanga na mbóthar san contae. Tá an-éileamh ar an gClár ar Rothaíocht Sábháilte bliain i ndiaidh bhliana leis an uimhir is mó de 431 dalta bun scoile ag ghlacadh páirt i mbliana. Leantar ar aghaidh le dáileadh na bhéisteanna so- fheicthe agus bandaí lámha frithchaithe do leanaí bhunscoileanna.

Pábháil Tánaisteach Náisiúnta agus Mion-Oibreacha Feabhsúcháin

Déanadh oibreacha pábhála agus mion oibreacha feabhsúcháin i 2010 ar an N80 ó Ard Lios go dtí Baile Mhic Mhaoilir, ina raibh ath-líniú acomhail agus feabhsúcháin draenála ag Baile Mhic Mhaoilir, ar an N77 ó Chluain Fhada ó nDeoráin go Mainistir Laoise agus ó Bhaile a' Mhuilinn go Darú. Seachadfar bealach rothaíochta idir-bhaile faoi Scéim Bhaile a' Mhuilinn go Darú. Chuir an aimsir isteach ar na h-oibreacha go bhfuil i gceist iad a bheith críochnaithe sa chéad ráithe de 2011. Bé €2,930,000 luach na n-oibreacha.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo.

Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2010, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2008-2010 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an chontae. Bhí iomlán de 334 km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 454 km de dhromchla cóirithe i 2010.

Clár na gComharthaí Bóthar Réigiúnach

Le linn na bliana 2010, lean an Chomhairle le h-eiseachada chlár na gComharthaí Bóthar Réigiúnach agus críochnaíodh na h-uasghrádaithe do na comharthaí treo ar an gcuid is mó de na bóithre. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo críochnaithe ar na Bóithre Réigiúnacha uile i 2011.

Scéimeanna Maoinithe na dTáillí Forbartha

Chuathas ar aghaidh le roinnt scéimeanna trí Táillí Forbartha i 2010.

Cuar-Bhealach Thuaidh Phort Laoise

It is expected that sections of this road will be delivered through development of zoned lands.
Táthar ag súil go mbeidh codanna an bhóthair seo eiseachada trí fhorbairt tailte criosacha.

Cuar-Bhóthar Theas Phort Laoise

Tosaíodh agus ceadaíodh próiseas OCE ag An mBord Pleanála i Mí na Nollag, 2008. Eisíodh Fógraí Déileála i 2010. Thosaigh oibreacha ar sheachada na coda deiridh ar an gceangal idir Bhóthar an tSráidbhaile agus Bhóthar Thigh Mo-Chua agus táthar ag súil go n-osclófar seo do thrácht i 2011. d' Fhéadfadh an chuid eile den scéim a bheith eiseachada ag forbróirí príobháideacha laistigh de chomhthéacs na gcead pleanála tugtha fá shlí na scéime. Tá Aldi (Eire)Teo. tar éis forbairt a chríochnú dá shuíomh faoin gcead pleanála agus thógadar cuid Cheangal Choill Cip Rua den mbealach a ghabhann trína chuid tailte.

Ath-líniú Bhóthar na Buiríse

Fuarthas cead Cuid 8 don scéim seo i 2007. Ceapadh comhairleoirí go luath i 2008 chun tabhairt faoin mhion-dhearadh, a chríochnaíodh i 2009. Thosaigh an OCE don scéim seo i 2010 agus deimhníodh é ag an mBord Pleanála go luath i 2011. Críochnaíodh Céim a 1 de na hOibreacha, mar aon le timpeallán nua don bhealach isteach do shuíomh na scoile nua, ceangal isteach do Thimpeallán an Dísirt, Gairdíní Ashley agus ceangal isteach sealadach do Bhóthar na Buiríse mar atá i 2010 tar éis síniú a dhéanamh ar shocrú faoi cheadúnas iontrála idir an Chomhairle agus an Aire Oideachais agus

Eolaíochta i Mí na Samhna 2009. Lorgaíodh agus fuarthas cistiú ón Roinn Iompair chun an chéad Chéim eile den scéim ag Ráth Aoibhinn a chur i gcríoch i 2011. Táthar ag súil go gcríochnófar céim seo na h-oibre i Meán Fómhair, 2011, agus lean-faidh céimeanna eile ag braith ar chistiú, leis an ath-líniú ar an gcuid deiridh de Bhóthar na Buiríse chuig Timpeallán na Gráinsí agus an uasghrádú ar acomhal Lána Colliier /Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Droichead Gharrán Thuaidh

Bhain Comhairle Chontae Laoise an chuid fágtha den struchtúr agus an deic ag Droichead Gharráin Thuaidh. Bé costas na tógála do Chomhairle Chon-tae Laoise €200,000 go hachomair.

Osclaíodh an droichead, go h-oifigiúil, ag an Cathaoirleach James Deegan agus ag an Leas-Chathaoirleach Michael Lalor ar an 30ú Iúil, 2010.

Scéimeanna Eile

Forbraíodh na scéimeanna seo a leanas chun cead pleanála Cuid a 8 d'fhail:

- Sráid na Measarthachta, Mainistir Laoise – Nár ceadaíodh ag cruinniú speisialta den gComhairle ar an 8ú Samhna, 2010
- Bóthar na Carraige, An Sráidbhaile – Ní raibh an Scéim faoi iamh in aon Chlár d'aon chruinniú. Fanann sé le bheith curtha isteach ar Chlár, tráth éigin.

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

Fuarthas dáileadh €118,000 ón Roinn Iompair i 2010 maidir le sin thuas agus críochnaíodh 5 gcinn de thionscnaimh. Baineann Scéimeanna Feabh-saithe Áitiúla le bóithre príobháideacha i Laois. Tá Deontas 85% de chostas iomlán na n-oibreacha soláthraithe má chosnaíonn an scéim sa bhreis ar €25,393. Sa chás go gcosnaíonn scéim níos lú ná an méid seo tá 90% soláthraithe.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2010 (€220,000) agus tugadh faoi 8 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

R: Bóithre

R.1 Faid i gciliméadair de Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha feabhsaithe agus á gcothabháil faoin gClár Athchóirithe:

78.64

Faid i gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tógtha faoi scéim deontas na bhfeabhas sonrach gach bliain:

0

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsir: Brendan Clarke

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid:

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bainteach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treo-rach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE.

Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,000 méadar ciúbach uisce faoi láthair sa ló. Faoi láthair, tá méid an uisce gan tuairisc ag 34%, méid atá níos fearr ná an meán náisiúnta.

An dúluachair le linn na Nollag agus na h-Ath-Bhliana 2010/2011

Cuireadh isteach ar scála an- mhór ar sheirbhísí uisce Chontae Laoise le linn thréimhse na Nollag agus na h-Ath-Bhliana. Thosaigh na fadhbanna go luath ar an 26ú Nollag agus leanadar leo isteach sa Bhliain Nua. D' Oibrigh foireann na Comhairle le linn thréimhse na Nollag agus na h-Ath-Bhliana ag aithint cá raibh na lochtanna móra agus na silteáin mhóra á socrú agus ag ath-chur isteach os cionn 4000 boscaí nua méadair. Chuir na fadhbanna a d'éirigh as coinníollacha aimsire chomh h-olc san isteach go trom agus le cruatan ar chuid mhór daoine sa chontae. D' Oibrigh foireann na Seirbhíse Uisce leis an gCosaint Sibhialta, leis an Oibrí Sinsearach Sóisialta, leis na Gardaí agus leis na Seirbhísí Dóiteáin chun riachtanais na ndaoine a shásamh mórthimpeall an Chontae sean-daoine agus daoine so-ghonta, ach go h-áirithe. D' oibrigh foireann na Comhairle go dícheallach agus uaireanta fada á chur isteach acu i gcoinníollacha deacra le linn na tréimhse seo chun fadhbanna a shocrú agus chun a dheimhniú go raibh soláthar uisce ar fáil nó curtha ar fáil a luaithe agus ab' fhéidir.

Caighdeán Uisce

Tá feidhmeanna reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar uisce óil sa chontae mar atá said leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil) Uimhir 2, 2007.

Fuíoll Uisce

D'oscail an Taoiseach Brian Cowen, an áis chóireála fheabhsaithe chóireála fuíll uisce ag Bóthar an Iomaire, Port Laoise agus an eanga mórthimpeall Bhaile Phort Laoise i nDeireadh Fómhair, 2010.

Leis an dTaoiseach ar an lá san bhí an Comh. James Deegan, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, an Comh Jerry Lodge, Cathaoirleach Chomhairle Bhaile Phort Laoise, Peter Carey, Bainisteoir an Chontae agus ionadaithe tofa áitiúla mar na Teachtaí Dála John Maloney, Seán Fleming agus Charlie Flanagan agus oifigigh an chontae ar thuras timpeall na h-áise, áit ar taispeánadh gnéithe sainiúla bainteach leis.

Thosaigh an Conradh faoi Fheabhsú Eanga Oibreacha an tSéarachais i mBealtaine, 2006 agus críochnaíodh é go rafar i Feabhra 2008 ag Murphy International Ltd. Thosaigh an obair ar Oibreacha Cóireála Fuíoll Uisce agus ar Ionad Moil an Sloda in Eanáir, 2007 faoi chonradh Dear, Tóg, Feidhmigh a tugadh do AECOM/Bowen Consortium. Críochnaíodh an tógáil, nach mór, i Marta 2009.

Soláthróidh an Áis Chóireála & Eanga fuíll Uisce Phort Laoise buntáistí suaithinseacha do bhaile Phort Laoise agus a phurláin agus don Contae ina iomlán, chomh maith. Críochnaíodh na trialacha tástála oibre ar an Áis Chóireála Fuíll Uisce i Mí Feabhra 2010 agus críochnaíodh na trialacha ar an Áis Phróiseála Sloda in Iúl 2010. h-Eisíodh an teastas tógtha idir lámha i Lúnasa 2010.

Doirteadh chuig na Séaraigh

Tá gá le ceadúnas, faoi réir Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin, le haghaidh aon chuideachta a scaoileann eisilteach trádála (le huiscí fuaraithe san áireamh) go dtí an séarachas.

Eisítear os cionn 100 ceadúnas ag Comhairle Chontae Laoise gach bliain do lucht gnó sa chontae agus déantar monatóireacht ar an eisilteach ó na gnóthaí san ar bhonn rialta le linn na bliana.

Ceadúnas Eisilteach Fuíoll Uisce GCC

Faoi Rialúcháin 2007 i leith Eisilteach Fuíoll Uisce (Údaraithe) ní foláir do Chomhairle Chontae Laoise cur isteach ar cheadúnais don GCC chun ár gcuid Áiseanna Cóireála Fuíoll Uisce a fheidhmiú. Aighníodh iarratais i leith na 29 Áiseanna Cóireála Fuíoll Uisce ar fad sa chontae don GCC ó 2007 go dtí 2009 agus go dtí seo tá ceadúnais tugtha do áiseanna Phort Laoise agus Chluain na Slí.

Leagann an GCC síos coinníollacha ins na ceadúnais chun a dheimhniú go gcloítear leis na caighdeáin a chuireann teorainn leis na h-eisiltigh agus leis na dualgais de réir na dTreoracha éagsúla ag an AE faoin dtimpeallacht. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar na Ceadúnais ó am go céile atá tugtha amach aige.

Clár Infheistithe Caipitil

Oifig na dTionscnamh Caipitil

Tá Oifig na dTionscnamh Caipitil freagrach as eiseachadadh na scéimeanna móra Uisce agus Fuíoll uisce gur thug An Roinn Chomhshaoil Oidhreachta & Rialtais Áitiúil cead dóibh faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2012. Foilsíodh an clár is déanaí seo ar an 19ú Aibreán 2010.

Scéim Fheabhsaithe Scéim Sholáthar Uisce Chúl a tSúdaire

Aighníodh doiciméid chonartha don bpríomh scéim don Roinn i Mí na Nollag 2009 ag lorg cead chun dul ar aghaidh chun tairisceana. Aighníodh breis eolais i Mí Feabhra 2010. Roghnaíodh cúig cinn de chomhlachtaí tógála cheana trí phróiseas réamh-cháilithe. Cuireann an clár nua an scéim phríomha san chatagóir de 'Scéimeanna ag Céim na Pleanála 2010 – 2012.' Moladh réamh oibreacha ag Lough agus ag La Bergerie i Lúnasa, 2010 gur lean aighniú foirmiúil chuig an Roinn iad i nDeireadh Fómhair, 2010.

Scéim Sholáthar Uisce Mhóinteach Mílic agus Phort Laoise

Cuireadh an dearadh sonrach agus ullmhúchán doiciméad an chonartha don scéim phríomha chun cinn i 2010. Thosaigh conradh iniúchta an tsuímh don scéim phríomha ar an suíomh in Aibreán 2010 agus críochnaíodh é go rafar i nDeireadh Fómhair 2010. Cuireann an clár nua an scéim phríomha san chatagóir 'Scéimeanna ag céim na Pleanála 2010 – 2012.' Moladh réamh-obair do thobar eile ag Eidhin, ceann príomha nua chuig ACU ag Coill Mhinsin i dteannta le cumas cóireála breise ag Coill Mhinsin agus oibreacha ar an mór-cheangal ag Catholes i Lúnasa 2010 gur lean aighniú foirmiúil é chuig an Roinn i nDeireadh Fómhair 2010. Thosaigh an obair thógála ar sholáthar an dara tobair ag Eidhin i Mí na Nollag, 2010.

Scéim Shéarachais Chomh-Bhailte Laoise

Tógadh na doiciméid chonartha do na h-Áiseanna Cóireála (DTF) suas chun dáta agus aighníodh iad don Roinn i nDeireadh Fómhair, 2010 le h-aghaidh a bheith molta le bheith curtha chun tairisceana. Tá socruithe faoi thalamh a fháil agus codanna a 8 le h-aghaidh suímh do ACFU críochnaithe. Tá gearrliosta de chonraitheoirí ullmhaithe ar phróiseas réamh-cháilithe a chríochnaíodh in Aibreán 2009. Tógadh na doiciméid chonarthaí don nGréasán suas chun dáta agus aighnithe don Roinn i Mí na Nollag, 2010 chun cead a fháil dul ar aghaidh chun tairisceana. Tar éis Ceadúnas Eisilte Fuíll Uisce an GCC do Chluain na Slí do bheith eisithe agus tar éis comhráite a bheith leis an Roinn cuireadh moladh le h-aghaidh Chaoil Tógtha Chomhtháite(CTC) do Chluain na Slí chun cinn i 2010. San áireamh san ngníomh seo bhí críoch rafar curtha le staidéar féidearthachta dhá chéim, fógraíocht ar iarratas pleanála Céim a 8 agus ullmhúchán na ndoiciméad conarthaí don CTC i Mí na Samhna, 2010.

Scéim Shéarachais Chomh-Shráid Bhailte Laoise

Cheadaigh an Roinn an tionscnamh seo mar 'Scéim ag céim na Pleanála' ina an gclár 2010 – 2012, foilsithe in Aibreán 2010. Clúdaíonn an scéim seo cúig cinn de shráid-bhailte mar An Baile Nua, An Eala, Baile na Cille. Eiréil agus Baile Átha an Róine.

Scéim Shéarachais an Mhóintigh Mílic

Tosaíodh ar an dtógáil de Chéim a 1 de Shíneadh Séarachais Móinteach Mílic i Mí Marta 2009 agus bhí sé críochnaithe, nach mór, faoi Nollaig 2009 agus bhí tréimhse laigí san chothabháil (tréimhse na bhfadhb) ar siúl go dtí Nollaig na bliana 2010. Bhí tógáil umar maolaithe uisce stoirme ag oibreacha nua in-sileadh an ACFU, foirgneamh riaracháin, sruthlíne caidéalaithe nua ón stáisiún caidéalaithe ag Léibheann Emmet mar aon le uasghrádú ar thrí cinn de stáisiúin chaidéalaithe ag an Móinteach Mílic. Bé Sorensen Civil Engineering Ltd a dhein an obair seo. Fuarthas an Réamh-Thuairisc agus an RTC do Chéim a 2 de Scéim Shéarachais Mhóinteach Mílic ó Nicholas O Dwyer Innealtóirí Comhairleacha i nDeireadh Fómhair 2009. Molann an Réamh-Thuairisc tuilleadh céimeanna a bheith sa scéim. Chuathas i gcomhairle leis na Comhlachtaí Reachtúla agus bhí lá oscailte ag cur an phobail ar a eolas faoi chúrsaí ag deireadh Mí Dheireadh Fómhair, 2009. Aighníodh an Ráiteas Tionchair Comhshaoil don Bhord Pleanála agus aighníodh An Réamh-Thuairisc don Roinn i mBealtaine, 2010.

Scéim Shéarachais Chúl a' tSúdaire (le Ioma/Baile Bhriotáis/Cill an Aird san áireamh)

Fuarthas An Réamh-Thuairisc agus an RTC do Scéim Shéarachais Chúl a' tSúdaire ó Nicholas O Dwyer Consulting Engineers i nDeireadh Fómhair,

2009. Chuathas i gcomhairle le Comhlachta Reachtúla agus bhí lá oscailte eolais don ngnáth-phobal ann ag deireadh Mí Dheireadh Fómhair 2009. Aighníodh an Ráiteas Tionchair Comhshaoil don Bhord Pleanála agus aighníodh An Réamh-Thuairisc don Roinn i mBealtaine, 2010.

Caomhnú Uisce

Déanadh aighniú ar an Roinn i Mí Dheireadh Fómhair, 2010 le h-aghaidh:

(i) Straitéis Athshlánaithe na bPríomh-Píopán Uisce don chontae a ullmhú. Beidh sé seo dírithe ar dtúis ar na h-ionaid is mó daonra san chontae agus é le bheith tógtha suas chun dáta níos déanaí nuair a bheidh sonraí teiliméadrachta ar fáil.
(ii) Conradh teiliméadrachta ar bhonn an chontae uile a fháil
(iii) Conradh Athshlánaithe na bPríomh Phíobán Uisce (mar thús) ag díriú ar cheantair Phort Laoise agus Chúl a' tSúdaire a fháil. Aighníodh tuilleadh eolais don Roinn ar iarratas uathu i Mí na Samhna, 2010.

Clár Uisce Tuaithe

Táid seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Grúpa
- Scéimeanna Uisce agus Séarachais Beaga
- Deontais le haghaidh Fearais Uisce Tobar Aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce príobháideach do 2 theach nó níos mó trí fhoinse soláthair comónta nó roinnte agus córas dáilte.

- Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:
- Comhairle agus treoir a thabhairt ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú na scéimeanna grúpa
- Chomhairle theicniúil a sholáthar ar fhadhbanna foinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán agus ar chóireáil uisce, dearadh scéime, &rl.
- Ag tabhairt cumas do ghrúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomhlíonra uisce poiblí sa chás go bhfuil sé seo indéanta
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt ar sholáthar tairiscintí agus luachála
- Scéimeanna grúpa cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le teorainn €6,475 per teaghlach
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar le haghaidh chostais feidhmithe agus cothabhála a bhí caite ag an grúpa sa scéim.

Faoi láthair tá 62 GrúpScéim Uisce i bhfeidhm i Laois.

Achoimre ar na Deontais a íocadh in 2010

Grúpscéimeanna Uisce Nua €24,511
Do G.S.U. Chluain Aine, G.S.U Bhaile Uí Chléirigh

Fóirdheontais €310,240
Do na G.S.Uanna éagsúla sa chontae.

Grúpscéimeanna Uisce a Thógáil i gCúram €139,000
Do G.S.U Raeire, G.S.U Ráth an Uisce, G.S.U. Baile Aodha

Oibreacha DTF Ar Aghaidh €21,200
Maidir le Céim 3 Gréasáin Bhaile Colla

Uasghrádú ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann cheana €75,200
Do G.S.U Chúl Coill, G.S.U. Eiréil, G.S.U. Baile Latháin

Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais

Soláthraítear maoiniú do thionscadail chaipitiúla le haghaidh soláthar d'uasghrádú de scéimeanna beaga uisce agus séarachais a fhorlíonann bearta uisce tuaithe atá ann cheana.

I rith 2010, caitheadh €1,016,065 ar na scéimeanna éagsúla sa chontae.

Scéim Deontais um Sholáthar Uisce Aonair

Tá deontas de 75% de chostas faoi réir deontais d'uasmhéid €2,031.58 iníoctha d'uasghrádú de sholáthar uisce aonair príobháidí nuair nach mbíonn aon ghrúpa eile nó soláthar poiblí ar fáil. I rith 2010, íocadh €73,280 de chúnamh deontais faoi réir na Scéime seo.

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

Bunaíodh Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe i 1998. Tionólann an Coiste gach ráithe chun comhaontú agus mónatóireacht a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe. Tá an Coiste déanta suas d'ionadaithe ón I.F.A, ón I.C.M.S.A, ón gCumann Contae de Grúpscéimeanna Uisce, ón gCumann Náisiúnta de Grúpscéimeanna Uisce agus de bhaill agus oifigigh ó Chomhairle Chontae Laoise

Soláthar agus Cothábháil Reilligí

Lean Comhairle Chontae Laoise ag feidhmiú fiche seacht reilig mórthimpeall an chontae ag Mainistir Laoise, Eanach Tirim, Baile an Chalaidh, Béal Átha na Coille, Baile Adaim, Baile Finn, Baile Uí Laighneáin, Teach na Bearbha, an Bhuiríos, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Darú, Cillín Ard, Cill Uisean, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Maigh Eanaigh, Port Laoise, An Ráithín, Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, Sean Chua, Sléibhte, An Sráidbhaile agus Tigh Mochua.

Tá Cláraitheoirí Reilige fostaithe do gach Reilig de chuid na Comhairle le freagracht orthu do dhíolachán plásóga agus cothabháil a dhéanamh ar rolla na reilige. Cuid tábhachtach den rannóg is ea na taifid a chothabháil. Lean an obair seo ar aghaidh i 2010.

Deontais Reilige

Meallann an Chomhairle obair na gcoistí reilige áitiúla trí dheontas gach bliain. Fuarthas 113 iarratas deontais i 2009 agus díoladh amach €82,400. Tá obair luachmhar á dhéanamh ag na coistí deonacha seo ag cothabháil na reiligí áitiúla.

Tá reiligí rangaithe agus tá deontais díolta amach ar an mbonn seo a leanas: Rannóg A: Reiligí na Comhairle, Rannóg B: Reiligí Comhairle Níos Lú, Rannóg C: Reiligí Nach cuid na Chomhairle iad agus Rannóg D: Reiligí na fuil á úsáid go rialta a thuilleadh

Leithris Phoiblí

Caitheadh €91,000 ar chothabháil na leithreas poiblí i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus sa tSráidbhaile.

Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha

Tá an chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna má tá an pobal i mbaol nó má tá, nó gur dhócha go mbeidh aon duine nó do aon réadmhaoine i mbaol.

D'fhéadfadh fógra a fhreastal ar úinéir áite/struchtúr dá leithéid ina bhfuil oibreacha riachtanach le déanamh ann. Más gá, féadfaidh an Chomhairle an obair a dhéanamh agus na costais a fhorchúitiú.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

E. Uisce – Eanáir go Nollag 2010

E.1 Uisce Gan Tuairisc (UGT) mar % den uisce iomlán soláthraithe faoi na scéimeanna soláthair uisce go bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach as: 34%

E.2 Céatadán torthaí anailíse an uisce óil ag réiteach leis na riachtanais reachtúla maidir le:

Scéimeanna Poibl: 99.7%

Scéimeanna Príobháideacha: (where appropriate) 97%

Táscaire Áitiúil

Méid na gceadúnas scaoilte eisithe i 2010: 11

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é 64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha. Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise:	66.63
Móinteach Mílic:	67.43

Muirir Uisce

I 2010 bhí 2,842 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2,704 acu san. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile.

Leanadh ar aghaidh leis an dTionscadal Méadarithe le linn 2010 do na custaiméirí neamh-theaghlaigh go léir.

Íocaíocht Dhéanaí Cuntais

I ndiaidh tabhairt isteach an Acht um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála) 2002, tá soláthraithe tráchtála i dteideal íocaíochtaí úis ar mhéideanna dlite dóibh i ndiaidh

a) an dáta sonraithe faoi théarmaí conartha scríofa, nó
b) 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó sheachadadh na n-earraí, nuair nach bhfuil conradh scríofa ar bith nó mura sonraíonn an conradh dáta íocaíochta.

Glacann Comhairle Contae Laoise le téarmaí an Achta um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála). Chun géilleadh don Acht agus na Rialacháin a chinntiú, cuirtear stampa dáta ar na sonraisc a faightear san rannóg Cuntais Iníoctha agus déantar scrúdú seachtainiúil ar sonraisc gan íoc atá ag druidim leis an dáta sonraithe. Sa chás go mbíonn ús íocaíochta dhéanaí iníoctha, seoltar ráiteas a shonraíonn an ús chuig an soláthraí chomh maith leis an íocaíocht. Ní féidir leis an gnás atá sonraithe thuas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a sholáthar le haghaidh géilleadh don Acht.

Is iad na gnáth tréimhsí íocaíochta sonraithe i conarthaí scríofa i gcoitinne ná:

Conarthaí Tithíochta	- 10 lá oibre
Conarthaí Bóithre	- 28 lá
Conarthaí Uisce	- 14 lá /1 mí

Staitistic Íocaíocht Dhéanaí 2010

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250:	0

Dliteanas CBL an Rialtais Áitiúil

Thug Roinn 117 den Acht Airgeadais 2010 an dualgas isteach ar Údaráis Áitiúla CBL a bheith san áireamh ar ghníomhaíochtaí áirithe le h-éifeacht ón 1ú Iúil 2010. Déanadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí na n-Údarás Áitiúil ag na Coimisinéirí Ioncaim chun fháil amach cad iad na gníomhaíochtaí go mbeadh CBL dlite orthu. Cuireann na h-Údaráis Áitiúla CBL anois ar ghnéithe áirithe mar pháirceáil den sráid, In-líonadh Talún, Ionaid Athchúrsála. Is féidir leo an CBL a éileamh ar ais i leith na ngníomhachtaí sin. Ta an Córas Bainistíochta Airgeadais(Agresso) uasghrádaithe chun é seo a thógáil san áireamh. Déantar CBL a sheoladh gach dhá mhí chun déileáil leis sin.

Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Leis an Acht um Rialtais Átiúil Local Government charges act 2009 tugadh isteach muirir bhliantúil de €200 ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphrionsabail. Is iad na húinéirí a íocann é seo go dtí an NPPR ar son an údaráis áitiúil ina bhfuil an réadmhaoine suite ina gceantar. Is féidir an íocaíocht a dhéanamh trí shuíomh gréasáin an NPPR www.nppr.ie nó is féidir é a íoc trí fhoirm chlárúcháin an NPPR a chur isteach agus an íocaíocht a thabhairt don oifig airgeadais dod' Chomhairle Chontae áitiúil.

Is é an 31 Márta an dáta dliteanais don mhuirir NPPR. Is é an 31 Bealtaine an dáta dlite. Tabhófar pionóis de €20 in aghaidh na míosa tar éis an 30 Meitheamh.

I 2010, bhí 3,154 Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha ar an liosta le hadmhálacha de €651,935.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

B' iad na hidirbhirt iomlána a dhein OMC Laoise i 2010 ná 75,806.

Rátaí Nua CO2

Beidh cáin gluaisteán do fheithiclí nua cláraithe air, nó ina dhiaidh an 1ú Iúil, 2008 déanta amach bunaithe ar seacht gcinn de bhandaí CO2. Beidh an cháin ó €104 sa bhliain dos na gluaisteáin is glaise go €2000 le haghaidh gluaisteáin leis na rátaí astaithe is airde. Beidh rátaí cáin Gluaisteán grádaithe mar a théitear suas na bandaí CO2.

Gnáthaimh Chlárúcháin Fheithiclí Leasaithe

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis na Seirbhísí Tástála Gluaisteán Náisiúnta a cheapadh chun feidhmeanna cláraithe feithiclí a dhéanamh ar a son. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt

Ceadúnais Feithicle

Bé an teacht isteach iomlán do 2010 ná €11,350,487, i gcomparáid le €12,070,810 i 2009. Bé méid na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh i 2010 ná 55,014 i gcomparáid le 56,095 i 2009.

Ceadúnais Tiomána

Bé €173,895 méid na bhfáltas (le dúbailtí san áireamh) le haghaidh 2010 i gcomparáid le €117,365 le haghaidh 2009. Bé 10,750 méid na gceadúnas tiomána a eisíodh i 2010 i gcomparáid le 8,620 i 2009. Ní foláir do gach iarrthóir dá chéad Ceadúnas Foghlaimeora Teist Teoirice a dhéanamh. Is é an uimhir fóin chun glaoch a dhéanamh do theist 1890 606 106.

Tástáil Feithicle

Bhí Teastais ar Ród acmhainneachta le haghaidh feithiclí trádála/earraí eisithe i leith 6,239 feithicle le linn na bliana i gcomparáid le 6,340 do 2009. Tá teist RCORÁ riachtanach gach bliain do gach feithicle trádála/earraí.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu.

Uaireanta Cloig Oscailte:

9.30 – 15.30, ó Luan go h-Aoine le am lóin san áireamh.

Céadatán bearta Mótarchánach: 31/12/2010

Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir:

89.91% (59,100)

Adhéileáiltear leo tríd an bpoist:

10.09% (6,632)

Adhéileáiltear leo on-line:

38.83% (25,808) de custaiméirí cáilithe

Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain: 28.61 hours

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí tríd an bpost agus % de na hiarratais poist san iomlán ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	99.29%	(6,585)
b)	ar an dara nó an tríú lá	0.39%	(26)
c)	ar an gceathrú nó an cúigiú lá	0%	(0)
d)	thar 5 lá	0.32%	(21)

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí (le luach airgeadaíochta) agus % de hamhail iarratais ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	56.19%	(5,580)
b)	ar an dara nó an tríú lá	42.84%	(4,254)
c)	ar an gceathrú nó an cúigiú lá	0.60%	(60)
d)	thar 5 lá	0.37%	(37)

Bailiú Cánach	31/12/2010	31/12/2009
Iasachtaí Tithíochta		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht:	86%	90%
b) % na riaráiste::		
(i) 1 mí d'aois	23%	3%
(ii) 2 – 3 mhí d'aois	13%	14%
(iii) thar 3 mhí d'aois	64%	83%
Rátaí Trádála		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	81%	84%
Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	51%	59%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas Grúpa Cláir Net	Caiteachas 2010 €	Adhmhálacha 2010 €	Glan Caiteachais 2010 €
Tithíocht & Foirgníocht	9,528,200	10,333,832	(805,633)
Iompar & Sábháilteachtar Bhóithre	16,962,606	13,201,663	3,760,943
Soláthar Uisce	10,307,811	3,766,271	6,541,540
Spreagthaí & Rialúcháin an Forbart	4,275,375	805,993	3,469,382
Cosaint an Chomhshaoil	9,030,660	4,916,107	4,114,553
Caitheamh Aimsire & Conláistí	3,988,735	794,009	3,194,726
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	5,874,912	5,325,018	549,894
Seirbhísí Ilghéitheacha	4,346,266	2,750,404	1,595,861
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	64,314,564	41,961,446	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	22,421,267
Rátaí	9,240,132
Tobhach Pinsean	1,130,419
Cistiú Rialtais Áitiúil	15,343,129
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	3,292,413
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(3,290,309)
Iomlan Fuílleach don Bhliain	2,104
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir, 2010	(521,604)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2010	(519,500)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.10	(18,361,045)
Deontas	112,013,901
Adhmhálacha eile	10,259,013
Aistrithe	3,290,309
Caiteachas	122,777,784
Iarmhéid ag 31.12.10	(15,575,606)

Bainisteoir: Gerry Gibson

Cléireach Baile: John Clarke

Innealtóir Baile: Tom O'Carroll

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Jerry Lodge tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise a bhí ar siúl ar an 22 Meitheamh, 2010. Toghadh an Comhairleoir Matthew Keegan mar Leas Chathaoirleach.

Baill ar Bhoird/Choistí

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

An Comhairleoir Rotimi Adebari
An Comhairleoir Alan Hand

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Kathleen O'Brien
An Comhairleoir Matthew Keegan

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

An Comhairleoir Willie Aird
An Comhairleoir Brian Stanley
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald

Cruinnithe Míosúla

Bíonn cruinnithe Bhaile Port Laoise ar siúil ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Seirbhísí príomha Soláthraith

Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2010 - €99,350

In 2010, thug Comhairle Bhaile Phort Laoise tacaíocht dóibh seo a leanas:

- Coiste Pharáid Lá Le Pádraig
- Bailte Slachtmhara Phort Laoise
- Cumann Áitritheoirí Broomville
- Cumann Áitritheoirí Mill Court
- Rang Ceoil Naoimh Bhríde, Port Laoise
- Club Lúthchleas Phort Laoise
- Cumann Seanóirí na Náisiúin Aontaithe Phort Laoise
- Cumann Áitritheoirí Rath Gailine
- Halla Séipéil an Phobail Naomh Peadair
- Cumann Áitritheoirí Phlás na Trioge
- Cumann Soilsiú na Nollag Phort Laoise

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leanas:

- Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann

Buaicphointí le linn 2010

In 2010, thug an Chomhairle Bhaile tacaíocht agus chuir sí fáilte roimh forbairtí éagsúla i bPort Laoise, go háirithe:

- Oscailt Scéim Dhraenála Phríomha Phort Laoise.
- Oscailt dhá Mheán Scoil Nua i bPort Laoise.
- Ath-Líniú & Uasghrádú Bhóthar na Buiríse.
- Forbairt Leanúnach Thionscnamh Athbheochan Chnoc Máighe.
- Óstáil na gcraobhchomórtas réigiúinacha den Rose of Tralee.

Craobhchomórtas Réigiúinacha den Rose of Tralee 2010

- Filleadh an Fhéile Magnet go Port Laoise.
- Forbairtí Tithíochta Poiblí, Deontacha & ar Phraghas Réasúnta.
- Feabhsuithe bóthair agus cosáin ar fud an Bhaile.

Bainisteoir: Declan Byrne

Cléireach Baile: Pamela Tynan

Innealtóir Baile: Dermot Leonard

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Ollie Payne tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana 2010. Toghadh an Comhairleoir Stephen Lynch mar Leas Chathaoirleach.

Buiséad 2010 - €58,960

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Coiste na Logainmneacha

Dhein Comhairleoir Bobby Delaney ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste na Logainmneacha do Chontae Laoise.

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Dhein Cathaoirleach Ollie Payne, iar Cathaoirleach Rosemary Whelan agus Comhairleoirí David Goodwin, Seamus McDonald, Marc Connolly, Patrick Bowe agus Patrick Bracken ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Fho-Dhlite an Choiste, ag déileáil le gach fadhb bainistíochta tráchta sa bhaile.

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Dhein an Comhairleoir Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar na heagraíochtaí thuas.

Coistí Polasaí Straitéisigh

I Mí an Mheithimh toghadh an Comhairleoir Stephen Lynch ó Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic don Choiste Polasaí Straitéisigh i leith Phleanála, Forbartha agus an Chomhshaoil agus thóg sé áit an Chomhairleora Marc Connolly.

I Mí Dheireadh Fómhair toghadh an Comhairleoir Bobby Delaney don Choiste Polasaí Straitéisigh i leith Phleanála, Forbartha agus an Chomhshaoil agus thóg sé áit an Chomhairleora Rosemary Whelan.

Friothálfaidh an bheirt ionadaí nua ar na Coistí Polasaí Straitéisigh ó 2010 – 2014.

Cumann Bardais na hÉireann

Bhí Comhairleoirí Patrick Bracken agus Stephen Lynch mar ionadaithe do Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ag Seimineár an Earraigh ag an gComhdháil Bhliantiúil de Chumann Bardais na hÉireann agus ag Seimineár an Fhómhair den AMAI.

Bord Forbartha an Chontae agus Coiste Páirtíochta Laoise

Tá an Comhairleoir Paddy Bracken mar ionadaí Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic ar Bhord Forbartha an Chontae agus ar Choiste Páirtíochta Laoise. h-Aontaíodh go mba chóir do Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic an áit a choimeád ar Bhord Forbartha an Chontae agus ar Choiste Páirtíochta Laoise chomh fada le Mí na Nollag 2011 ar son Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic agus Chomhairle Bhaile Phort Laoise.

Léiriú ag Aidan Mc Cane – Oifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí

Dhein Aidan Mc Cane cur i láthair do na baill ar an 4ú Marta, 2010. d' Imlínigh an t-Uasal Mc Cane a dhualgais agus a chlár oibre ina raibh sannadh chuig Coill an Chuilinn agus Páirc Kirwan i Móinteach Mílic san áireamh ann. Léirigh sé go raibh de dhualgas air cigireacht ghinearálta a dhéanamh ar an dá eastát agus tuairisc a thabhairt orthu san do oifigigh iomchuí san Roinn Tithíochta de chuid Chomhairle Chontae Laoise. Luaigh sé, chomh maith gur dhéileáil sé le fadhbanna a bhain le socruithe faoi tionóntachta, le gnéithe a bhain le h-iompraíocht fhrithshóisialta agus le tacú le daoine go raibh deacrachtaí faoi leith acu.

Chomhairligh sé chomh maith, i leith na nithe sin, gur oibrigh sé lámh ar láimh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis na Gardaí agus le Rannóg Sláinte an Chomhshaoil. D'inis sé gur bhain a lán dá chuid saothair le tacaíocht a sholáthar do chumainn na gcónaitheoirí.

Cuaird an Uachtaráin

Bhí d'onóir ag Laois óstaíocht a dhéanamh ar thuras an Uachtaráin Nic Giolla Íosa ar an 5ú Marta. Thosaigh sí ar a turas i gCúil an tSúdaire áit ar oscail sí, go hoifigiúil, an t-Ionad Pobail agus Crèche agus bhuail sí le muintir na h-áite. Ina dhiaidh sin thug sí turas ar Scéim Thithíochta Deonacha do Sheandaoine i Móinteach Mílic agus bhuail an Cathaoir-

leach agus baill Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic uimpi. Ghabh an t-Uachtarán léi ansin ar thuras chuig Gairm Scoil Chluain na Slí. Chríochnaigh sí a turas don chontae le sciurd a thabhairt ar Ionad Pobail Cham Ros.

Cruinniú le John Maloney T.D. Aire an Mhí-Chumais agus Sláinte Mheabhrach

Bhuail an t-Aire Maloney le baill Chomhairle Bhaile An Mhóinteach Mílic i Mí Iúil chun plé a dhéanamh faoi Ospidéal Naomh Uinseann. Bé an príomh rud a bhí le plé ná Bharda Naomh Iósaif agus an t-Aonad Cúram Lae. Chinntigh An t-Aire go mbeadh an t-Ionad Cúram Lae ag feidhmiú ina iomlán arís níos déanaí sa bhliain. Chomhairligh sé gur cheart go mbeadh bharda Naomh Iósaif oscailte faoi 2012 ag braith ar an mbac ar fhostú foirne agus ar ísliú ar chaiteachas ag an FSS. Thug an t-Aire Maloney le fios nach raibh aon phlean faoi Ospidéal Naomh Uinseann nó an t-Aonad Lae a dhúnadh san tod-hchaí.

Cosáin

D'éirigh le hobair a chríochnú ar na cosáin seo a leanas, arna comhaontú ag an gComhairle Bhaile in 2010:

Cosáin ag Sráid Uí Mhórdha, Sráid a' Chuain, Eastát Pattison, Baile na nGael, Achar Gearr agus Bóthar Davitt.

Coiste Chomh-Mhaoirseachta an Mhóinteach Mílic

Bhíodh cruinnithe in aghaidh na ráithe ag Coiste Chomh-Mhaoirseachta an Mhóinteach Mílic i Marta, Meitheamh agus um Nollaig. Bhí cruinniú poiblí amháin ar siúl ar an 30ú lá de Mheán An Fhómhair in Iarsmalann MDA go raibh slua maith ón bpobal ag freastal air. I measc na nithe a pléadh bhí gnéithe a bhain le ceansú tráchta, comharthaí tráchta, iom-praíocht fhrithshóisialta, bruscar agus cur de láimh eas-dleathach agus cur i bhfeidhm rialacha páirceála. Bhí 9 mBall Tofa, 2 Gharda, 3 ag déanamh ionadaíochta ar son an Phobail agus an Ranna Deonaigh agus Cléireach agus Bainisteoir an Bhaile.

Páirceáil Díol agus Léirigh an Mhóinteach Mílic

Seoladh Páirceáil Díol agus Léirigh Móinteach Mílic go rafar i Sráid Phádraig agus i Sráid Pharnell in Iúl 2010. Ta an Maor Tráchta freagrach as na Fo-dhlíthe Díol agus Léirigh a chur i bhfeidhm i Móin-teach Mílic.

Bhí rath ar na feabhsúcháin seo a leanas le linn 2010:

- Soláthraíodh dhá Bhá Nua Bhus i Sráid an tSáirséalaigh
- Bánna Páirceála línithe ar Shráid Pharnell
- Bánna Páirceála nua do lucht an éagumais i Sráid Uí Mhórdha, i Sráid an Phiarsaigh, i gCearnóg Uí Chonaill agus i Sráid an tSáirséalaigh.

Leabharlann Nua Mhóinteach Mílic

h-Osclaíodh Leabharlann agus Áiléar Ealaíne Mhóinteach Mílic, go h-oifigiúil, ar an 20ú Bealtaine, 2010, ag John Maloney T. D. Aire an Mhíchumais agus Sláinte Mheabhrach.

Tá an Leabharlann nua ag tógáil isteach an chuid athchóirithe den sean-teach cúirte le síneadh nua ar chúl agus ar chliathán an fhoirgnimh. Forbraíodh co-incheap an deartha chun go soláthrófaí spás do leabharlann le carachtar na linne seo faid is a choimeádtar bun-chroí an tsean-fhoirgnimh beo ann. Tá sí suite i dTeach na Cúirte i Sráid Uí Mhórdha, Móinteach Mílic, agus tá an Leabharlann Nua agus an Áiléar Ealaíne in ionad an-lárnach, an-insroichte agus í laistigh de fhad siúil ó scoileanna, ó ionaid chónaithe agus ó shiopaí.

Tá an leabharlann, atá ag leibhéal na talún agus ag an gcéim forbraíochta 690m², mar an ceann is mó san chontae, le 25,000 ní ann mar leabhair, CD nna, DVD nna, agus araile. Tá 18 pointe idirlín poiblí ann, pointí cumhachta do ríomhairí glúine, WIFI, leathan-bhanda, féin-seiceáil, teicneolaíocht idirgh-níomhach, agus Léarscáileanna Ordanáis ar líne. Tá ceantair fhorleithne staidéir agus suí ar fáil mórthimpeall na leabharlainne atá ag dul amach chuig léibheann faoin aer le céimeanna taobh thiar le haghaidh úsáid níos leithne na leabharlainne.

Tá áis caife/tae agus áit suí laistigh de leabharlann agus tá Áiléar Mór Ealaíne tiomanta amach ón gceantar foghlama ar an gcéad urlár. Tá clár de thaispeántais mhíosúla ealaíne eagraithe ag foire-ann na leabharlainne chun ligeadh do ealaíontóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a saothair a thaispeáint agus a dhíol.

Bhí an fhoireann deartha á threorú ag na h-Ailtirí Milligan, Reside, Larkin Teo agus dhein Garoon Construction Ltd. an tógáil. Cuirfidh an leabharlann nua i Móinteach Mílic seirbhís ilchultúrtha atá dírithe ar an bpobal uile ar fáil sa Mhóinteach Mílic agus seachadann sé raon leathan seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí Chomhairle Chontae mar aon le spás fáilteach do bhaill uile an phobail.

Oibreacha sa Timpeallacht/Deontais

Le linn 2010 déanadh Oibreacha Éagsúla Feabh-saithe Timpeallachta mór-thimpeall an bhaile. Bhí na h-oibreacha seo a leanas ina measc:

- Cuireadh plandaí samhraidh agus geimhridh i ngach ceann de na h-umair bhláthanna.
- Péinteáladh na potaí bláth uile le cabhair ó FÁS.
- Cuireadh toir ar bhruach na h-abhann ag Droichead an Chlochair le cabhair ó FÁS.
- Ceannaíodh ceithre cinn de bhinsí nua poiblí agus suíodh iad ag ionaid éagsúla mórthimpeall an bhaile.
- Ceannaíodh umair nua bláthanna agus suíodh iad mórthimpeall an bhaile.
- Dhein an Comhar Creidmheasa urraíocht ar bhoscaí nua bláthanna a suíodh ag Sráid an tSáirséalaigh
- Bhí railí nua ceannaithe agus curtha suas ag an droichead ag an Baile Gaelach agus ar an slí isteach in Eastáit Pattison
- Athchóiríodh an cosán idir Dhroichead an Chlochair agus Droichead Bhaile na nGael agus déanadh slán é

Ina theannta san thug Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic síntiús do Choiste Soilse na Nollag.

Soláthar Uisce Mhóinteach Mílic

Mar chuid de Scéim Fheabhsaithe 'Soláthar Uisce Phort Laoise/Mhóinteach Mílic', bhí tús le bheith curtha le sceideal na n-oibreacha breise um dheireadh Mí na Samhna, 2010 chun tobar breise a thabhairt san áireamh ag Eidhin. Feabhsóidh sé seo slándáil ó thaobh an mhéid uisce agus ó thaobh an chaighdeáin de i soláthar uisce an bhaile. Tá na doiciméid chonartha don bpríomh scéim ar tí a bheith réidh ins an dara ráithe de 2011. Tá an phríomh scéim ag céim na pleanála faoi láthair i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2012.

Uasghrádú Chóras Séarachais Mhóinteach Mílic

Cuireadh críoch le Céim a 1 de Uasghrádú Chóras Séarachais Mhóinteach Mílic go déanach sa bhliain. Tá Uasghrádú Chóras Séarachais Mhóinteach Mílic Céim a 2 mar thionscnamh níos fad-théarmaí ina bhfuil soláthar áis chóireála fuíoll uisce i gceist chun soláthar a dhéanamh do phobal dóighiúil Mhóin-teach Mílic ins an chéad 20 bliain romhainn agus ar shínidh dhóighiúla don eanga.

I gcás Chéim a 2, críochnaíodh An Réamh-Thuairisc agus An Ráiteas faoin dTionchur ar an dTimpeal-lacht (RTT) i 2009. Cuireadh an RTT chuig An Bord Pleanála i Bealtaine 2010, agus tá an Réamh-Thuairisc aighnithe don Roinn dá moladh chun dul chuig chéim na fála/tógála.

Bailte Slachtmhara

I gComórtas na mBailte Slachtmhara i mbliana d'éirigh leis an Móinteach Mílic trí phointe breise thar anuraidh a fháil – ní a bhí an-deimhneach. Ins na duaiseanna do Bhailte Slachtmhara Mhóinteach Mílic, bhí Duais Luaíochta faighte ag Cearnóg Uí Chonaill agus duais don Fhoirgneamh Poiblí is Fearr faighte ag na Oifigí Sibhialta agus an Leab-harlann.

Ionad Ealaíona an Phobail

Déanadh ath-chóiriú forleathan, i 2010, ar an CYMS, a tógadh ar dtúis i 1951. Chuir Coiste Ionad Ealaíona an Phobail, ina bhfuil ionadaithe ón bparóiste, ón gCumann Creidmheasa agus ón bpobal tús leis an bhfeachtas seo. Chuir urraíocht substaintiúil ón gCumann Creidmheasa bonn maith leis an dtionscnamh i dteannta le deontas ó

Chomhairle Chontae Laoise agus deontas ó Pháirtíocht Laoise. Dhein CNN Construction an t-athchóiriú i dteannta le Scéim Fostaíochta Pobail FÁS.

Tá 290 suíochán ina iomlán thíos staighre ins an amharclann phríomha faid is atá 136 suíochán in airde staighre san Amharclann Áiléir álainn. Osclaíodh an amharclann seo go oifigiúil ar an 21ú Bealtaine agus bhí an Cathaoirleach agus baill na Comhairle Baile i láthair. Áis an-tábhachtach don bhaile Móinteach Mílic agus dá phurláin é seo.

Liosta Tosaíochta

Dhein baill de Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic athrú ar Liosta Tosaíochta an bhaile. Dhírigh an liosta nua ar an gnéithe go gcaithfear díriú orthu sa ghearr-théarma, sa mheán-théarma agus sa bhfad-théarma i gceantar an Mhóinteach Mílic. Chomhoibrigh Bainisteoir an Bhaile, Cléireach an Bhaile, Innealtóir an Bhaile agus an uile bhall tofa le céile le linn na bliana chun na h-aidhmeanna agus na spriocanna a bhí leagtha amach a eiseachadadh.

Bród as d' Áit

Bhí an searmanas Bród as d' Áit Náisiúnta Uile Oileán ar siúl i mBaile Átha Troim i gContae na Mí agus bé An Móinteach Mílic ionadaí 'Bród as d' Áit' do Laois san gComórtas Náisiúnta. Bhronn Noel Dempsey T. D. an tAire Iompair agus Christopher Moran, Cathaoirleach Comhoibriú Éireann na duaiseanna ar na grúpaí a bhuaigh.

Mhol an tAire na grúpaí uile a ghlacann páirt agus a oibríonn gan staonadh chun bród a chruthú ina gcathracha, ina mbailte agus i sráid-bhailte agus ag leagan béim ar thábhacht an oibrí dheonaigh agus cúrsaí mar atá againn faoi láthair. Tionscnamh é Bród as d' Áit de chuid Comhoibriú Éireann go bhfuil de aidhm aige aitheantas a thabhairt do iarrachtaí daoine áitiúla bród a chruthú ina n-áit féin agus an rannpháirtíocht fhíor-thábhachtach a bhíonn ag grúpaí áitiúla san sochaí a cheiliúradh. Tá an comórtas dírithe ar dhaoine ag teacht le céile chun an uile ní atá ina ndúiche féin a mhúnlú, a uasghrádú agus taitneamh a bhaint as gach rud atá go maith ina gceantair féin.

Tháinig Coiste Crann Nollag Móinteach Mílic sa dara h-ait ina gcatagóir féin (daonra os cionn 2000) a léirigh an tionscnamh is ionúine de chuid an bhaile, atá 50 bliain d'aois, ina bhfuil crann 60 troigh ar airde, cliabhán, ga solais mar chomhartha comhoibrithe agus sprid i mbaile an Mhóinteach Mílic.

Tá tiomantas pobail thar na bearta le braith ins an tionscnamh seo ina thógáil agus ins an ullmhúchán do oíche bhliantúil 'a lasta'. Baineann an pobal buntáiste as turas Daidí na Nollag, éascaithe ag an gcoiste, a iompraíonn bréagáin dóibh san faoi 10 mbliain d'aois ón Mhóinteach Mílic, An Charraig agus ó na Cluanacha Dubha. Ní déantar dearmad orthu san atá anonn i mblianta; seachadtar breosla saor gach bliain ag an gcoiste chuig na sean-daoine san bpobal níos leithne le linn Séasúr na Nollag.

B' iad baill an choiste a ghlac an duais ar son an ghrúpa agus ina measc bhí lucht bunaithe an choiste an chéad lá, Ger Lynch agus Brian Lynch. Bhí an Leas Cathaoirleach Stephen Lynch ag déanamh ionadaíochta don Chomhairle Bhaile ag an ócáid seo.

Cruinnithe Gnó

Mar a bhí blianta eile bhí slua diamhrach ball i láthair ag cruinnithe inar ndearnadh uiríolla faoi ghnéithe tábhachtacha a bhí ina ábhar buartha acu. Ina measc siúd bhí oibreacha timpeallachta, bainistíocht tráchta, oibreacha bóthar agus deisithe cosán, comharthaíocht, soilsiú poiblí &rl. san áireamh.

Club Sóisialta

Bhí 2010 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 262 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2010.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo: Duais a h1: €50 Duais a 2: €30 Duais a 3: €20

Tráth na gCeist Boird

Rith An Cumann Sóisialta an chuid 'i dtigh' de Thráth na gCeist Bhoird i Mí Márta agus d'éirigh go geal leis. Bhí baile nua ag Trófaí an Chomórtais in Oifig Mhótarchánach ina raibh Rebecca Gillespie, Theresa Bergin, Michael O Loughlin agus Michelle Dowling mar an fhoireann rafar.

Punchestown Race Festival 2010

On Friday, 23rd April, a bus left County Hall at 1.00 pm and headed to Punchestown Races. A great afternoon/evening was had by all.

Cóisir an t-Samhraidh

Bhí Cóisir an tSamhraidh ar siúl in Áras an Chontae ar an 17ú Meitheamh, le Eunice agus a foireann ag ullmhú agus ag friotháil an bhia, a bhí den gcéad scoth, mar is gnáth. Lá breá brothallach gréine ab ea é agus fuair an coiste troscán don áit amuigh ar cíos don ócáid. Bhí slua ollmhór ann agus d'fhanadar go déanach san ard-tráthnóna.

Cóisir an Gheimhridh

Ar an Déardaoin, 21ú Deireadh Fómhair bé An Square Bar an t-ionad do Chóisir an Gheimhridh. Bhí bia te á fhriotháil ag Eunice agus ag a foireann agus fuair gach ball dearbhán dí chun tús a chur le cúrsaí. Bhí slua mór i láthair agus bhí tráthnóna deas airneáin agus cur trí chéile ag gach aoinne.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle.

Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín ina dhiaidh.

Cóisir Nollag na Leanaí

Reáchtáladh Cóisir na Nollag do Leanaí ar 11ú Nollaig sa cheaintín. Bhí siamsaíócht iontach ar fáil, go háirithe an taispeántas puipéid Santa ar mesmerized na leanaí! Tháinig Santa agus ceann dena síogaí ar an Inneall Dóiteáin, buíochas le John Ging. Buíochas le cách ar cuidigh linn lá iontach a dhéanamh.

Cóisir na Nollag

Bhí Coisir na Nollag Bhliantúil ar siúl ar an 17ú Nollaig i d-Tigh Ósta na h- Oidhreachta, Port Laoise, le ceol agus dioscó na hoíche soláthraithe ag 'Epic' agus DJ Brochan. Díoladh amach na ticéid don chóisir le 125 ticéad díolta.

An Cumann Gailf

Bhí Ger O'Mahony mar chaptaen ar an gcumann Gailf i 2010. Bhí a lá mar Chaptaen ar siúl i Cumann Gailf Chúl a' tSúdaire i Mí Iúil agus bhí lá thar na bearta ag gach aoinne. Bhuaigh Barry Larkin Duais an Chaptaein. Bhuaigh Pat Keogh Corn an Chinnéidigh ag lá amach na foirne ag Cumann Galf an Tulaigh Mhóir. Buaigh Larry Dunne Golfer na Bliana. Tá Pat Farrell ar a shlí isteach mar chaptaen do 2011.

Tá Peter Scully agus Joan Dowling ár gCisteoir Oinigh agus ár Rúnaí Oinigh le blianta fada, dílse taobh thiar díobh, tar éis éirí as. Ba mhaith leis an gcoiste nua atá ag teacht isteach do 2011 a mbuíochas a ghabháil leo ar son na h-oibre iontach atá déanta acu don gcumann le linn na mblianta.

Teideal, aidhm agus líon na mball de gach Coiste agus Chomh-Choiste agus líon na gcruinnithe a bhí ag gach Coiste, Chomh-Choiste agus Chomh- Choiste Maoirseachta ar siúl le linn 2010.

Bhí na baill seo a leanas tofa ar na Coistí/Corparáideacha Eachtracha imlínithe thíos ag Cruinniú Cinn-Bhliana Chomhairle Chontae Laoise a bhí ar siúl ag an 19ú Meitheamh, 2009.

COISTÍ

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Rural Water Monitoring Committee	Councillor Ben Brennan Councillor John Bonham Councillor Tom Mulhall	3
Local Traveller Accommodation Consultative Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Brian Stanley Councillor Pat Bowe Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney Councillor Kathleen O' Brien Councillor Paul Mitchell Councillor John King	1
Kyletelisha Landfill Monitoring Committee	Councillor Patrick Bracken Councillor James Daly Councillor Martin Phelan	1
Laois School of Music Steering Committee	Councillor Mary Sweeney	3
Audit Committee	Councillor John Bonham Councillor Jerry Lodge	4
Joint Policing Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Seamus McDonald Councillor Brendan Phelan Councillor Patrick Bracken Councillor Ray Cribbin Councillor James Deegan Councillor Tom Mulhall Councillor Michael Lalor Councillor Mary Sweeney Councillor David Goodwin Councillor Paul Mitchell Councillor John King Councillor James Daly Councillor Ben Brennan	5
Placenames Committee	Councillor Ben Brennan Councillor Ray Cribbin Councillor John Bonham Councillor Kathleen O' Brien Councillor David Goodwin	0

Corparáideacha Eachtracha

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Barrow Drainage Board	Councillor Pat Bowe, Councillor David Goodwin

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
River Goul Drainage Committee	Councillor Brendan Phelan, Councillor Martin Phelan Councillor John King
Dungar Joint Burial Board	Councillor Brendan Phelan, Councillor Seamus McDonald, Councillor Michael Lalor, Councillor John King
Portarlington Joint Burial Board	Councillor Ray Cribbin, Councillor Patrick Bracken Councillor Brian Stanley, Councillor Tom Mulhall Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Association of County & City Councils	Councillor Seamus McDonald Councillor David Goodwin Councillor Martin Phelan
Regional Board of Failte Ireland (East & Midlands)	Councillor Martin Phelan
Midland Regional Authority	Councillor Catherine Fitzgerald, Councillor Brendan Phelan Councillor James Deegan, Councillor Martin Phelan Councillor James Daly, Councillor John Bonham
E.U. Operational Committee	Councillor James Daly, Councillor John Bonham
B.M.W. Regional Assembly	Councillor James Deegan, Councillor James Daly
Laois Arts Theatre Company Ltd	Councillor Rotimi Adebari Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Abbeyleix Heritage Trust	Councillor John Bonham
Local Authority Members Association	Councillor Michael Lalor
Laois County Enterprise Board	Councillor Pat Bowe, Councillor Tom Mulhall Councillor James Daly, Councillor William Aird
Laois Transport for Rural Integration Programme	Councillor Michael Lalor
South East River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor John King
Shannon River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor Martin Phelan
Anti-Poverty Strategy Steering Group	Councillor Rotimi Adebari, Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Portarlington Leisure Centre	Councillor Ray Cribbin, Councillor Paul Mitchell Councillor Tom Mulhall
Portlaoise Leisure Centre	Councillor Brian Stanley, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portlaoise Enterprise Centre	Councillor Jerry Lodge, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portarlington Enterprise Centre	Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Midlands Energy Agency	Councillor John Bonham

Aguisín I

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Homeless Forum	Councillor Mary Sweeney, Councillor Kathleen O' Brien
Laois County Development Board	Councillor James Daly, Councillor John Moran Councillor Michael Lalor, Councillor Martin Phelan Councillor John Joe Fennelly
Dublin Mid-Leinster Regional Health Forum	Councillor Ben Brennan, Councillor Kathleen O' Brien Councillor William Aird
Laois Advocacy Against Domestic Abuse Limited	Councillor Mary Sweeney
Midland Regional Drugs Task Force	Councillor William Aird
LABEL	Councillor Paul Mitchell
Laois VEC	Councillor Brian Stanley, Councillor Rotimi Adebari, Councillor Pat Bowe, Councillor Mary Sweeney, Councillor Paul Mitchell, Councillor John Bonham, Councillor William Aird, Councillor John King, Councillor Kathleen O' Brien
Laois Partnership	Councillor Pat Bowe, Councillor Tom Mulhall, Councillor Michael Lalor
Portlaoise Community Action Project	Councillor Jerry Lodge, Councillor Mary Sweeney, Councillor Brian Stanley
Management Company for New Community Centre at Knockmay	Councillor Kathleen O' Brien
Laois Tourism	Councillor John Bonham

Coistí Inmheánacha

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Heritage Forum	Councillor Martin Phelan

Aguisín II

ÍOCAÍOCHTAÍ DO BHAILL 2010

Liúntas Míosúil	€116,566.92
Liúntas Comhdhála	€84,095.69
Liúntas Teileafóin	€1,866.05
Liúntas Ionadaíochta	€476,601.00
Liúntas CAS	€24,000.00

www.laois.ie

E-Mail: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Portlaoise	Tel: (057) 8664000
Accounts Payable, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664063
Arts Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674342
Cash Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674308
Central Area Office, Mountrath Road, Portlaoise	Tel: (057) 8664168
Civil Defence HQ, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664000
County Development Board, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674338
Driving Licences, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Environment, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674322
Graiguecullen Area Office, Sleaty Road, Graiguecullen	Tel: (059) 9165960
Higher Education Grants, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664137
Housing, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Human Resources, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664219
Landfill Site, Kyletalesha, Portlaoise	Tel: (057) 8620653
Library Headquarters, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674315
Motor Tax Office, Block 2, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664009
National Roads Project Office, Clonboyne, Portlaoise	Tel: (057) 8664850
Planning, Block 1, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664039
Portarlington Area Office, 1 Park Lane, Portarlington	Tel: (057) 8636533
Register of Electors, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664105
Roads, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664142
Sports & Leisure, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664007
Water Charges, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664119
Water Services, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664120
Western Area, The Old Barracks, The Square, Rathdowney	Tel: (0505) 48360